



Curaclam na
Bunscoile

Primary School
Curriculum

Gaeilge

Teanga

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

Comhairleoir deartha:	Páirtíocht Bradley McGurk
Arna dhearadh ag:	The Identity Business
Arna chur i gcló ag:	Spectrum Print Management
Arna chlóbhualadh ag:	Mozzon Giuntina - Florence agus Officine Grafiche De Agostini - Novara



Gaeilge

Teanga

Curaclam

Clár

Réamhrá

Gaeilge	2
Curaclam na Gaeilge	2
Aidhmeanna	14
Cuspóirí ginearálta	14

Na scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga

Foramharc ar na feidhmeanna teanga	18
Liosta feidhmeanna teanga	20

Ranganna naíonán

Foramharc	29
Pleanáil	30
Ábhar	32

Ranganna 1 agus 2

Foramharc	37
Pleanáil	38
Ábhar	40

Ranganna 3 agus 4

Foramharc	49
Pleanáil	50
Ábhar	52

Ranganna 5 agus 6

Foramharc	63
Pleanáil	64
Ábhar	66

	Na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge	
	Foramharc ar na feidhmeanna teanga	78
	Liosta feidhmeanna teanga	80
	Ranganna naíonán	
	Foramharc	87
	Pleanáil	88
	Ábhar	90
	Ranganna 1 agus 2	
	Foramharc	99
	Pleanáil	100
	Ábhar	102
	Ranganna 3 agus 4	
	Foramharc	113
	Pleanáil	114
	Ábhar	116
	Ranganna 5 agus 6	
	Foramharc	127
	Pleanáil	128
	Ábhar	130
	Measúnú	
	Measúnú	142
	Aguisín	
	Gluais	154
	Ballraíocht an Choiste Curaclaim Ghaeilge	158
	Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta	159

Réamhrá

Gaeilge

Teanga bheo chumarsáide í an Ghaeilge. Is cuid dár n-oidhreacht í agus is í an ghné is sainiúla den chultúr Gaelach í. Cuireann foghlaim na Gaeilge ar chumas an pháiste teagmháil níos dlúithe a dhéanamh leis an gcultúr sin. Is í an Ghaeilge teanga náisiúnta na hÉireann agus tá stádas bunreachtúil aici.

Curaclam na Gaeilge

Is ar úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga bheo chumarsáide a leagtar béim sa churaclam seo. Cuireann foghlaim na Gaeilge le cumas cumarsáide an pháiste i gcoitinne agus forbraíonn sí a scileanna cumarsáide i dteanga bhreise. Cothaíonn sé sin féinmheas agus muinín sa pháiste agus cuirtear le forás cognaíoch, mothúchánach agus samhlaíoch an fhoghlaimeora. Chomh maith leis sin cuireann foghlaim na Gaeilge ar chumas an pháiste eolas a chur ar chultúr, ar litríocht, ar sheanchas agus ar amhránaíocht na tíre.

Féachann an curaclam le freastal a dhéanamh ar pháistí uile na tíre trí aitheantas a thabhairt don éagsúlacht timpeallachta atá acu. Cuireann sé san áireamh freisin cúinsí ar leith an pháiste aonair agus nach ionann an éirim ó thaobh foghlaim teanga de atá ag páistí éagsúla. Ba chóir go mbeadh taitneamh le baint as an ábhar foghlama chun go spreagfaí na páistí chun an Ghaeilge a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide agus chun go mbeadh dearcadh dearfach acu ina leith.

Tá an curaclam bunaithe ar chur chuige cumarsáideach. Tá an phríomhbhéim ar an gcumarsáid san ábhar teagaisc agus foghlama agus i modhanna múinte na gceachtanna Gaeilge. Is iad móraidhmeanna an chur chuige seo ná go mbeadh an páiste in ann úsáid a bhaint as an teanga chun cuspóirí cumarsáide a bhaint amach agus go mbeadh deiseanna aige/aici an Ghaeilge atá á foghlaim a úsáid go rialta i ngnáthchaint an lae. Tá an curaclam páistelárnach, ag díriú ar ghánna an pháiste agus ar a f(h)orbairt iomlán; beidh an teanga ag leibhéal an pháiste agus taitneamhach dó/di. Tá sé tábhachtach go mbeadh an páiste gníomhach sa cheacht Gaeilge, is é sin gníomhaíochtaí teanga a bheith ar siúl, tascanna le déanamh agus fadhbanna le réiteach trí Ghaeilge. Faoin múinteoir a bheidh sé comhthéacsanna réalaíocha a chruthú i suíomh an tseomra ranga agus na scoile chun fíorchumarsáid a chur ar siúl.

Déanann an curaclam seo freastal ar na cineálacha difriúla scoileanna atá ann. Tugtar aitheantas do scoileanna na Gaeltachta agus do na scoileanna lán-Ghaeilge; is í an Ghaeilge gnáth-theanga chumarsáide na scoileanna sin agus teanga theagaisc na n-ábhar go léir seachas Béarla. Aithnítear na scoileanna ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga (scoileanna T2); is é an Béarla an teanga theagaisc ar an iomlán i scoileanna T2 ach múintear gnéithe eile den churaclam trí mheán na Gaeilge uaireanta. Moltar an Ghaeilge a úsáid mar mheán cumarsáide go neamhfhoirmiúil i gcomhthéacs an tseomra ranga agus na scoile de réir mar a oireann.

Leagan amach agus struchtúr an churaclaim

Tá an curaclam Gaeilge roinnte ina dhá chuid: an chéad chuid do scoileanna T2 agus an dara cuid do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tá an t-ábhar teagaisc agus foghlama roinnte ar cheithre rang-ghrúpa: ranganna na naíonán, ranganna 1 agus 2, ranganna 3 agus 4 agus ranganna 5 agus 6. Tugtar foramharc ar an ábhar teagaisc agus foghlama i léaráid ag tús cláir gach rang-ghrúpa. Tá leathanach pleanála ina dhiaidh sin a chabhróidh leis an múinteoir na gnéithe éagsúla den ábhar teagaisc agus foghlama a shníomh le chéile.

Aithnítear nach bhfuil na scoileanna go léir sna haicmí éagsúla thuas mar a chéile ó thaobh teanga de. Níl sé i gceist go gcuirfí teorainn ar bith le forbairt na teanga i scoileanna T2 má tá na tosca oiriúnacha ann chun an caighdeán is airde a bhaint amach. Ar an taobh eile, tharlódh nach bhféadfaí gach cuspóir atá molta a bhaint amach i ngach scoil Gaeltachta agus lán-Ghaeilge i ngeall ar chúlra teanga na bpáistí.

Snáitheanna an churaclaim

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge eagrúithe faoi cheithre shnáithe:

- *Éisteacht*
- *Labhairt*
- *Léitheoireacht*
- *Scribhneoireacht.*

Tá na snáitheanna sin scartha óna chéile sa churaclam ach beidh siad comhtháite chomh minic agus is féidir sa cheacht Gaeilge. Tá gach snáithe acu roinnte ina shnáithaonaid. Roinntear an t-ábhar teagaisc

agus foghlama ar na snáithaonaid agus tugtar eispéiris foghlama lenar féidir cuspóirí an ábhair sin a bhaint amach. Tá grádú déanta ar ábhar teagaisc agus foghlama na snáitheanna ó rang go rang agus do na cineálacha difriúla scoileanna.

Éisteacht

Níl aon cheist faoi thábhacht na héisteachta i sealbhú teanga. Mar gheall air sin is tréimhse an-tábhachtach iad na blianta tosaigh a chaitheann an páiste óg ag éisteacht lena t(h)uismitheoirí agus le daoine eile ag caint sa bhaile. Is é seo an chaoi a bhfoghlaímíonn an páiste Gaeilge sna teaghlaigh ina labhraítear mar ghnáth-theanga í.

Éisteacht neamhfhoirmiúil gan dualgas í seo, agus is cóir feidhm a bhaint as an bpróiseas céanna chun an Ghaeilge a shealbhú i scoileanna T2. Cloiseann an páiste cuid mhaith cainte go neamhfhoirmiúil i rith an lae—i gcaidreamh sóisialta leis an múinteoir agus i dteanga bhainisteoireachta an ranga. Éisteann an páiste leis an nGaeilge mar theanga theagaisc sa cheacht Gaeilge agus le treoracha an mhúinteora chun tascanna a dhéanamh. Tuigeann sé/sí brí na cainte sin ón gcomhthéacs, ó gheáitsí, ó thuin chainte agus ó bhealaí eile mínithe a úsáideann an múinteoir.

Is féidir cluas an pháiste a oiliúint trí éisteacht go foirmiúil i rith ceachta ina ndírítear go háirithe ar scil na héisteachta. Cruthaíonn an múinteoir suímh agus comhthéacsanna ina léireoidh an páiste a t(h)uiscint ar bhrí na cainte trí idirghníomhaíocht. Is é sin an bhrí atá le héisteacht i gcomhthéacs na cumarsáide—go dtuigeann an páiste agus go léiríonn sé/sí an tuiscint sin. Éisteann an páiste freisin leis an múinteoir ag insint scéalta agus ag aithris rann nó dánta. Baineann an múinteoir úsáid as ábhar taifeadta chomh maith, mar shampla amhráin, míreanna ón raidió, nuacht agus aimsir. Cé go bhfuil béim ar an éisteacht sa snáithe seo tiocfaidh na snáitheanna eile, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*, i gceist freisin, agus comhtháthaítear iad ar bhealaí éagsúla sna tascanna a bheidh le déanamh.

Labhairt

Tá béim an-láidir á cur ar labhairt na Gaeilge sa churaclam. Mar sin, is é an cumas cumarsáide an sprioc is tábhachtaí atá le baint amach ag an bpáiste. Is fearr a fhoghlaimíonn an páiste an Ghaeilge má bhíonn taitneamh le baint aisti agus dearcadh dearfach á chothú. Nuair a bhíonn an t-ábhar foghlama speisialta bíonn fonn ar an bpáiste an Ghaeilge a

fhoghlaim. Déanfar na snáitheanna eile a chomhtháthú le labhairt i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna a mbeidh cuspóir cinnte acu. Beidh leibhéal chumais dhifriúla i gceist sna rang-ghrúpaí éagsúla agus sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus i scoileanna T2.

Laistigh den seomra ranga beidh na páistí á mealladh chun an Ghaeilge a labhairt agus chun taitneamh a bhaint as an gceacht Gaeilge, trí chluichí teanga, rólghlacadh i suímh shamhlaíocha, agus i ndrámáíocht. I scoileanna T2 ba chóir go mbeadh deis ag na páistí labhairt go simplí faoi na topaicí a bhfuil spéis acu féin iontu, labhairt fúthu féin agus faoina dteaghlaigh agus faoina gcairde. Beidh deis acu iad féin a chur in iúl agus a dtuairimí a nochtadh, agus cuirfear ar a gcumas cabhair a lorg nuair nach bhfuil an focal nó an frása ceart acu.

I scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge beidh fíorchumarsáid i nGaeilge ar siúl sna ceachtanna go léir seachas an Béarla. Beidh seans ag an bpáiste plé agus díospóireacht a dhéanamh, páirt a ghlacadh in agallaimh bheirte, agus seiftiú a dhéanamh. Beidh sé ar chumas an pháiste tús a chur le comhrá faoi ábhair a bhaineann lena s(h)aol agus an comhrá sin a choimeád ar siúl. Tabharfar deis dó/di an Ghaeilge a labhairt le daoine i dteaghlaigh áirithe agus i suímh dhifriúla taobh amuigh den scoil, go háirithe má tá cónaí ar an bpáiste sa Ghaeltacht.

Léitheoireacht

Faigheann an páiste léargas eile ar an saol trí mheán na léitheoireachta, agus is cuid an-tábhachtach den eispéaras foghlama í. Is scil ghabhchumais í an léitheoireacht a úsáidimid ní hamháin chun eolas a fháil ach ar son an phléisiúir agus an taitnimh freisin. Is foinse luachmhar teanga í don Ghaeilgeoir dúchais agus don fhoghlaimeoir araon.

Cé gur scil ghabhchumais í an léitheoireacht go bunúsach, ní hionann sin agus a rá nach mbíonn an páiste gníomhach sa phróiseas. Bíonn sé/sí i ngleic leis an téacs ag iarraidh brí a bhaint as, agus é/í i mbun léitheoireachta.

Déantar forbairt chórasach ar scileanna na réamhléitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ag tosú i ranganna na naíonán. Ar na scileanna sin tá treoshuíomh clé-deas, aithint patrún, agus meaitseáil focal agus pictiúr. Moltar gan tosú ar léitheoireacht fhoirmiúil sa dá theanga ag an am céanna i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ba cheart i gcónaí fanacht go mbíonn an páiste réidh don léitheoireacht agus bunús maith faoina c(h)umas cainte. Sa tréimhse

ullmhúcháin treiseofar scileanna labhartha an pháiste. Éistfidh an páiste leis an múinteoir ag léamh os ard as leabhair oiriúnacha thaitneamhacha, agus ar an mbealach sin cothófar dúil sa léitheoireacht ann/inti. Is féidir leabhair scéalaíochta agus téacsanna simplí Gaeilge, mar shampla lipéid aitheantais, a bheith ar taispeáint sa seomra ranga. De ghnáth ní thosófar ar léitheoireacht na Gaeilge go foirmiúil roimh rang 2 i scoileanna T2. Faoin am sin beidh bunús maith ag an bpáiste i léitheoireacht an Bhéarla agus b'fhéidir go dtarlódh méid áirithe den traschur scileanna.

Cuirtear béim sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ó thosach agus i scoileanna T2 ó na meánranganna ar aghaidh ar scileanna léitheoireachta níos airde. Ina measc sin tá cineál an téacs a aithint (cárta Nollag, iris, dán), brí a bhaint as téacs, teachtaireacht nó eolas a fháil uaidh, agus focail nua a thomhas ón gcomhthéacs nó ón gcomhréir. Bíonn scileanna breise i gceist freisin, mar shampla réamhinsint ón teideal nó ón bpictiúr ar an gclúdach, comparáid idir an réamhinsint agus an scéal féin, agus dul sa seans chun scéal a chríochnú. Tá sé i gceist an *Léitheoireacht* a fhí isteach agus a chomhtháthú leis na snáitheanna eile.

Scríbhneoireacht

Is tríd an scríbhneoireacht a bhreacaimid síos ár gcuid smaointe i riocht buan, a dhéanaimid forbairt agus soiléiriú orthu, a roinnimid iad le daoine eile chun eolas a thabhairt dóibh, agus chun mothúcháin a spreagadh iontu. Ba chóir go mbeadh an páiste ag giniúint teanga agus ag déanamh cumarsáide le léitheoir fíor nó samhalta nuair a bhíonn sé/sí ag scríobh agus go mbunófaí scríbhneoireacht an pháiste ar a c(h)uid eispéireas.

Go hiondúil bíonn cleachtaí réamhscríbhneoireachta agus peannaireachta ar siúl ón tús sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge: scrábadh agus patrúin á gcríochnú, treoshuíomh clé-deas á chleachtadh i ngaineamh agus ar pháipéar, dathú agus tarraingt. I ngach cineál scoile beidh deis ag na páistí tabhairt faoi chleachtaí scríbhneoireachta Gaeilge: peannaireacht, cóipeáil agus forlónadh abairtí nó ailt. Beidh béim ar nótaí, ar theachtaireachtaí agus ar ailt ghairide a scríobh agus ar dhialann a choimeád. Beidh idirdhealú á dhéanamh idir théacsanna difriúla: tuairisc, cur síos, scríbhneoireacht fheidhmiúil agus scríbhneoireacht chruthaitheach. Tosófar ar an scríbhneoireacht Ghaeilge i rang 2 i scoileanna T2.

Aithnítear gur próiseas í an scríbhneoireacht a dtagann forás air de réir a chéile le cleachtadh faoi stiúir. Cabhraíonn an múinteoir leis an bpáiste cuma níos fearr a chur ar a c(h)uid scríbhneoireachta. Má dhéanann an páiste athdhréachtú beidh sé/sí níos sásta lena c(h)uid iarrachtaí ansin. Tarlaíonn comhtháthú leis na snáitheanna eile sa réamhobair, i nginiúint na smaointe agus in athdhréachtú an ábhair.

Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide


Is féidir teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid i múineadh agus i bhfoghlaim na Gaeilge. Tá cleachtadh ag páistí ar an ríomhaire agus is féidir leo an áis seo a úsáid chun cluichí a imirt nó chun teacht ar eolas, graificí nó léarscáileanna trí scimeáil ar an idirlíon agus an t-eolas a thraschur agus a úsáid i bhfoghlaim na Gaeilge. Tá gréasáin Ghaeilge ar féidir le páistí eolas a fháil uathu, agus d'fhéadfaí ceangal a dhéanamh le léitheoireacht fheidhmiúil na Gaeilge chomh maith le cur le heolas an pháiste. Is féidir éisteacht le múinteoir Gaeilge sa seomra ranga fíorúil agus glórtha difriúla a chloisteáil trí úsáid na teicneolaíochta sin.

Is saoráid fhiúntach é an ríomhaire pearsanta i bpróiseas na scríbhneoireachta. Is féidir é a úsáid mar áis chun píosa scríbhneoireachta a chur in eagar agus a leagan amach go slachtmhar. Chomh maith leis sin is féidir feasacht teanga agus eolas ar chultúir eile a leathnú trí scríobh chuig páistí i scoileanna na hEorpa nó i dtíortha eile má bhíonn ríomhphost le fáil sa scoil.

Cur chuige cumarsáideach

Sa churaclam seo tá an bhéim ar an gcumarsáid. Tá cumarsáid i gceist sna ceithre shnáithe, san ábhar teagaisc agus foghlama agus sna modhanna múinte a úsáidfear. Bíonn an múinteoir ag súil le forbairt ar chontanam cumarsáide ó thréimhse réamhchumarsáide go tréimhse cumarsáide go tréimhse iarchumarsáide.

Ar dtús sa tréimhse réamhchumarsáide leagtar an bhéim ar fhoghlaim foclóra agus gramadaí, ar athrá ceisteanna nó cluichí struchtúrtha. Ansin, sa tréimhse cumarsáide bíonn béim ar chomhrá, ar chluichí teanga, ar sheiftiú agus ar úsáid na teanga i rólghlacadh. Sa tréimhse iarchumarsáide téitear siar ar ábhar an cheachta, déantar anailís ar an teanga, agus féachtar leis an eolas a thraschur go tascanna nó go cluichí eile. Is próiseas ciorclach é leanúnachas na dtréimhsí cumarsáide, agus is féidir ceacht a thosú le ceann ar bith acu. Tuigtear gurb é an rud is tábhachtaí ná na páistí a chur ag caint agus ag déanamh cumarsáide chomh luath agus chomh minic agus is féidir.



Is iad na gnéithe is suntasaí de chur chuige cumarsáideach ná:

- díriú ar ghánna an pháiste, is é sin na rudaí ba mhaith leis/léi a rá agus an méid den teanga a bhfuil gá leis a roghnú chun é sin a dhéanamh

- an t-ábhar teagaisc agus foghlama a bheith páistelárnach agus taitneamhach, is é sin go mbeadh dlúthbhaint ag na téamaí, na topaicí agus an teanga le saol an pháiste
- comhthéacsanna réalaíocha a úsáid, is é sin go n-úsáidfeadh an páiste an Ghaeilge i suíomh an tseomra ranga agus na scoile
- an páiste a bheith gníomhach san fhoghlaim, tascanna á ndéanamh agus cuspóir cinnte a bheith ag an gceacht
- ionchur a fháil ó stór focal, ó struchtúir ghramadaí agus ó agallaimh réamhullmhaithe mar ullmhúchán don tsaoirse cainte a bheidh ag an bpáiste sa tasc
- feidhmeanna teanga a chomhlíonadh, mar shampla slán a fhágáil, ceist a chur ar dhuine, freagra a thabhairt, mianta agus mothúcháin a léiriú
- bearna eolais a bheith le líonadh, mar shampla páiste ag críochnú pictiúir ó threoracha páiste eile a bhfuil eolas níos iomláine aige/aici
- an bhéim a bheith ar úsáid chuí na teanga, is é sin go mbeadh tuiscint éigin ag an bpáiste go mbíonn úsáid na teanga ag brath ar a ról féin agus ar rólanna na ndaoine eile sa chomhrá
- cumarsáid a bheith mar sprioc le gach ceacht Gaeilge agus na ceithre scil teanga, éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht, a bheith comhtháite lena chéile a oiread agus is féidir
- rogha éigin a bheith ag an bpáiste faoin ábhar foghlama
- glacadh le hearráidí mar chuid den phróiseas foghlama agus an páiste a spreagadh chun dul sa seans go minic.

Na feidhmeanna teanga

Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla mian a chur in iúl, rud a iarraidh, cuireadh a thabhairt, cead a lorg nó easpa taitnimh a léiriú. Is féidir feidhm amháin—easpa taitnimh a léiriú—a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as eiseamláirí difriúla teanga: mar shampla, ‘*Ní maith liom borgairí!*’ nó ‘*Is fuath liom borgairí!*’ nó ‘*Tá an ghráin agam ar bhorgairí!*’ Bíonn níos mó ná feidhm amháin i gceist go hiondúil in aon chomhrá Gaeilge. Mar shampla, tá feidhm faoi leith i gceist chun tús a chur le comhrá, ansin feidhm eile chun ceist a chur, agus ceann eile chun tuairim a léiriú nó deireadh a chur le comhrá san aon idirghníomhaíocht amháin.

Tagann athrú ar na heiseamláirí a úsáidtear i gcomhlíonadh na feidhme, ag brath ar chuspóir agus ar ról an chainteora agus ar an suíomh ina bhfuil sé/sí. Beannaíonn páiste le ‘Haigh’ nó ‘Haló’ le cara ach deir sé/sí ‘Dia duit!’ le duine fásta. Is féidir leis an bpáiste na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh i suímh fhírinneacha dhifriúla sa Ghaeltacht, i dteaghlaigh Ghaelacha agus sa scoil. Is féidir iad a chomhlíonadh freisin i suímh insamhlaithe, cuir i gcás i rólghlacadh agus i ndrámáíocht.

Beidh na feidhmeanna teanga i gceist i ngach snáithe den churaclam: *Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Rangaítear iad i sé chatagóir feidhmeanna:

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Dul i gcion ar dhuine
- Struchtúr a chur ar chomhrá
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá.

Tá na sé chatagóir feidhmeanna sin roinnte ina mionfheidhmeanna. Tugtar eiseamláirí de na mionfheidhmeanna seo do scoileanna T2 i dtábla ar leathanaigh 20–26. Ní féidir ach treoir an-ghinearálta a thabhairt faoi líon agus faoi ghrádú na n-eiseamláirí a bheidh le húsáid ag na páistí, agus tá sé seo déanta do scoileanna T2. Tá liosta eile eiseamláirí do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar leathanaigh 80–84. Beidh gá ag an bpáiste sna scoileanna sin leis an raon iomlán feidhmeanna atá roghnaithe.

Na téamaí

Tá deich gcinn de théamaí atá spéisiúil don pháiste liostaithe sa churaclam: mé féin, sa bhaile, an scoil, bia, an teilifís, siopadóireacht, caitheamh aimsire, éadaí, an aimsir agus ócáidí speisialta. Tá baint ag na téamaí go léir le saol an pháiste agus leis na daoine a ndéanann sé/sí teagmháil leo go laethúil. Cruthaíonn na téamaí comhthéacs do mhúineadh eiseamláirí de na feidhmeanna teanga sa cheacht Gaeilge. Ní miste don mhúinteoir go leor topaicí a roghnú as na téamaí. Is féidir leis an múinteoir na topaicí seo a leathnú chun ábhar atá spéisiúil don pháiste a chur san áireamh freisin.

Ábhar teagaisc agus foghlama

Baintear úsáid as na gníomhaíochtaí san ábhar teagaisc agus foghlama chun eiseamláirí de na feidhmeanna teanga a mhúineadh i gcomhthéacs na dtéamaí. Mar shampla, sa téama ‘an scoil’ beidh deis ag an bpáiste ‘soiléiriú a lorg’ trí ‘cheist a chur’ leis an eiseamláir ‘*Cad é an focal Gaeilge ar ...?*’ Tá tascanna agus gníomhaíochtaí foghlama liostaithe faoi na ceithre shnáithe do gach rang-ghrúpa.

Modheolaíocht

Ní modh múinte atá i gceist le cur chuige cumarsáideach, ach chun cumarsáid a chur i ngníomh go héifeachtach, caithfear réimse modhanna múinte a úsáid. Is féidir leis an múinteoir na modhanna a fheileann do na gnéithe difriúla den chur chuige dar leis/léi a roghnú. Pé ar bith cén modh a úsáideann an múinteoir tá sé intuigthe gurb í an Ghaeilge teanga theagaisc an cheachta Ghaeilge.

Gaeilge neamhfhoirmiúil

Moltar an Ghaeilge a úsáid go feidhmiúil i rith an lae taobh amuigh den cheacht Gaeilge. Is féidir an Ghaeilge a úsáid sa scoil agus sa seomra ranga mar theanga chaidrimh agus mar theanga bhainisteoireachta. Seo í an teanga a úsáideann an múinteoir agus an páiste chun teachtaireacht a thabhairt, ceist a chur, eolas nó cabhair a lorg agus mothúchán a léiriú. Úsáidtear í freisin chun gnáthriachtanais chumarsáide agus shóisialta a chomhlíonadh—beannú, slán a fhágáil, leithscéal a ghabháil, soiléiriú a lorg agus míniú a thabhairt. Ar an mbealach seo is féidir leis an bpáiste cuid mhaith Gaeilge a shealbhú i rith an lae trí éisteacht leis an múinteoir. Chomh maith leis sin beidh seans aige/aici an teanga a úsáideann sé/sí chun na feidhmeanna a chomhlíonadh sa cheacht foirmiúil Gaeilge a chleachtadh go neamhfhoirmiúil sa chaint.

An Ghaeilge i ngnéithe eile an churaclaim

Bealach eile leis an nGaeilge a shealbhú agus a fhoghlaim ná í a úsáid i múineadh ábhar eile an churaclaim. Tá sé seo ar siúl ar an mórchoir sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Moltar do scoileanna T2 an Ghaeilge a úsáid i snáitheanna áirithe d’ábhair eile, mar shampla corpoideachas, ceol agus na hamharcealaíona agus ábhair eile a roghnódh an scoil. Tugtar smaointe ag bun gach snáithe sa churaclam Gaeilge i gcomhair comhtháthú na n-ábhar eile le múineadh na Gaeilge.

Feasacht teanga

Is é is brí le feasacht teanga ná aire agus tuiscint an pháiste a dhíriú ar an nGaeilge, ar phatrúin éagsúla laistigh den Ghaeilge féin, agus ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí atá idir an Ghaeilge agus an Béarla agus idir an Ghaeilge agus teangacha eile.

Ba chóir géarchúis an pháiste a dhúiseacht i leith na teanga ina t(h)impeallacht. Is féidir suim a chothú i sloinnte agus i logainmneacha agus ina mbrí. Aithneoidh an páiste focail Ghaeilge i mBéarla na hÉireann agus i dtíortha eile (galore, colleen, clan). Tabharfaidh siad suntas do phatrúin áirithe ag deireadh focal Gaeilge, mar shampla san aimsir fháistineach agus san uimhir iolra. Chomh maith leis sin tá mórdhifríochtaí comhréire idir an Béarla agus an Ghaeilge le tabhairt faoi deara, mar shampla go dtosaíonn an abairt shimplí Ghaeilge le briathar agus an abairt shimplí Bhéarla le hainmfhocal.

Sa bhreis air sin is féidir an páiste a threorú chun smaoinemh níos doimhne a dhéanamh ar an nGaeilge mar a labhraítear í sa Ghaeltacht. Is féidir díriú freisin ar fhocail iasachta ó theangacha eile agus ar na hathruithe a thagann orthu sa Ghaeilge. Níor mhiste díriú ar sheanfocail agus ar shamhlacha chomh maith.

Is cuid den fheasacht teanga é eolas a chur ar ghramadach na Gaeilge, agus is cóir comhthéacsanna oiriúnacha a chruthú d'úsáid na gramadaí. Tugann cluichí teanga comhthéacs d'úsáid na teanga, agus is cluichí gramadaí iad cuid de na cluichí atá á moladh sa churaclam seo. Cé go mbíonn an cruinneas mar sprioc i gcónaí ní cóir go mbeadh síorcheartú botún ar siúl ach go nglacfaí go foighdeach le hearráidí an pháiste agus é/í ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh.

Feasacht cultúir

Tá sé tábhachtach go bhfaigheadh an páiste tuiscint ar ghnéithe d'fheasacht chultúr na hÉireann, is é sin eolas ar oidhreacht na hÉireann (nádúrtha agus tógtha), ar chluichí Gaelacha, ar cheol, ar rincí agus ar an traidisiún béil agus scríofa. Cuirfear san áireamh cultúr na tíre nach mbaineann go díreach leis an nGaeilge, cultúr páistí áirithe atá ag freastal ar an mbunscoil in Éirinn faoi láthair, agus cultúr cuid de thíortha na hEorpa chomh maith.

Is féidir an obair seo a dhéanamh ar bhonn níos leithne sa Ghaeltacht. Tá tábhacht ag baint leis an traidisiún béil, agus ba chóir do pháistí scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge eolas éigin a chur ar nósanna agus ar phiseoga, ar sheanamhráin agus amhráin nuachumtha, ar lúibíní, ar rainn thraidisiúnta, ar dhánta, agallaimh bheirte agus scéalta dúchasacha.

Dátheangachas

Is í an Ghaeilge príomhtheanga na Gaeltachta agus tá sí féin agus an Béarla ina n-orlaí trí shaol na hÉireann uile. Fiú amháin sna háiteanna nach bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth-theanga tá sí le sonrú i sloinnta na ndaoine agus sna logainmneacha—ainmneacha na mbailte móra, na n-aibhneacha, na sléibhte agus na lochanna. Is minic rian na Gaeilge le haithint ar Bhéarla labhartha na hÉireann—sna nathanna agus i ndul na cainte.

Múintear an Ghaeilge ní hamháin mar ábhar sna scoileanna ach mar theanga bheo chumarsáide. Gné shuntasach d'oidreachas na tíre seo ná go bhfoghlaímíonn páistí bunscoile dhá theanga ó thús na scolaíochta. Beidh tacaíocht na sochaí agus phobal uile na scoile ag teastáil má tá na páistí chun an éagsúlacht urlabhra atá sa tír seo a chaomhnú.

Cabhraíonn an dátheangachas le forbairt chognaíoch agus shóisialta an pháiste. Cuirtear ar a c(h)umas dearcadh breise a bheith aige/aici ar an saol. Cuirtear ar a c(h)umas dul i ngleic le dhá chorás foclóra, dhá chóras gramadaí agus dhá chóras fuaimne. Cabhraíonn sé sin leis an bpáiste teacht ar thuiscint dhifriúil ar an saol, mar shampla le smaoinemh dibhéirseach, le forbairt coincheapa agus le foghlaim teangacha eile ar ball.

Measúnú

Is cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama é an measúnú. Tá rannóg ag deireadh an churaclaim seo ina ndéantar cur síos ar na bealaí éagsúla atá ann chun Gaeilge an pháiste a mheasúnú. Tá réimse uirlisí measúnaithe ann chun cabhrú le múinteoirí súil oilte a choimeád ar dhul chun cinn an pháiste i bhfoghlaim na Gaeilge. Roinnfidh an múinteoir an t-eolas a bhaileoidh sé/sí mar thoradh ar an measúnú ar na tuismitheoirí mar chuid den chomhiarracht chun Gaeilge an pháiste a neartú.

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an churaclaim Ghaeilge ná

- úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn
- dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú
- taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge
- cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a m(h)uinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú
- cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéil a oireann dó/di féin agus don chineál scoile
- éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- cúram a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúchánach, shamhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste
- cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.

Cuspóirí ginearálta

Agus leibhéil éagsúla cumais agus cúinsí ar leith á gcur san áireamh, ba chóir go gcuirfeadh an curaclam Gaeilge ar chumas an pháiste

- an Ghaeilge a shealbhú mar thoradh ar ionchur taitneamhach ó thús na foghlama
- taitneamh a bhaint as rainn, dánta, amhráin rithimiúla, imeartas focal, rabhlóga agus drámaí
- a c(h)umas cumarsáide a fhorbairt trí chluichí teanga agus tascanna
- na scileanna teanga a fhorbairt de réir a chéile trí ábhar teagaisc agus foghlama comhaimseartha atá tarraingteach agus spreagúil a úsáid
- éisteacht go neamhfhoirmiúil agus brí a bhaint as caint nó as comhrá nach bhfuil sé/sí páirteach ann

- éisteacht ghníomhach a fhorbairt trí thascanna agus trí chluichí éisteachta beirte agus i ngrúpaí
- páirt a ghlacadh i gcomhrá faoi thopaicí a bhfuil spéis aige/aici féin iontu
- an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla chun caidreamh sóisialta a dhéanamh
- tuiscint a fháil ar ghramadach na Gaeilge trí úsáid a bhaint as an teanga i gcomhthéacsanna réalaíocha
- scileanna éagsúla na léitheoireachta a fhoghlaim i gclár réamhléitheoireachta
- scileanna na léitheoireachta a fhorbairt trí ábhar taitneamhach a léamh
- straitéisí éagsúla tuisceana a fhorbairt trí chleachtaí agus cluichí léitheoireachta
- téacsanna gairide pearsanta agus cruthaitheacha a scríobh
- tuiscint a fháil ar phróiseas na scríbhneoireachta trí athdhréachtú a dhéanamh
- an ríomhaire pearsanta a úsáid i gcomhair na scríbhneoireachta agus chun eolas a fháil
- foghlaim trí Ghaeilge in ábhair eile an churaclaim
- gnéithe comónta agus difriúla idir theangacha a thuiscint trí fheasacht teanga a chothú
- an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a shuíomh taobh le taobh le cultúir éagsúla na hEorpa
- forbairt chognaíoch agus theangeolaíoch a aithint mar thoradh ar fhoghlaim na Gaeilge.

Na scoileanna
ina bhfuil an
Ghaeilge mar
dhara teanga

Foramharc ar na feidhmeanna teanga

Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, cuir i gcás cuireadh a thabhairt, cead a lorg nó mianta a léiriú. Is iad na feidhmeanna teanga croilár an churaclaim Ghaeilge, agus beidh siad le comhlíonadh i ngach gné den chumarsáid, pé acu ag éisteacht, ag labhairt, ag léamh nó ag scríobh atá an páiste. Athraíonn an cineál teanga a úsáideann duine, ag brath ar an ról atá aige/aici sa chomhrá, na daoine a bhfuil sé/sí ag caint leo, an suíomh agus an téama. Sin é an fáth a n-athraíonn an cineál teanga a chomhlíonann na feidhmeanna teanga.

Má bhíonn an múinteoir agus an páiste ag caint faoin téama 'siopadóireacht' beidh na heiseamláirí teanga a chuireann ar chumas an pháiste 'mian a léiriú' le múineadh agus le foghlaim. Ag leibhéal amháin is féidir an fheidhm sin a chomhlíonadh leis an eiseamláir *'Seacláid, le do thoil'* agus ag leibhéal eile *'Ba mhaith liom barra seacláide, le do thoil.'* Is léir mar sin go ndéanfaidh eiseamláirí difriúla teanga an fheidhm chéanna a chomhlíonadh. Caithfidh an múinteoir foclóir a bhaineann leis na téamaí a chur leis na heiseamláirí chun go mbeidh an páiste in ann iad a aistriú ó shuíomh amháin go suíomh eile: mar shampla, *'Ba mhaith liom buataisí nua/T-léine nua/féachaint ar an gcluiche peile/dul amach le mo chairde, le do thoil.'*

Ar dtús bíonn cleachtadh ar eiseamláirí na bhfeidhmeanna i suímh insamhlaithe ag teastáil ón bpáiste, mar shampla in agallaimh réamhullmhaithe nó i ndrámá stáitse. Bíonn cluichí struchtúrtha agus cleachtaí ar siúl chomh maith chun cleachtadh a chur ar fáil don pháiste. Bíonn na heiseamláirí teanga in úsáid agus cumarsáid níos réalaíche ar siúl i rólghlacadh agus i gcluichí cumarsáide, mar bíonn eolas le fáil nó á lorg ag an bpáiste. Ag an leibhéal is airde bíonn fíorchumarsáid ar siúl i suíomh an tseomra ranga má labhraíonn an múinteoir agus na páistí Gaeilge lena chéile chun teachtaireachtaí a thabhairt agus chun ceisteanna a chur agus a fhreagairt.

Tá liosta feidhmeanna do scoileanna T2 ar na leathanaigh seo a leanas. Tugtar treoir ghinearálta sa liosta eiseamláirí (i gcló iodálach) faoi roinnt de na bealaí éagsúla atá ann chun na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh. Is féidir leis an múinteoir na heiseamláirí de na feidhmeanna teanga a roghnú ón liosta a thugtar anseo, ag brath ar riachtanais chumarsáide an pháiste agus ar a n-úsáideacht ó shuíomh amháin go suíomh eile. Mar shampla, is féidir *'Is maith liom ...'* a úsáid go minic. Ní gá a bheith taobh leis na heiseamláirí atá sa liosta; is mar léiriú ar an gcaoi ar féidir na feidhmeanna a chomhlíonadh atá siad ann.

Feidhmeanna teanga do scoileanna T2

	Nátonáin	Ranganna 1 agus 2	Ranganna 3 agus 4	Ranganna 5 agus 6
<i>Ba chóir go gcuirfi ar chumas an pháiste</i>	Eiseamláirí	Eiseamláirí	Eiseamláirí	Eiseamláirí

caidreamh sóisialta a dhéanamh

- beannú do dhuine *Dia duit!
Dia is Muire duit!*
- slán a fhágáil *Slán! Slán leat!
Slán abhaile!*
- glaoch ar dhuine *A Phóil! A Mháire!*
- aird a lorg *Go mbeannaí Dia duit!
Dia is Muire duit!*
- bualadh le duine *Oíche mhaith!
Oíche mhaith is codladh sámh!*
- cur in aithne *A Phóil! A Mháire!*
- comhghairdeas a dhéanamh *Cén chaoi a bhfuil tú?
Cad é mar atá tú?*
- comhbhrón a dhéanamh *Lá breithe sona duit!*

soiléiriú a lorg i gcomhrá

- easpa tuisceana a léiriú *Gabh mo leithscéal! Haló!
Nóiméad amháin, más é do thoil é!
Éist!*
- cabhair a lorg *Conas atá tú?*
- litriú a lorg *Seo é Seán/Seo í Ciara!*
- athrá a lorg *Togha fir!*

Ní maith liom do thrioblóid!

Ní thuigim.

Litrigh 'shuíl', más é do thoil é!

Abair é sin arís!

dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile

• cead a lorg, a thabhairt, agus a dhiúltú	An bhfuil cead agam dul amach? Tá. Níl. An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas? Ceart go leor.	An bhfuil cead agam mo lámha a ní? Tá cead agat. An bhfuil sé ceart go leor an peann seo a úsáid? Tá. Níl. An bhfuil cead agam imirt libh? Tá. Níl.	Níl sé sin ceart go leor. Níl sé ceart go leor é sin a thógáil.
• buíochas a léiriú	Go raibh maith agat! Míle buíochas!		Buíochas le Dia! Nár laga Dia thú!
• smaoiniamh a chur chun cinn			Céard faoi chluiche peile? Ar mhaith le haon duine dul ag rothaíocht?
• iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh	Stop!	Dún an doras, le do thoil!	Lig ort féin go bhfuil tú bacach! An féidir leat stopadh? An dtabharfá piosa dom, le do thoil?
• duine a ghríosadh			Lean ort! Coimnigh ort!
• magadh faoi dhuine			Há! há! Ar chuala tú an scór?
• cuireadh a thabhairt, a dhiúltú, glacadh leis nó fiosrú faoi			An mhaith leat teacht go dtí mo choisir? Ní féidir liom. Ba mhaith. Cá mbeidh sí ar siúl? Ní thiocfaidh, an t-am seo!
• foláireamh a thabhairt do dhuine	Bí cúramach!		An dtiocfaidh tú go dtí mo theach? Tiocfaidh, cinnte. Ba bhreá liom, go raibh maith agat! Cén t-am a thosóidh sí?
• stádas a fhógairt nó a cheistiú			Go deas réidh, más é do thoil é! Ná bí ag dul go ró-thapa!
• maíomh			Is mise an duine is fearr! Tusa? Is tusa an duine is fearr?
			Tá mise go hiontach ag snámh!

Tuigtear go mbeidh na heiseamláirí a bhí á n-úsáid sna hisealranganna á n-úsáid arís sna ranganna eile.

	Ranganna 1 agus 2	Ranganna 3 agus 4	Ranganna 5 agus 6
Naíonáin	Eiseamláirí	Eiseamláirí	Eiseamláirí
<i>Ba chóir go gcuirfi ar chumas an pháiste</i>			
• dúshlán duine a thabhairt		Ní féidir leatsa é sin a dhéanamh!	An bhfuil tusa in ann poc saor a thógáil?
dearcadh a léiriú agus a lorg			
• eolas nó aineolas, cuimhne nó easpa cuimhne a léiriú agus fiosrú fúthu	Tá a fhios agam. Níl a fhios agam.	Tá. Níl. Tá a fhios agam. Níl a fhios agam cé ... Níl a fhios agam cá ...	An bhfuil a fhios agat cé hí sin? An cuimhin leat é sin? Is cuimhin liom. Ní cuimhin liom.
• cinnteacht, éiginnteacht, féidearthacht a léiriú, fiosrú fúthu	Tá. Níl.	Táim cinnte. Níl mé cinnte. B'fhéidir.	An bhfuil tú cinnte? Tá. Níl. Cá bhfuil an liathróid peile? Táim cinnte. Níl mé cinnte. B'fhéidir go/gur ...
• leibhéal dóchúlachta a léiriú agus fiosrú faoi is dócha gan amhras		An bhfuil Lisa tinn? Is dócha go bhfuil. Cá bhfuil an chailc? Is dócha go bhfuil sí sa chófra.	An dtiocfaidh sé, meas tú? Tiocfaidh sé, ceart go leor. An mbeidh an bua againn, meas tú? Beidh, gan amhras!
is féidir			An dtiocfaidh Pádraig? B'fhéidir. B'fhéidir go dtiocfaidh sé.
gan seans			An mbuafaimid an corn? Níl aon seans againn.
• taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú	Is breá liom scátaíl. Is fuath liom lá fliuch.	An maith leat uachtar reoite? Is maith. Ní maith.	Is maith/Ní maith liom leabhar a léamh.

• mianta a léiriú nó fiosrú fúthu	(Ar mhaith leat mílseán)? Ba mhaith. Níor mhaith. Ba mhaith liom briosca. Ar mhaith leat éisteacht leis an téip? Ba mhaith.	Ba mhaith liom féachaint ar an teilifís. Ba mhaith liom deoch liomanáide. Ba bhreá liom dul ag snámh. Níor mhaith liom rothar nua a fháil. Ar mhaith leat an geansaí peile sin a cheannach?
• rogha a léiriú nó fiosrú fúithi	Is fearr liom úlla. Is fearr liom scátáil ná siúl.	B'fhearr liom ... Cé acu is fearr leat, rothaíocht nó rith?
• leithscéal a ghabháil	Tá brón orm! Gabh mo leithscéal!	Go hiontach! An bhfuil sé seo go maith? Tá. Níl.
• sásamh nó míshásamh a léiriú nó fiosrú fúthu	Go maith!	Go dona! Tá sé sin go breá. Níl sé sin go maith. Céard a cheapann tú? Ar sheabhas ar fad! Tá sé lofa!
• aontú nó easaontú le ráiteas	Tá. Níl. Is ea! Ní hea!	Bhris. Níor bhris. Tháinig. Níor tháinig. Is ea, tá an ceart agat! Ní hea, níl an ceart agat!
• ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú	Is féidir liom rothaíocht. Ní féidir liom snámh.	Is féidir liom leadóg a imirt. Ní féidir liom sacar a imirt. Tá mé in ann rámhaíocht. Níl mé in ann cniotáil. An bhfuil tú in ann ...?

Tuigtear go mbeidh na heiseamláirí a bhí á n-úsáid sna hisealtranganna á n-úsáid arís sna ranganna eile.

	Náionáin	Ranganna 1 agus 2	Ranganna 3 agus 4	Ranganna 5 agus 6
<i>Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste</i>	Eiseamláirí	Eiseamláirí	Eiseamláirí	Eiseamláirí
• séanadh				(D'fhág tusa an clós!) Níor fhág, (Rinne tusa é!) Ní dhearna (mé)!
• maithiúnas a léiriú		Tá go maith. Tá sé sin ceart go leor.		
• tacaíocht a léiriú		Tá sé sin go maith! Go breá! Lean ar aghaidh!		
• díomá a léiriú				Is mór an trua é sin! Bhí díomá orm.
• dóchas a léiriú			Tá súil agam ...	Tá súil agam go dtiocfaidh sé.
• ligean air/uirthi		Ó, tá pian i mo bholg!	Féach, is féidir liom eitilt! Is fathach mé!	
• scéalta a chumadh nó a insint		Ar maidin ..., Inné ..., Lá amháin ...	Dé Sathairn seo caite ... Aréir ...	Anuraidh ... Ar dtús ... ansin ... agus faoi dheireadh ...
• léiriú gur gá nó nach gá rud éigin a dhéanamh, nó fiosrú faoi			Caithefidh mé dul a chodladh go luath. Ní chaithfidh mise.	Caithefidh mé T-léine a cheannach. Níl orm m'obair bhaile a dhéanamh. An gcaithfidh mé uimhir a ceathair a dhéanamh? An bhfuil orm an teach go léir a ghlanadh? An gá dom foc as anois? Is gá. Ní gá.

eolas a thabhairt agus a lorg

- aithint
 - Liathróid.*
 - Sin é.*
 - Seo é mo leabhar nua.*
- tuairisciú
 - Tá cnag ar an doras.*
 - An Luan atá ann inniu.*
 - Tá leabhar ar an mbord.*
 - Tá Liam ag ithe.*
- teachtaireacht a thabhairt
 - Is madra é sin.*
 - Is bó í seo.*
 - Tá Keith ag ithe a bhricfeasta.*
 - Thug Daidí na Nollag bronnantas dom.*
 - Tá Niamh tinn inniu.*
 - Tá cóta nua ag Barra.*
- ceartú
 - Cáilín maith is ea í!*
 - Fear mór is ea é!*
 - Teach trí stór atá ann.*
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
 - D'ith mé sé phancóg.*
 - Tá an bhaisteach imithe.*
 - Ní bheidh mé ar scoil amárach.*
 - Beidh mé ag dul go dtí an fiacloir ar a deich a chlog.*
 - Tá mo chótasa gorm.*
 - Ní leatsa é, is liomsa é.*
 - Conas?*
 - Cén chaoi?*
 - Cad é an dóigh?*
 - Cathain?*
 - Cén t-am?*
 - Cén sórt?*
 - Cén praghas?*
 - Cén fáth?*
 - Cad ina thaobh?*
 - Mar ...*

Shocraigh Brian dul ag iascach ar an loch. Bhí Caoimhe ag iarraidh an fhuinneog a oscailt.

Beidh an traein ag an stáisiún ar a cúig. Glaofaídh mé ort ag cúig nóiméad chun a hocht.

Madra atá agam sa bhaile! Domsa a thug sé é.

Cén dath atá ar an liathróid? Bán.
Cé leis an peann luaidhe?
Is le Ciara é.
An dtéann tú ar scoil ar an Domhnach? Ní théann.
Ar shéach tú i do mhála scoile?
D'fhéach. Níor fhéach.
(Cathain ...?) Tar éis an lóin.
(Conas a chuaigh, nó Cén chaoi a ndeachaigh sé?)
Ar an mbus.

Céard é sin? Is rothar é.
Cé hé/hí sin?
Cé atá sa leaba? Mamaí béar.
Cá bhfuil an lacha? Ar an loch.
An bhfuil tú tinn?
Tá. Níl.
Ar tháinig Darren?
Tháinig. Níor tháinig.

Tuigtear go mbeidh na heisceamláirí a bhí á n-úsáid sna hisealranganna á n-úsáid arís sna ranganna eile.

Náionáin Ranganna 1 agus 2 Ranganna 3 agus 4 Ranganna 5 agus 6

Eiseamláirí

Eiseamláirí

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

struchtúr a chur ar chomhrá

- oscailt

Ar chuala tú?
Tá an lá go deas.
Tú féin atá ann!

Tá tú ag obair go cruai!
Is anseo atá tú!
- féincheartú

Ó, gabh mo leithscéal,
tá brón orm ...
Ó, ní hea ach ...
Ní ag an sos beag ach ag an sos mór.

Ó, ní hea, fan go bhfeicfidh mé ...
- cur síos a dhéanamh céim ar chéim

Ar dtús ...
Ansin ...
Tar éis tamaill ...

Níorbh fhada go/gur ...
Ar deireadh ...
- coimriú

... agus is mar sin a briseadh é.
Sin sin!

... agus mar sin ní bheidh sé ar scoil.
- deireadh a chur le comhrá

Bhuel, sin é!
Ceart go leor mar sin!
Tá deifir orm anois.

Caitheadh mé imeacht.
Beidh mé ag caint leat arís.
Feicfidh mé arís thú!

Tuigtear go mbeidh na heiseamláirí a bhí á n-úsáid sna hisealranganna á n-úsáid arís sna ranganna eile.

Ranganna naíonán

Foramharc

ranganna naíonán

Catagóirí feidhmeanna

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Dul i gcion an dhuine nó ar dhaoine eile
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Eolas a thabhairt agus a lorg

Féach leathanach 20–26

Snáitheanna

Snáithaonaid

Éisteacht

- Ag cothú spéise go neamhfhoirmiúil sa teagasc
- Ag tuiscint teanga

Labhairt

- Ag cothú spéise go neamhfhoirmiúil sa teagasc
- Ag úsáid teanga

Na téamaí

- Mé féin
- Sa bhaile
- An scoil
- Bia
- An teilifís
- Siopadóireacht
- Caitheamh aimsire
- Éadaí
- An aimsir
- Ócáidí speisialta

Pleanáil

Leagan amach agus struchtúr

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge leagtha amach ina shnáitheanna agus ina shnáithaonaid chun cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a phleanáil. Tugtar samplaí d'eispéiris foghlama sna snáithaonaid ach is féidir cinn eile a fheileann don pháiste agus do chúinsí na scoile a roghnú freisin. Chomh maith leis na snáitheanna agus na snáithaonaid tugtar foramharc ar na feidhmeanna teanga agus ar na téamaí ar leathanach 29.

Is iad snáitheanna an churaclaim do ranganna na naíonán ná *Éisteacht* agus *Labhairt*. Mar dhlúthchuid de na snáitheanna sin tá snáithaonad dar teideal 'Ag cothú spéise'. Ní hé atá i gceist go múinfí ceacht dar teideal 'Ag cothú spéise' ach go gcothófaí spéis i ngach gné de mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge: go neamhfhoirmiúil (an úsáid a bhainfí as an nGaeilge i ngnáthchaint an lae) agus sa teagasc.

Tá dhá shnáithaonad eile ann, 'Ag tuiscint teanga' agus 'Ag úsáid teanga'. Ag tús na foghlama is leor gníomh nó mím a dhéanamh nó pictiúr a tharraingt nó a dhathú mar léiriú ar thuiscint nó ar éisteacht. De réir a chéile lorgófar úsáid na teanga (freagra labhartha) chomh maith. Pé gné den churaclam atá idir lámha ba chóir go gcothófaí dearcadh dearfach sa pháiste, go mbainfeadh sé/sí taitneamh as an nGaeilge, agus go spreagfaí é/í le hí a úsáid.

Tá dlúthcheangal idir na gníomhaíochtaí a luaitear sna snáithaonaid, na feidhmeanna teanga agus na téamaí. Baintear úsáid as na gníomhaíochtaí sin chun na heiseamláirí a mhúineadh i gcomhthéacs na dtéamaí.

Clár cothrom éagsúil leanúnach

Ba chóir eispéiris foghlama a chur ar fáil do na páistí le go mbeidh cothromaíocht idir *Éisteacht* agus *Labhairt*. Ba chóir féachaint chuige freisin go mbeidh gníomhaíochtaí éagsúla agus tascanna simplí le déanamh ag na páistí ag an leibhéal seo. Ag leibhéal na naíonán beidh an bhéim ar éisteacht agus ar thuiscint, ar an teanga labhartha, ar rainn, ar ghníomhamhráin, ar scéalta, ar sceití gearra agus ar chluichí simplí.

Chun deimhin a dhéanamh den leanúnachas ó rang go rang beidh sé mar aidhm ag an múinteoir féachaint chuige nach mbeidh aon bhearnaí in eispéireas teanga an pháiste.

Cur chuige comhtháite

Cé gur snáitheanna difriúla iad *Éisteacht* agus *Labhairt*, déanfar iad a chomhtháthú lena chéile chomh minic agus is féidir. Chomh maith leis sin déanfar comhtháthú le hábhair eile anois is arís trí na téarmaí Gaeilge a úsáid, trí na páistí a mholadh agus trí threoracha a thabhairt i rith na gceachtanna. Moltar an Ghaeilge a úsáid mar theanga theagaisc i snáitheanna de na hábhair eile. Tugtar cúpla smaoineamh ag bun gach snáithe chun cabhrú leis an múinteoir an comhtháthú seo a dhéanamh.

Snáithe: Éisteacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

go neamhfhoirmiúil

- éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach mar theanga chaidrimh agus bhainisteoireachta

sa rang, sa scoil

sa bhaile (TG4)

sa teagasc

- éisteacht le daoine eile chomh maith leis an múinteoir, cé nach dtuigfeadh sé/sí gach focal b'fhéidir

cláir oiriúnacha ar TG4

puipéid ag caint le chéile

masc á dhéanamh le treoracha simplí

téipeanna éisteachta nó dlúthcheirníní

scéalta gearra taifeadta le maisíochtaí

fuaimne

- éisteacht gan bhrú le hábhar tarraingteach

rainn

'Buail ar an doras is féach isteach'

'Taidhgín Turcaí'

scéalta idirnáisiúnta nó dúchasacha

'Cochaillín Dearg', 'Na Trí Mhuc'

gníomhamhráin bhríomhara leis na

gníomhartha

'Brú is fáisc', 'Nigh na héadaí'.

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht leis an nGaeilge á labhairt go rialta gach lá chun frásaí faoi leith a dhaingniú

*ag dul amach ag am lóin
'Seasaigí le chéile!'*

*ag teacht isteach
'Suígí síos anois!'*

*moladh
'Maith thú! Maith an cailín/buachaill!'*

- éisteacht le cainteoir agus cabhair a fháil ó leideanna éagsúla

*geáitsí
taispeáint leis na méara
an ceann a chroitheadh nó a chlaonadh*

*tuin na cainte
ceisteanna
mothúcháin*

- cluichí éisteachta a imirt agus gníomhaíochtaí simplí a dhéanamh

*éisteacht agus aithint nó taispeáint
cuntas ar pictiúr, méar a chur air*

*éisteacht agus aimsiú
cuntas a chloisteáil, rud a phiocadh amach*

*éisteacht agus meaitseáil
pictiúr, agus pictiúr agus focal*

- éisteacht agus leanúint treoracha

*éisteacht agus dathú
'Cuir dath dearg ar an doras.'*

*éisteacht agus tarraingt
'Tarraing teach.'
'Tarraing an fhuinneog.'*

*deir Ó Grádaigh
gluaiseacht le ceol
'Sín amach do lámh chlé.'
'Ardaigh do lámh dheas.'*

- éisteacht le treoracha ón múinteoir agus na mothúcháin a léiriú le mím nó le pictiúr

áthas, brón.

Comhtháthú le hábhair eile

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht

Ceol: Amhráin Ghaeilge

Snáithe: Labhairt

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

go neamhfhoirmiúil

- tabhairt faoi labhairt na Gaeilge

caidreamh sóisialta a dhéanamh

‘Dia is Muire duit!’

ócáidí rialta i rith an lae a úsáid chun

cumarsáid shimplí a dhéanamh

am lóin

am rolla

ag teacht isteach ar maidin

‘Tá sé fuar!’

‘Tá mé mall, tá brón orm!’

ag dul abhaile tráthnóna

(‘Cé leis an cóta seo?’) ‘Is liomsa é.’

‘Slán agat, a mhúinteoir!’

sa teagasc

- rainn le hathrá a aithris

‘Is maith liom bainne’

‘Damhán alla’

- amhráin a chanadh

gníomhamhráin, amhráin saothair

‘Buail do bhosa, buail do bhosa’

‘Tá mise ag rolladh na cré’

- scéalta aitheanta a chloisteáil agus páirt a ghlacadh san athrá nó i ndrámaí simplí bunaithe orthu

An Chircín Bheag Rua

‘Ní dhéanfaidh mise é.’

‘Déanfaidh mé féin é,’ arsa an Chircín Bheag Rua.

- an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha

Oíche Shamhna

an chailleach, hata, clóca, scuab

guí nuair a ligtear sraoth

‘Dia linn!’

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- úsáid a bhaint as geáitsí agus tuin na cainte chun cabhrú le cumarsáid a dhéanamh
an ceann a chroitheadh nó a chlaonadh mar fhreagra ar cheist
méara a úsáid
i gcomhair uimhreacha chun rud a thaispeáint
tuin i gceisteanna
‘Mise?’
- nuacht shimplí phearsanta a thabhairt faoin am atá thart
‘Chonaic mé carr, daoine, cat, madra, ar maidin.’
‘Fuair mé leoraí do mo lá breithe.’
- scéalta gearra a insint ag úsáid sraith briathra
‘Chuaigh mé abhaile. D’ith mé mo dhinnéar. Bhí mé ag súgradh le Brian. Bhí mé ag féachaint ar an teilifís.’
- sainfhoclóir na dtéamaí a úsáid i gcomhthéacs le cabhair áiseanna mar phictiúir, bhréagáin, ábhar dílis
- focail fhrithchiallacha a úsáid
fada, gearr, beag, mór, fuar, te, lán, folamh
- rólghlacadh a chleachtadh ag leibhéil shimplí
sa bhaile, sa scoil, sa bhialann, sa siopa
- cluichí teanga a imirt
aithint
‘Cé mise?’
aimsiú
‘Feicim le mo shúilín’
meaitseáil
‘Snap!’
liostú
Chuaigh mé go dtí an siopa, cheannaigh mé milseáin, bainne ...
cluiche ‘Kim’
Bhí an leabhar ar an mbord. Tá sé ar an mála anois. Bhí an glantóir ar an mbord. Tá sé sa bhosca anois.
‘Cén t-am é, a mhac tíre?’

Comhtháthú le hábhair eile

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht: léim fhada nó ghearr

Matamaitic: Uimhreas: rainn chomhairimh

Na hamharcealaíona: Cré: Forbairt foirme i gcré

Ceol: Ag léiriú: Amhráin Ghaeilge

Ranganna

1 agus 2

Foramharc

ranganna 1 agus 2

Catagóirí feidhmeanna

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Eolas a thabhairt agus a lorg

Féach leathanach 20–26

Snáitheanna

Snáithaonaid

Éisteacht

- Ag cothú spéise go neamhfoirmiúil sa teagasc
- Ag tuiscint teanga

Labhairt

- Ag cothú spéise go neamhfoirmiúil sa teagasc
- Ag úsáid teanga

Léitheoireacht

(tús na léitheoireachta)

- Ag cothú spéise
- Ag tuiscint teanga
- Ag úsáid teanga

Scríbhneoireacht

(tús na scríbhneoireachta)

- Ag cothú spéise
- Ag úsáid teanga

Na téamaí

- Mé féin
- Sa bhaile
- An scoil
- Bia
- An teilifís
- Siopadóireacht
- Caitheamh aimsire
- Éadaí
- An aimsir
- Ócáidí speisialta

Pleanáil

Leagan amach agus struchtúr

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge leagtha amach ina shnáitheanna agus ina shnáithaonaid chun cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a phleanáil. Tugtar samplaí d'eispéiris foghlama sna snáithaonaid, ach is féidir cinn eile a fheileann don pháiste agus do chúinsí na scoile a roghnú freisin. Chomh maith leis na snáitheanna agus na snáithaonaid tugtar foramharc ar na feidhmeanna teanga agus ar na téamaí ar leathanach 37.

Is iad snáitheanna an churaclaim do ranganna 1 agus 2 ná *Éisteacht* agus *Labhairt*, agus is i rang 2 a thosófar ar *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Mar dhlúthchuid de na snáitheanna go léir tá snáithaonad dar teideal 'Ag cothú spéise'. Ní hé atá i gceist go múiní ceacht dar teideal 'Ag cothú spéise' ach go gcothófaí spéis i ngach gné de mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge: go neamhfhoirmiúil (an úsáid a bhainfís as an nGaeilge i ngnáthchaint an lae) agus sa teagasc. Sa dá shnáithaonad eile leagtar amach gníomhaíochtaí a chothaíonn tuiscint an pháiste ('Ag tuiscint teanga') agus a spreagann é/í chun an Ghaeilge a úsáid ('Ag úsáid teanga').

Tá dlúthcheangal idir na gníomhaíochtaí a luaitear sna snáithaonaid, na feidhmeanna teanga agus na téamaí. Baintear úsáid as na gníomhaíochtaí sin chun na heiseamláirí a mhúineadh i gcomhthéacs na dtéamaí.

Clár cothrom éagsúil leanúnach

Ba chóir eispéiris foghlama a chur ar fáil do na páistí le go mbeidh cothromaíocht idir *Éisteacht* agus *Labhairt* i rang 1, agus idir na ceithre shnáithe i rang 2. Ba chóir féachaint chuige freisin go mbeidh gníomhaíochtaí éagsúla agus tascanna oiriúnacha le déanamh ag na páistí ag an leibhéal seo. Beidh an bhéim i gcónaí ar an teanga labhartha, ar dhánta simplí, ar amhráin, ar scéalta, ar sceitsí gearra agus ar chluichí teanga.

Chun deimhin a dhéanamh den leanúnachas ó rang go rang beidh sé mar aidhm ag an múinteoir féachaint chuige nach mbeidh aon bhearnaí in eispéireas teanga an pháiste.

Cur chuige comhtháite

Cé gur snáitheanna difriúla iad *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*, déanfar iad a chomhtháthú lena chéile chomh minic agus is féidir. Chomh maith leis sin déanfar comhtháthú le hábhair eile anois is arís trí na téarmaí Gaeilge a úsáid, trí na páistí a mholadh agus trí threoracha a thabhairt i rith na gceachtanna. Is féidir dul céim níos faide agus an Ghaeilge a úsáid mar theanga theagaisc i snáitheanna de na hábhair eile. Tugtar cúpla smaoineamh ag bun gach snáithe chun cabhrú leis an múinteoir an comhtháthú seo a dhéanamh.

Snáithe: Éisteacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

go neamhfhoirmiúil

- éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach mar theanga chaidrimh agus bhainisteoireachta

*sa rang, sa scoil
sa bhaile (TG4)*

sa teagasc

- éisteacht le Gaeilge, cé nach dtuigfeadh sé/sí gach focal b'fhéidir

cláir oiriúnacha ar TG4

*sceitsí nó drámaí simplí puipéad, cartúin
treoracha chun aghaidh fíidil nó hata a
dhéanamh*

*téipeanna éisteachta agus dlúthcheirníní
sraith fuaimanna a ainmniú, scéal a
insint*

guthanna difriúla a aithint, scéalta taifeadta

- éisteacht gan bhrú le hábhar tarraingteach

rainn

'Bearnaid Broc', 'Ardaigh do lámha'

scéalta aitheanta

Scéalta Grimm: 'Luathrín'

'Tomás na hOrdóige'

gníomhamhráin thaitneamhacha

'Sín do lámha suas thar do cheann'

'Péint is scuab is páipéar.'

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht leis an nGaeilge á labhairt go rialta gach lá chun frásaí faoi leith a dhaingniú

*ag teacht isteach ar maidin
ag dul amach ag am lóin
'Cé leis an bosca lóin?'*

*moladh
tionól na scoile*

- éisteacht le cainteoir(i), beo agus i bhfíseáin, agus an chaint a thuiscint le cabhair

*na súile, an aghaidh
an guth, béim, tuin na cainte*

- cluichí éisteachta a éilíonn tuiscint a imirt

*éisteacht agus aithint nó taispeáint
éisteacht agus aimsiú
éisteacht agus meaitseáil*

- éisteacht agus leanúint treoracha

*éisteacht agus dathú
'Cuir dath dubh ar an díon.'
'Cuir dath buí ar an éan.'*

*éisteacht agus tarraingt
'Tarraing bord agus cathaoir.'
'Tarraing cathaoir eile.'*

deir Ó Grádaigh

*gluaiseacht le ceol
'Crom do cheann, cas do cheann.'
'Crom síos, díriú tú féin suas arís.'*

- taithí a fháil ar éisteacht ghníomhach trí aire a dhíriú ar an ábhar éisteachta le cabhair ó cheisteanna an mhúinteora

*réamhcheisteanna
'Éist agus abair cé mhéad ainmí atá sa scéal.'*

*iarcheisteanna
'Céard a tharla tar éis ...?'*

- foghraíocht cheart a chloisteáil chun taithí a fháil ar na fuaimeanna ar leith atá sa Ghaeilge

*rainn nó amhráin
'Tá mise ag tógáil tí'*

- éisteacht le treoracha ón múinteoir agus na mothúcháin a léiriú le mím nó pictiúr

*áthas, brón, fearg, eagla, sásamh,
míshásamh.*

Comhtháthú le hábhair eile

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht: Ag éisteacht le treoracha

Na hamharcealaíona: Péint agus dath: Péinteáil—na dathanna i nGaeilge

Ceol: Ag éisteacht agus ag freagairt: Amhráin Ghaeilge

Eolaíocht: Ábhair: Airíonna agus tréithe ábhair—éadach bog, páipéar nó spúnóg adhmaid chun puipéid a dhéanamh

Snáithe: Labhairt

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

go neamhfhoirmiúil

- an Ghaeilge a labhairt go teagmhasach neamhfhoirmiúil
 - caidreamh sóisialta a dhéanamh sa seomra ranga*
 - beannú, slán a fhágáil, glaoch ar dhuine cumarsáid shimplí*
 - ‘Bhí mé tinn inné, tá mé ar ais inniu.’*
 - ‘Bhí babai nua ag Mamaí.’*

sa teagasc

- rann a rá
 - ‘Scipeáil suas is scipeáil síos’*
- gníomhamhráin thaitneamhacha a chanadh
 - ‘Buail bos’*
 - ‘Timpeall, timpeall’*
 - ‘Sín do lámha’*
- páirt a ghlacadh i sceitsí gearra de scéalta aitheanta
 - puipeid a úsáid agus na páistí ag rá an churfá*
 - ‘Lig isteach mé, lig isteach mé.’*
- suímh shamhlaíocha a chruthú agus a fhorbairt i sceitsí agus drámaí
 - ‘Is spásaire mise, is mise Superman.’*
 - ‘Mise Hansel, tá mé ar strae.’*
- Gaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha
 - cluichí traidisiúnta d’fhéilte éagsúla na bliana.*

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh
geáitsí, béim agus tuin
- nuacht shimplí phearsanta a thabhairt
labhairt faoi/fúithi féin, a c(h)aitheamh aimsire agus faoina g(h)náthshaol laethúil
- scéalta gearra a insint ag úsáid sraith briathra
Bhí mé sé bliana inné. Bhí cóisir agam. Tháinig mo chairde go léir. Bhí cáca agus coinne agam.
- sainfhoclóir na dtéamaí don leibhéal seo a úsáid
pictiúir, póstaer agus ábhar dílis cluichí foclóra
abairtí a chumadh ó spreagthaigh
- focail cháilitheacha a úsáid
mór, beag, fada, gearr, bán, íseal, ard, tanaí go tapa, go mall, go dona, go maith
- rólghlacadh a chleachtadh i suímh éagsúla
sa siopa bréagán, sa seomra ranga, sa chlós
- cluichí teanga a imirt
taispeáint agus labhairt uimhreacha, am aithint agus labhairt aimsiú agus labhairt meaitseáil agus labhairt dúradáin, snap liostú cluiche cuimhne
- cluichí le treoracha ó pháiste eile
tarraingt agus dathú pictiúr

- pictiúir agus cluichí a úsáid chun suíomh a chur in iúl
ar, sa, faoi, idir, ag
- caint faoi rudaí a tharla, atá ar siúl agus a tharlóidh
thóg mé, chonaic tú, bhí sé tugann sé, feiceann sí, bím, suím, éirím tógfaidh mé, feicfidh mé, beidh tú anois:
ag rith, ag léim, ag súgradh, ag éirí ag dul a chodladh, ag ní, ag scríobh
- páirt a ghlacadh i gcluichí foghraíochta agus litrithe
feicim le mo shúilín, bingo, an crochadóir.

Comhtháthú le hábhair eile

OSPS: Mé féin—mo theach, mo chairde

Stair: Scéalaíocht—scéal faoin múinteoir nuair a bhí sé/sí óg: na bréagáin, an teach, na háiseanna, na siopaí

Matamaitic: Uimhreas: 'Cúig ubh' agus rímeanna eile

Ceol: Ag léiriú: Amhráin Ghaeilge

Corpoideachas: Cluichí: Seoladh agus glacadh: *Anseo! Domsa! A Mháire! Go maith! Féar plé duit!*

Snáithe: Léitheoireacht (Rang 2: tús na léitheoireachta)

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léitheoireacht a shamhlú le taitneamh trí éisteacht leis an múinteoir mar dhea-léitheoir ag léamh scéalta agus dánta tarraingteacha
- taithí a fháil ar an bhfocal scríofa sa timpeallacht, go háirithe sa seomra ranga, agus é a léamh go tuisceanach

fógraí sa seomra ranga

lipéid le haghaidh rudaí sa seomra ranga, i bpictiúir agus ar shaothair ealaíne

- sracfhéachaint ó am go ham ar réimse leathan d'ábhar léitheoireachta

pictiúrleabhair, cartúin, páipéir ghrinn agus irisí

*cártaí d'ócáidí speisialta
amchlár an ranga.*

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a thuiscint gur gníomhaíocht í an léitheoireacht ar féidir í a roinnt le daoine eile
leabhair á léamh os ard ag an múinteoir
- clár cuimsitheach réamhléitheoireachta a leanúint
pictiúrleabhair
cluichí meaitseála
pictiúir a chur in ord
luascháirtaí
focalcháirtaí, frásacháirtaí, abairtcháirtaí
- an téarmaíocht ar leith a bhaineann leis an léitheoireacht a chloisteáil as Gaeilge agus a thuiscint
‘Oscail do leabhar!’
‘Féach ar an bpictiúr!’
- stór de ghnáthfhocail inléite a chur le chéile óna t(h)aithí ar théacs sa timpeallacht agus ar leabhair
- focal a aithint trí leideanna a úsáid
ó phictiúir
ó chomhthéacs na bhfocal
ón gcomhréir
- tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcomhfhreagraíonn fuaimeanna agus litreacha áirithe i nGaeilge agus i mBéarla go hiondúil
p, b, m, l, n, r
- an ceangal atá idir litreacha agus fuaimeanna na Gaeilge a aithint
guta: fada agus gearr
glan, slán
séimhiú ar thúschonsain
bróg, mo bhróg
téann, ní théann
siúil, shiúil
défhoghair
uan, fuar, iasc, bia
- a bhfuil á léamh aige/aici a thuiscint
ceisteanna, freagraí.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léitheoireacht a chleachtadh trí ‘leabhair mhóra’ a léamh in éineacht leis an múinteoir
treoracha a léamh agus a leanúint chun cluichí boird simplí a imirt
tús, an baile
ag léamh agus ag déanamh míme le cabhair ó phictiúr
ag léamh abairte agus ag tarraingt pictiúir.
- léitheoireacht fheidhmiúil a dhéanamh i gcluichí léitheoireachta

Snáithe: Scríbhneoireacht (Rang 2: tús na scríbhneoireachta)

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí oiriúnacha scríbhneoireachta a chothaíonn féinmhuinín
- taithí a fháil ar atmaisféar ranga a léiríonn meas ar an bhfocal scríofa agus a thugann luach do dhea-iarrachtaí scríbhneoireachta

obair ar taispeáint

*bailiúchán d'iarrachtaí pearsanta
scríbhneoireachta*

- aischothú dearfach a fháil ar obair phearsanta

ón múinteoir, ó pháistí eile, ó chuartheoirí.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an múinteoir a fheiceáil ag scríobh agus é/í ag baint sásaimh as
- scríobh do léitheoirí nó d'éisteoirí éagsúla
é/í féin, an múinteoir, tuismitheoirí, páistí eile
- cabhair a lorg ón múinteoir
- lipéid, comharthaí agus fógraí a chóipeáil agus a scríobh
don bhord dúlra, ón timpeallacht, ainm na scoile
- a (h)ainm féin a scríobh
- cleachtaí a bhaineann le tús na scríbhneoireachta a dhéanamh
ag meaitseáil abairt le pictiúr agus á scríobh
ag cumadh abairtí as focalchártaí nó frásachártaí agus á scríobh
- pictiúir a tharraingt de rudaí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leis/léi agus lipéid a chur orthu
- pictiúir a tharraingt a léiríonn mothúcháin agus lipéid a chur leo
áthas, brón, grá, eagla
ocras, tart, fuacht, teas, tinneas
- liosta focal a scríobh
liosta siopadóireachta
bréagáin don Nollaig
- abairtí a chóipeáil, a iomlánú agus a scríobh
bolgáin chainte a líonadh i gcartúin
- abairtí simplí aonair a scríobh
- nuacht shimplí a scríobh
- scríobh faoi phictiúir
lipéid, abairtí a chóipeáil agus a chumadh
- scríbhneoireacht fheidhmiúil agus cumarsáid a chleachtadh
cártaí d'ócáidí áirithe
lá breithe, an Nollaig, Lá Fhéile Pádraig
- cleachtaí peannaireachta a dhéanamh.

Comhtháthú le hábhair eile

Na hamharcealaíona: Péint agus dath: Péinteáil: Lipéid Ghaeilge a chóipeáil le cur ar obair ealaíne

Eolaíocht: Ábhair: Airíonna agus tréithe ábhair: Éadaí samhraidh agus geimhridh a tharraingt agus lipéid réamhscríofa a chur orthu

Ranganna

3 agus 4

Catagóirí feidhmeanna

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá
- Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Struchtúr a chur ar chomhrá

Féach leathanach 20–26

Snáitheanna

Snáithaonaid

Éisteacht

- Ag cothú spéise go neamhfhoirmiúil sa teagasc
- Ag tuiscint teanga

Labhairt

- Ag cothú spéise go neamhfhoirmiúil sa teagasc
- Ag úsáid teanga

Léitheoireacht

- Ag cothú spéise
- Ag tuiscint teanga
- Ag úsáid teanga

Scríbhneoireacht

- Ag cothú spéise
- Ag úsáid teanga

Na téamaí

- Mé féin
- Sa bhaile
- An scoil
- Bia
- An teilifís
- Siopadóireacht
- Caitheamh aimsire
- Éadaí
- An aimsir
- Ócáidí speisialta

Pleanáil

Leagan amach agus struchtúr

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge leagtha amach ina shnáitheanna agus ina shnáithaonaid chun cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a phleanáil. Tugtar samplaí d'eispéiris foghlama sna snáithaonaid, ach is féidir cinn eile a fheileann don pháiste agus do chúinsí na scoile a roghnú freisin. Chomh maith leis na snáitheanna agus na snáithaonaid tugtar foramharc ar na feidhmeanna teanga agus ar na téamaí ar leathanach 49.

Is iad snáitheanna an churaclaim do ranganna 3 agus 4 ná *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Mar dhlúthchuid de na snáitheanna go léir tá snáithaonad dar teideal 'Ag cothú spéise'. Ní hé atá i gceist go múinfí ceacht dar teideal 'Ag cothú spéise' ach go gcothófaí spéis i ngach gné de mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge: go neamhfhoirmiúil (an úsáid a bhainfí as an nGaeilge i ngnáthchaint an lae) agus sa teagasc. Sa dá shnáithaonad eile leagtar amach gníomhaíochtaí a chothaíonn tuiscint an pháiste ('Ag tuiscint teanga') agus a spreagann é/í chun an Ghaeilge a úsáid ('Ag úsáid teanga').

Tá dlúthcheangal idir na gníomhaíochtaí a luaitear sna snáithaonaid, na feidhmeanna teanga agus na téamaí. Baintear úsáid as na gníomhaíochtaí sin chun na heiseamláirí a mhúineadh i gcomhthéacs na dtéamaí.

Clár cothrom éagsúil leanúnach

Ba chóir eispéiris foghlama a chur ar fáil do na páistí le go mbeidh cothromaíocht idir *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Ba chóir féachaint chuige freisin go mbeidh gníomhaíochtaí éagsúla agus tascanna oiriúnacha le déanamh ag na páistí ag an leibhéal seo. Beidh an bhéim i gcónaí ar an teanga labhartha, ar dhánta, ar amhráin le hathrá, ar scéalta, ar dhrámaí gearra, ar chluichí teanga, agus ar úsáid na Gaeilge i seiftiú ag leibhéal an-simplí. Treiseofar fuaimeanna agus patrúin na Gaeilge tríd an ábhar teagaisc agus foghlama seo.

Chun deimhin a dhéanamh den leanúnachas ó rang go rang beidh sé mar aidhm ag an múinteoir féachaint chuige nach mbeidh aon bhearnaí in eispéireas teanga an pháiste.

Cur chuige comhtháite

Cé gur snáitheanna difriúla iad *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*, déanfar iad a chomhtháthú lena chéile chomh minic agus is féidir sa cheacht. Chomh maith leis sin déanfar comhtháthú le hábhair eile anois is arís trí na téarmaí Gaeilge a úsáid, trí na páistí a mholadh agus trí threoracha a thabhairt i rith na gceachtanna. Is féidir dul céim níos faide agus an Ghaeilge a úsáid mar theanga theagaisc i snáitheanna áirithe de na hábhair eile. Tugtar cúpla smaoineamh ag bun gach snáithe chun cabhrú leis an múinteoir an comhtháthú seo a dhéanamh.

Snáithe: Éisteacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

go neamhfhoirmiúil

- éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach mar theanga chaidrimh agus bhainisteoireachta

sa seomra ranga agus sa scoil

sa timpeallacht, sa bhaile

sa teagasc

- éisteacht le Gaeilge, cé nach dtuigfeadh sé/sí gach focal b'fhéidir

téipeanna agus dlúthcheirmíní de scéalta, sceitsí, amhráin, dánta

físeáin de dhrámaí ar TG4

an múinteoir ag insint scéalta agus ag léamh sceitsí agus dánta

- éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha

scéalta simplí béaloidis

amhráin

tomhais

seanfhocail

- rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar éisteachta

'Cad a dhéanfaimid anois, dán nó rabhlóg?'

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht leis an nGaeilge á labhairt go rialta gach lá chun nathanna cainte agus foirmlí teanga a dhaingniú
*glaoch an rolla, an dáta
ainm an lae, ainm na míosa, an aimsir*
- éisteacht le cainteoir(i), beo agus ar fhíseáin, agus an chaint a thuiscint le cabhair leideanna éagsúla
*geáitsí
an guth
an comhthéacs*
- cluichí spreagúla a éilíonn éisteacht agus tuiscint a imirt
*éisteacht agus tomhas
éisteacht agus pictiúr a tharraingt
éisteacht agus mím a dhéanamh
'Bí(gí) ag eitilt, ag snámh, ag scátáil'
cluiche bingo
le huimhreacha
aimsirí na mbriathra*
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éisteachta a éilíonn tuiscint bhunúsach
*éisteacht agus taispeáint
éisteacht agus freagairt
éisteacht agus clárú eolais le tic i mbosca
éisteacht agus breacadh nóta*
- éisteacht agus leanúint treoracha
*puipéad, masc, hata grinn a dhéanamh gearr, cuir, dathaigh, tóg
'Déan é a ghearradh nó a tharraingt!
'An féidir libh dhá phíosa a ghreamú?'*
- oiliúint a fháil i scil na héisteachta trí úsáid a bhaint as téipeanna
*réamhcheisteanna ginearálta
'Cá bhfuil na daoine atá ag caint?'
ceisteanna le linn éisteachta
'Cuir tic leis an bhfocal ceart.'
iarcheisteanna
'Bhuel, céard a chuala sibh?'*
- cumas géaréisteachta a fhorbairt chun na difríochtaí idir consain loma, consain shéimhithe agus consain uraithe a thabhairt faoi deara
'Maidin inné mharaigh mé gé, bhí an scian ró-ghéar agus ghearr mé mo mhéar.'
- éisteacht leis an múinteoir agus gníomhartha a dhéanamh a bhaineann leis na céadfaí agus na mothúcháin
*glór ard, glór íseal, crua agus bog,
fearg, eagla, sásamh, míshásamh.*

Comhtháthú le hábhair eile

Corpoideachas: Cluichí: ag éisteacht le treoracha: *isteach, istigh, amach, amuigh*

Stair: brí na bhfocal fánach Gaeilge sna ceachtanna

Tíreolaíocht: An timpeallacht dhaonna—logainmneacha simplí, mar shampla baile, caisleán, cill, dún

Ceol: Ag éisteacht agus ag freagairt: Amhráin Ghaeilge

Snáithe: Labhairt

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

go neamhfhoirmiúil

- an Ghaeilge a labhairt go teagmhasach neamhfhoirmiúil sa seomra ranga agus sa scoil

*caidreamh sóisialta a dhéanamh
cumarsáid a dhéanamh ag leibhéal simplí
labhairt i gcomhthéacs bainisteoireachta
ranga
teachtairacht a thabhairt
tuiscint agus easpa tuisceana a léiriú*

sa teagasc

- dánta a aithris agus iad a phlé
- amhráin a chanadh
- páirt a ghlacadh i sceitsí agus i ndrámáí
- gnéithe d'fheasacht teanga a phlé
 - ainmneacha cuid de thíortha na hEorpa as Gaeilge
na cosúlachtaí a fheiceáil
comparáid a dhéanamh idir ainmneacha rudaí
na huimhreacha, máthair/mater,
seomra/chambre, scoil/l'école
focail idirnáisiúnta sa Ghaeilge
tacsáí, óstán, stop, bríste géine*
- gnéithe den chultúr a phlé
 - Máirt na hInide—conas pancóga a dhéanamh*
 - Lá Fhéile Pádraig—conas suaitheantas a dhéanamh*
- rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar labhartha
 - 'Cad a dhéanfaimid anois, scéal nó cluiche teanga?'*

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh
geáitsí, béim, tuin na cainte
- nuacht shimplí a thabhairt
an teaghlach, an scoil, timpeallacht na scoile
- labhairt faoi/fúithi féin, faoina g(h)náthshaol laethúil
a c(h)aitheamh aimsire
- scéalta a aithris, a athinsint ina f(h)ocail féin, ceisteanna fúthu a fhreagairt, agus codanna díobh a léiriú i rólghlacadh
- foclóir níos leithne a úsáid
*cluichí foclóra
tóirfhocal, focail fhrithchiallacha*
- sainfhoclóir na dtéamaí a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla
- cluichí teanga a imirt
*pictiúr a fhorlíonadh ó threoracha ó bhéal
gníomhú agus labhairt
treoracha a thabhairt le cabhair léarscáile*
- scéalta a chríochnú agus a chumadh
- rólghlacadh i suímh dhifriúla
bunaithe ar na deich dtéama
- cluichí a imirt chun taithí a fháil ar ghnéithe bunúsacha de ghramadach na Gaeilge
*Aimsigh na difríochtaí—suíomh
Cad atá sa mhála?—ainmfhocail agus focail cháilitheacha
Cad a rinne tú? Chuir mé ... orm,
bhain mé ... díom.*
- caint faoi rudaí a tharla, a tharlaíonn, atá ar siúl agus a tharlóidh
*fuair mé, rinne tú, bhí sé
ní bhfuair mé, ní dhearna tú, ní raibh sé
tugann sé, éiríonn tú, faigheann sí, bím
ní thugann sé, ní éiríonn tú, ní fhaigheann sí,
ní bhím
anois:
ag teacht, ag imirt, ag scríobh
déanfaidh, ní dhéanfaidh mé, ní bheidh sé.*

- treoracha agus orduithe a thabhairt
*tar, tagaigí anseo, suigh síos, suígí síos
ná bí, ná bígí, ná dún, ná dúnaigí
'An féidir leat an chathaoir a bhogadh?'*
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
*An maith leat briosaí? Is maith. Ní maith.
Ar mhaith leat? Ba mhaith. Níor mhaith.
cé, cad, cad chuige?*
- focail cháilitheacha a úsáid
*an teach mór, an leabhar gearr, na daoine
bochta
Labhair sé os ard/os íseal. Rith sé go tapa.*
- comparáid a dhéanamh idir rudaí
ard, níos airde, mór, níos mó, beag, níos lú
- úsáid a bhaint as
orm, liom, dom, agam
- páirt a ghlacadh i gcluichí foghraíochta agus litrithe
*rabhlóga
'Clog beag bog ag bogadh a bheag nó a mhór'
Scrabble leis na gutaí fada agus na consain shéimhithe nach bhfuil sa Bhéarla.*

Comhtháthú le hábhair eile

OSPS: Mé féin agus daoine eile: Mo chairde agus daoine eile

Stair: Scéalaíocht: Scéal faoin gceantar fadó

Ceol: Ag léiriú: Amhráin Ghaeilge

Corpoideachas: Damhsaí Gaelacha: *Ardaigh do chos dheas, do chos chlé. Isteach is amach faoi dhó. Beirt os comhair beirte.*

Na hamharcealaíona: Péint agus dath: Péinteáil: Cur síos simplí as Gaeilge ar an obair ealaíne

Snáithe: Léitheoireacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léitheoireacht a shamhlú le taitneamh trí éisteacht leis an múinteoir mar dhea-léitheoir ag léamh scéalta agus dánta tarraingteacha os ard
- brí a bhaint as an bhfocal scríofa sa timpeallacht, go háirithe sa seomra ranga
lipéid, fógraí, scríbhneoireacht ar an gclár dubh
- sracfhéachaint go minic ar réimse leathan d'ábhar léitheoireachta
scéalta nuachumtha, scéalta simplí béaloidis, finscéalta, leabhair shimplí eolais
- tréimhsí taoiléitheoireachta a chaitheamh i gcomhair pléisiúir
pictiúrleabhair, páipéir ghrinn, irisí.

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a thuiscint gur gníomhaíocht chumarsáideach í an léitheoireacht ar féidir í a roinnt le daoine eile
*saothar páistí eile a léamh
léamh os ard
scéalta á léamh a chloisteáil*
- an téarmaíocht ar leith a bhaineann leis an léitheoireacht a chloisteáil as Gaeilge agus a thuiscint
*Féachaigí ar leathanach a tríocha!
barr, lár agus bun an leathanaigh*
- an téarmaíocht bhunúsach a bhaineann le leabhair a thuiscint
teideal, clúdach, leathanach, líne, focal, lánstad, camóg
- stór níos leithne de ghnáthfhocail inléite a chur le chéile óna t(h)aithí ar théacs sa timpeallacht agus ar leabhair
- focail a aithint i dtéacs trí úsáid a bhaint as leideanna, as pictiúir, as an gcomhthéacs agus as comhréir na Gaeilge
- tuiscint níos doimhne a fháil ar chóras fuaimeanna na Gaeilge
*gutaí
fada, gearr féar, fear
consain
leathan agus caol poc, pioc
séimhiú ar thúschonsan tóg, thóg
seas, sheas*
- fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla a thabhairt faoi deara
*na défhoghair /ua/ agus /ia/ uan, bia
t agus d leathan tá, dún
ch leathan agus caol chas, cheann*
- focal a aithint trína bhriseadh i siollaí agus trí thógáil ar fhréamhacha focal
*tráth/nóna, tae/phota, gluais/rothar
scoil/eanna, mála/í, íoc/faidh*
- a bhfuil á léamh aige/aici a thuiscint
*ceisteanna a chur agus a fhreagairt
an téacs a phlé
an chéad chuid eile den scéal a thuar.*

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léamh i gcomhpháirt le daoine eile
páistí, an múinteoir, tuismitheoir, duine fásta eile
- léitheoireacht fheidhmiúil a dhéanamh
treoracha a leanúint
mím, dathú, tarraingt
treoracha do chluichí boird a leanúint
puzail
- ábhar céimnithe léitheoireachta a léamh os ard agus go ciúin
- ábhar dílis a léamh ag leibhéal oiriúnach
sceideal TG4
fógraí sa scoil
comharthaí bóthair
míreanna as leabhair eolais
- taithí a fháil ar chineálacha éagsúla téacs
cartúin, páipéir ghrinn, dánta, scéalta simplí
- freagairt do phearsana agus d'eachtraí i scéal nó dán
drámaíocht
gníomhaíochtaí ealaíne
- léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha
scéalta gearra béaloidis, rainn, dánta dúchasacha.

Comhtháthú le hábhair eile

Tíreolaíocht: An timpeallacht dhaonna: Ainmneacha dílse agus sloinnnte, logainmneacha ar chomharthaí bóthair a léamh

Eolaíocht: Eolaíocht sa timpeallacht: Téacs le pictiúir faoin teicneolaíocht sa bhaile agus ar scoil

Snáithe: Scríbhneoireacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- taitneamh agus sásamh a bhaint as gníomhaíochtaí oiriúnacha scríbhneoireachta
- taithí a fháil ar atmaisféar ranga a léiríonn meas ar an bhfocal scríofa agus a chuireann luach ar dhea-iarrachtaí scríbhneoireachta
 - obair ar taispeáint*
 - bailiúchán d'iarrachtaí pearsanta scríbhneoireachta*
- aischothú dearfach ar obair phearsanta a fháil
 - ón múinteoir, ó pháistí eile, ó chuartheoirí*
- an múinteoir a fheiceáil ag scríobh agus ag baint sásaimh as
- rogha a dhéanamh faoi ábhar na gceachtanna scríbhneoireachta
 - 'Céard ba mhaith libh anois, puzal nó crosfhocal?'*

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- scríobh do léitheoirí agus d'éisteoirí éagsúla
é/í féin, múinteoir, páistí eile, an teaghlach, cuairteoirí
- cabhair a lorg ón múinteoir
- cluichí taitneamhacha focal a imirt
an crochadóir, crosfhocal, tóirfhocal
- cleachtaí scríbhneoireachta a dhéanamh
abairtí a iomlánú, abairtí simplí a scríobh
- abairtí le pictiúir a chur san ord ceart chun scéal simplí a scríobh
- creatlacha réamhcheaptha a chóipeáil agus a iomlánú
- focail a scríobh ó chuimhne
- scríbhneoireacht fheidhmiúil agus cumarsáid a dhéanamh
ainm i nGaeilge ar chóipleabhar, cuirí, cártaí Gaeilge d'ócáidí speisialta, nótaí
- scríobh faoi phictiúir
frásaí, cuntais
- scéalta simplí a chríochnú
- scríobh faoi/fúithi féin agus faoina g(h)náthshaol laethúil
dialann phearsanta a choimeád
eachtraí taitneamhacha agus greannmhara
rudaí a chuir as dó/di
rudaí a chuir eagla air/uirthi
- scríobh i gcomhthéacsanna cultúrtha
scéal béaloidis a scríobh
Lá Fhéile Pádraig—cártaí chuig páistí i scoil eile
- feabhas a chur ar a c(h)uid iarrachtaí pearsanta trí athdhréachtú
athléamh, ceartú, athscríobh, poncaíocht, peannaireacht
- úsáid a bhaint as cláir oiriúnacha réamhullmhaithe don ríomhaire pearsanta
- poncaíocht a úsáid chun cur le soiléireacht na scríbhneoireachta
ceannlitreacha, an lánstad, an chamóg, an comhartha ceiste
- tabhairt faoi litriú na Gaeilge go muiníneach.

Comhtháthú le hábhair eile

OSPS: Mé féin—ainm agus seoladh i nGaeilge ar chóipleabhar

Tíreolaíocht: An timpeallacht dhaonna—lipéid agus comharthaí ón timpeallacht a chóipeáil

Rangganna

5 agus 6

Pleanáil

Leagan amach agus struchtúr

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge leagtha amach ina shnáitheanna agus ina shnáithaonaid chun cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a phleanáil. Tugtar samplaí d'eispéiris foghlama sna snáithaonaid, ach is féidir cinn eile a fheileann don pháiste agus do chúinsí na scoile a roghnú freisin. Chomh maith leis na snáitheanna agus na snáithaonaid tugtar foramharc ar na feidhmeanna teanga agus ar na téamaí ar leathanach 63.

Is iad snáitheanna an churaclaim do ranganna 5 agus 6 ná *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Mar dhlúthchuid de na snáitheanna go léir tá snáithaonad dar teideal 'Ag cothú spéise'. Ní hé atá i gceist go múinfí ceacht dar teideal 'Ag cothú spéise' ach go gcothófaí spéis i ngach gné de mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge: go neamhfhoirmiúil (an úsáid a bhainfí as an nGaeilge i ngnáthchaint an lae) agus sa teagasc. Sa dá shnáithaonad eile tá gníomhaíochtaí leagtha amach a chothaíonn tuiscint an pháiste ('Ag tuiscint teanga') agus a spreagann é/í chun an Ghaeilge a úsáid ('Ag úsáid teanga').

Tá dlúthcheangal idir na gníomhaíochtaí a luaitear sna snáithaonaid, na feidhmeanna teanga agus na téamaí. Baintear úsáid as na gníomhaíochtaí sin chun na heiseamláirí a mhúineadh i gcomhthéacs na dtéamaí.

Clár cothrom éagsúil leanúnach

Ba chóir eispéiris foghlama a chur ar fáil do na páistí le go mbeidh cothromaíocht idir *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Ba chóir féachaint chuige freisin go mbeidh gníomhaíochtaí éagsúla agus tascanna níos deacra le déanamh ag na páistí ag an leibhéal seo. Beidh an bhéim i gcónaí ar an teanga labhartha, ar dhánta, ar amhráin, ar scéalta, ar dhrámaí gearra, ar chluichí teanga, agus ar úsáid na Gaeilge i suímh nua le rólghlacadh agus le seiftiú. Treiseofar fuaimeanna, saibhreas foclóra agus patrúin na Gaeilge tríd an ábhar teagaisc agus foghlama seo.

Chun deimhin a dhéanamh den leanúnachas ó rang go rang beidh sé mar aidhm ag an múinteoir féachaint chuige nach mbeidh aon bhearnaí in eispéireas teanga an pháiste.

Cur chuige comhtháite

Cé gur snáitheanna difriúla iad *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*, déanfar iad a chomhtháthú lena chéile chomh minic agus is féidir sa cheacht. Chomh maith leis sin déanfar comhtháthú le hábhair eile anois is arís trí na téarmaí Gaeilge a úsáid, trí na páistí a mholadh agus trí threoracha a thabhairt i rith na gceachtanna. Is féidir dul céim níos faide agus an Ghaeilge a úsáid mar theanga theagaisc i snáitheanna áirithe de na hábhair eile. Tugtar cúpla smaoineamh ag bun gach snáithe chun cabhrú leis an múinteoir an comhtháthú seo a dhéanamh.

Snáithe: Éisteacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

go neamhfhoirmiúil

- éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach sa seomra ranga agus sa scoil

mar theanga chaidrimh

daoine a chur in aithne dá chéile

mar theanga bhainisteoireachta ranga

iarraidh ar dhuine rud éigin a

dhéanamh

léiriú dearcaidh phearsanta

maithiúnas agus tacaíocht á dtabhairt

- éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha

lá breithe, ócáidí speisialta, ceolchoirm

sa teagasc

- éisteacht chun brí ghinearálta a bhaint as ábhar taitneamhach

an múinteoir ag insint scéalta agus ag léamh

sceitsí agus dánta

TG4 i rith an lá scoile

fiseáin d'ábhair éagsúla; irischláir, cláir

spóirt agus staire, nuacht agus aimsir, sceitsí, drámaí

ceol na hÉireann, ceol Ceilteach agus ceol

Eorpach

rockamhráin agus ceol tíre Gaeilge

- éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha

scéalta agus béaloideas na hÉireann

féilte na bliana, comparáid le cultúir eile

- rogha níos minice a fháil faoin ábhar éisteachta

'Cad a bheidh againn, amhrán nó scéal?'

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht leis an nGaeilge á labhairt go fíorchumarsáideach ar na hócáidí céanna gach lá chun nathanna cainte agus foirmlí teanga a dhaingniú
*gnásanna na maidine
ag dul abhaile
ag imirt cluichí*
- éisteacht le cainteoir(í), beo agus i bhfíseáin, agus an chaint a thuiscint le cabhair ó gheáitsí, ón nguth agus ón gcomhthéacs
- cluichí spreagúla a éilíonn éisteacht agus tuiscint a imirt
*éisteacht agus tomhas
éisteacht agus pictiúr a tharraingt
éisteacht agus mím a dhéanamh
cluiche bingo
tráth na gceist*
- páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí éisteachta a éilíonn tuiscint bhunúsach
*éisteacht agus taispeáint
éisteacht agus clárú eolais
éisteacht agus breacadh nóta
éisteacht agus leanúint treoracha*
- oiliúint bhreise i scil na héisteachta a fháil trí úsáid a bhaint as téipeanna
*réamhphlé agus réamhcheisteanna
ceisteanna le linn éisteachta
iarcheisteanna*
- cumas géaréisteachta a fhorbairt a thuilleadh chun na difríochtaí idir consain loma, shéimhithe agus uraithe agus consain chaola agus leathana a thabhairt faoi deara
*Tá tuí ar thaobh an tí tuí, atá thíos sa toinn.
Chroch mé mo chóta ar an gcrúca.
Chaith mé scaif mar bhí an lá fuar.
Lá breá!
Leáigh an t-uachtar reoite*
- éisteacht leis an múinteoir agus gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann leis na céadfaí agus na mothúcháin
*boladh, blaiseadh, feiceáil, cloisteáil,
sásamh, míshásamh, gliondar croí, díomá*
- fíricí nua a fhoghlaim trí éisteacht agus tuiscint.

Comhtháthú le hábhair eile

Corpoideachas: Damhsa: Ballaí Luimnigh

Stair: Staidéar áitiúil—nósanna ón traidisiún béil, leigheasanna, piseoga, scéalta áitiúla

Tíreolaíocht: Tuiscint d'áit: Logainmneacha áitiúla agus an scéal a ghabhann leo—Cill Dara, Baile Átha Luain, Dún na nGall, Tír Eoghain, Ros Comáin, Léim an Bhradáin

Ceol: Ag éisteacht agus ag freagairt: Ceol agus amhráin thraidisiúnta

Snáithe: Labhairt

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

go neamhfhoirmiúil

- an Ghaeilge a labhairt go teagmhasach sa seomra ranga agus sa scoil chun gnáthriachtanais chumarsáide a chomhlíonadh

sa teagasc

- dánta a aithris
- amhráin a chanadh
- páirt a ghlacadh i ndrámaí, i sceitsí agus in agallaimh
- aird a thabhairt ar ghnéithe den teanga chun feasacht teanga a fhorbairt

na leideanna neamhlabhartha

Gaeilge tríd an mBéarla:

*clan, galore, boreen, smithereens,
meas on ...*

Béarla tríd an nGaeilge

mo bhicycle, boot an chairr

comhdhéanamh focal

leabhar/lann, eolaí/ocht, tír/eolaíocht

- an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha

féilte na bliana

cluichí Gaelacha

ceol agus damhsaí Gaelacha

- rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar cainte.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach
- nuacht a thabhairt
an scoil, timpeallacht na scoile, nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta
- labhairt faoi/fúithi féin agus faoina g(h)náthshaol laethúil
a c(h)aitheamh aimsire
- scéalta a athinsint ina f(h)ocail féin, ceisteanna a chur agus a fhreagairt fúthu, agus iad a léiriú i rólghlacadh
- foclóir níos leithne a úsáid
*cluichí foclóra
focail chomhchiallacha agus fhrithchiallacha
grúpaí focal (gréithe, troscán, seanra)*
- sainfhoclóir na dtéamaí a fhorbairt i gcomhthéacsanna éagsúla
- cluichí teanga a imirt
*pictiúr a fhorlónadh ó threoracha ó bhéal
déan, ná déan, tarraing, abair, ná habair
cuir, cuirigí, ná cuirigí
aimsíú na ndifríochtaí idir phictiúir
suíomh, comhaireamh daoine agus rudaí
gníomhú agus labhairt
pictiúir a aimsíú ó chur síos
foclóir agus focail cháilitheacha*
- scéalta a chríochnú agus a chumadh
- rólghlacadh i suímh dhifriúla
bunaithe ar na téamaí
- cluichí a imirt chun taithí a fháil ar ghramadach na Gaeilge
*Cé mise? nó Fiche ceist
an chopail 'is' agus an briathar 'tá'
Cén post atá agam?
na gairmeacha beatha
Cé leis?
mo, do, a, ár, bhur, a*
- úsáid a bhaint as na suímh agus na treonna i gcluichí páirce
*ar an, idir, in aice, trasna
isteach, istigh, amach, amuigh
thuas, thíos, suas, síos, anuas*
- caint faoi rudaí a tharla, a tharlaíonn agus a tharlóidh
*dhún/níor dhún mé, thit sé, nigh sé
d'éirigh/níor éirigh tú, fuair/ní bhfuair mé
rinne/ní dhearna tú, bhí/ní raibh sé
dúnfaidh/ní dhúnfaidh sé, titfidh tú, nífidh mé, éireoidh tú, ní bheidh sé
dúnaim, titeann sí, níonn sé, éiríonn/ní éiríonn sí, faigheann/ní fhaigheann sí
bím/ní bhím, ní thugann sé.*

- cur síos ar eachtraí atá ag tarlú agus atá tar éis tarlú
*ag dúnadh, ag ní, ag éirí, ag ceannach
ag teacht, ag rá, ag tabhairt, ag tógáil
dúnta, nite, ceannaithe, tagtha, ráite,
faighte, tugtha, tógtha*
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
*An bhfaca? Chonaic/Ní fhaca
Ar ith? D'ith/Níor ith
Conas?/Cén chaoi?/Cén dóigh?
Cathain?
Cén fáth?/Cad chuige?
Ar mhaith leat? Ba mhaith/Níor mhaith
Cad a déarfá le ...?*
- réimse níos leithne rudaí a ainmniú i gcomhthéacsanna éagsúla
*uathu agus iolra
tá an bord agus an fhuinneog glan
tá na boird agus na fuinneoga glan
tá Seán ag glanadh an bhoird in aice na fuinneoige*
- focail cháilitheacha a úsáid le hainmfhocail agus le briathra
*an seanfhear bocht cromtha, lá breá gréine
shiúil mé go tapa/go mall*
- comparáid a dhéanamh
*níos glaine, is glaine, níos fearr, is fearr
an-chliste, róchliste*
- úsáid a bhaint as
*agam, orm, liom, fúm, díom, romham,
chugam, uaim*
- páirt a ghlacadh i gcluichí foghraíochta agus litrithe.

Comhtháthú le hábhair eile

OSPS: Mé féin—an domhan lasmuigh díom

Stair: Staidéar áitiúil: 'bealach' tríd an mbaile nó tríd an reilig áitiúil

Sloinnte:

Ó hÍcí = bhí sé in ann duine a leigheas

Mac Giolla Easpaig = mac shearbhónta an easpaig

Ó = Ua = mac mic, Ní = Iníon Uí

Tíreolaíocht: Tuiscint d'áit: Logainmneacha—cnoc, tulach, loch, bóthar, céide, ascaill

Corpoideachas: Lúthchleasaíocht: Cluichí: Damhsa

Na hamharcealaíona: Tógáil: Tógálacha a dhéanamh: Treoracha á leanúint

Snáithe: Léitheoireacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léitheoireacht a shamhlú le taitneamh trí éisteacht leis an múinteoir mar dhea-léitheoir ag léamh ábhar spéisiúil léitheoireachta
- brí a bhaint as an bhfocal scríofa sa timpeallacht, go háirithe sa seomra ranga
 - lipéid, fógraí, comharthaí*
 - scríbhneoireacht ar an gelár dubh*
 - siopaí, oifig an phoist, an banc, comharthaí bóthair*
- sracfhéachaint ó am go ham ar réimse leathan d'ábhar léitheoireachta
 - scéalta nuascríofa, miotais, finscéalta*
 - iris eolaíochta*
 - ailt faoi leith as nuachtáin Ghaeilge*
- tréimhsí taoiléitheoireachta a chaitheamh i gcomhair pléisiúir
 - irisí, scéalta comhaimseartha*
 - leabhair eolais: an timpeallacht, stair agus tíortha eile.*

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an téarmaíocht ar leith a bhaineann leis an léitheoireacht a chloisteáil as Gaeilge agus a thuiscint
*féachaigí ar leathanach caoga a seacht!
barr, lár, bun an leathanaigh
tús an chéad ailt/an dara ailt*
- an téarmaíocht bhunúsach a bhaineann le leabhair a thuiscint
*teideal, údar, clúdach cúil agus tosaigh,
leathanach, alt, caibidil, an comhartha ceiste*
- foclóir pearsanta níos leithne de ghnáthfhocail inléite a chur le chéile óna t(h)aithí ar théacs sa timpeallacht agus ar leabhair
- focal a aithint i dtéacs trí úsáid a bhaint as leideanna ón gcomhthéacs, ón gcomhréir, agus ó ghraiféimeanna
- straitéisí éagsúla léitheoireachta a chleachtadh
*léitheoireacht thapa
sracfhéachaint
spléachadh
gnáthléitheoireacht
grinnléitheoireacht*
- tuiscint a fháil ar chóras fuaimeanna na Gaeilge
*guta fada agus gearr
consan leathan agus caol
séimhiú ar thúsconsan*
- fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla a thabhairt faoi deara

<i>na défhoghair /ua/, /ia/</i>	<i>fuair, bia</i>
<i>/ai/ agus /au/</i>	<i>adharc, gabhar</i>
<i>t agus d leathan agus caol</i>	<i>tuí, doras, teach, deoch</i>
<i>ch leathan agus caol</i>	<i>chan, cheann</i>
<i>l leathan agus caol</i>	<i>lá, leáigh</i>
- focail a aithint agus a rá trí iad a bhriseadh ina siollaí agus trí thógáil ar fhréamhacha focal
*mad/ra, cup/án, tiom/án/aí, tráth/nóna
os/pid/éal
leabhar/lann/aí, rith/fidh, bróg/a,
bus/anna*
- an príomhsmaoineamh a aithint
*ceisteanna a chur agus a fhreagairt
an téacs a phlé
anailís a dhéanamh ar an téacs.*

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léamh i gcomhpháirt le daoine eile
páiste eile, an múinteoir, tuismitheoir, duine fásta eile
- léitheoireacht fheidhmiúil a dhéanamh
treoracha do chluichí boird a leanúint, puzaíl, crosfhocail
- ábhar céimnithe léitheoireachta a léamh os ard agus go ciúin
- ábhar dílis a léamh ag leibhéal oiriúnach
*sceideal TG4
biachláir
oidis chócaireachta
fógraí sa scoil
míreanna as leabhair eolais*
- taithe a fháil ar chineálacha éagsúla téacs
*cartúin, páipéir ghrinn
scéalta, dánta simplí
amchlár an ranga*
- freagairt do phearsana agus d'eachtraí i scéal nó dán
*drámaíocht
gníomhaíochtaí ealaíne
plé
scríbhneoireacht*
- léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha
*scéalta béaloidis agus nuascríofa
clár an chluiche ceannais camógaíochta nó peile a léamh.*

Comhtháthú le hábhair eile

Stair: Scéalaíocht—scéalta stairiúla i leabhair shimplithe

Tíreolaíocht: Léarscáileanna: Ainmneacha sléibhte agus aibhneacha a léamh agus a thuiscint—Sliabh, Beann, Abha, Áth, Béal Easa

Ceol: Ag éisteacht agus ag freagairt—éisteacht leis na hamhráin agus an téacs a léamh

Snáithe: Scríbhneoireacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- taitneamh agus sásamh a bhaint as gníomhaíochtaí oiriúnacha scríbhneoireachta
- taithí a fháil ar atmaisféar ranga a léiríonn meas ar an bhfocal scríofa agus a chuireann luach ar dhea-iarrachtaí scríbhneoireachta
 - obair ar taispeáint*
 - bailiúchán d'iarrachtaí pearsanta*
 - nuachtlitreacha*
 - irisí scoile*
- aischothú dearfach a fháil ar obair phearsanta
 - ón múinteoir, ó bhéal agus i scríbhinn*
 - ó pháistí eile, ó thuismitheoirí, ó chuiditheoirí*
- an múinteoir a fheiceáil ag scríobh agus ag baint sásaimh as
- rogha a dhéanamh faoi ábhar na gceachtanna scríbhneoireachta
 - 'Céard ba mhaith libh a scríobh, litir nó scéal?'*

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- scríobh do léitheoirí nó d'éisteoirí éagsúla
é/í féin, múinteoir, páistí eile, an teaghlach, cuairteoirí
- cabhair a lorg ón múinteoir
- cluichí taitneamhacha scríbhneoireachta a imirt
*puzail agus crosfhocail a dhéanamh
cluichí focal a imirt
tomhais nó crosfhocail a chumadh do ranganna eile*
- abairtí a chur san ord ceart chun scéal a scríobh
- creatlacha réamhcheaptha d'alt nó d'aiste ghearr a chóipeáil agus a iomlánú
- scríbhneoireacht fheidhmiúil agus cumarsáid a dhéanamh
*litir shimplí
ainm, seoladh agus síniú pearsanta
cártaí poist
teachtaireachtaí
litir iarratais chuig Raidió na Gaeltachta, TG4*
- cur síos ar phictiúir
- tuairiscí, ailt, aistí gearra, scéalta simplí a scríobh agus a chríochnú
- ord a chur ar scéal
*ar dtús, ansin, tar éis tamaill, ar deireadh
mar a dúirt mé ..., ar an lámh eile de ..., ach,
agus ...*

- scríobh faoi/fúithi féin agus faoina g(h)náthshaol laethúil
*dialann phearsanta a choimeád
fúíoll-leabhair a choimeád*
- scríobh i gcomhthéacsanna cultúrtha
*na comhábhair do phancóga ag an Inid
cuntas ar an gcluiche ceannais
achomre ar scéal béaloidis
seanfocail a scríobh agus a léiriú*
- feabhas a chur ar iarrachtaí pearsanta trí athdhréachtú
*ullmhúchán, dréachtú, athléamh,
athdhréachtú, athscríobh*
- scríobh go rialta agus ar feadh tréimhsí níos faide
- úsáid a bhaint as cláir oiriúnacha réamhullmhaithe don ríomhaire
*eachtraí a chumadh agus a scríobh
pictiúir a chur in ord agus scéal a scríobh*
- poncaíocht a úsáid
*na ceannlitreacha, an lánstad, an chamóg,
an comhartha ceiste*
- tabhairt faoi litriú na Gaeilge go muiníneach
*buille faoi thuairim a thabhairt
patruín chomóna litrithe a fhoghlaim
'caol le caol agus leathan le leathan' a
fhoghlaim*
- an foclóir a úsáid mar chabhair don litriú.

Comhtháthú le hábhair eile

OSPS: Mé féin—eolas pearsanta a líonadh ar fhoirm

Eolaíocht: Ag dearadh agus ag déanamh: Ag pleanáil: Oidis chócaireachta a leanúint ó bhéal agus a scríobh

Na scoileanna
Gaeltachta
agus
lán-Ghaeilge

Foramharc ar na feidhmeanna teanga

Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, cuir i gcás cuireadh a thabhairt, cead a lorg nó mianta a léiriú. Is iad na feidhmeanna teanga croilár an churaclaim Ghaeilge agus beidh siad le comhlíonadh i ngach gné den chumarsáid, pé acu ag éisteacht, ag labhairt, ag léamh nó ag scríobh atá an páiste. Athraíonn an cineál teanga a úsáideann duine, ag brath ar an ról atá aige/aici sa chomhrá, na daoine a bhfuil sé/sí ag caint leo, an suíomh agus an téama. Sin é an fáth a n-athraíonn an cineál teanga a chomhlíonann na feidhmeanna teanga.

Má bhíonn an múinteoir agus an páiste ag caint faoin téama 'siopadóireacht' beidh na heiseamláirí teanga a chuireann ar chumas an pháiste 'mian a léiriú' le múineadh agus le foghlaim. Ag leibhéal amháin is féidir an fheidhm sin a chomhlíonadh leis an eiseamláir *'Seacláid, le do thoil'* agus ag leibhéal eile *'Ba mhaith liom barra seacláide, le do thoil.'* Is léir mar sin go ndéanfaidh eiseamláirí difriúla teanga an fheidhm chéanna a chomhlíonadh. Caithfidh an múinteoir foclóir a bhaineann leis na téamaí a chur leis na heiseamláirí chun go mbeidh an páiste in ann iad a aistriú ó shuíomh amháin go suíomh eile: mar shampla, *'Ba mhaith liom buataisí nua/T-léine nua/féachaint ar an gcluiche peile/dul amach le mo chairde, le do thoil.'*

Tá suímh fhíorchumarsáide le fáil go héasca taobh istigh agus taobh amuigh den scoil sna ceantair Ghaeltachta. Ós rud é go n-úsáidtear an Ghaeilge mar theanga theagaisc sna scoileanna seo bíonn fíorchumarsáid ar siúl ó thús deireadh an lae. Sa cheacht Gaeilge, mar sin féin, bíonn cleachtadh i suímh insamhlaithe ag teastáil ó am go ham, ag brath ar leibhéal an ranga, is é sin, foghlaim foclóra agus struchtúr d'agallaimh réamhullmhaithe agus cleachtadh i gcluichí gramadaí agus i ndrúmaí stáitse.

Tá liosta feidhmeanna do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar na leathanaigh seo a leanas. Tugtar eiseamláir amháin (i gcló iodálach) le feidhm faoi leith le bealach amháin a thaispeáint chun í a chomhlíonadh. Ní gá do na múinteoirí iad féin ná na páistí a theorannú don liosta feidhmeanna atá anseo. Is féidir leis an múinteoir eiseamláirí a roghnú, ag brath ar riachtanais chumarsáide an pháiste agus ar an úsáid a bhaintear astu ó shuíomh amháin go suíomh eile. Mar shampla, is féidir *'Is maith liom'* a úsáid go minic.

Feidhmeanna teanga do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

caidreamh sóisialta a dhéanamh

- beannú do dhuine
Dia duit!
- slán a fhágáil
Feicfidh mé amárach thú.
- glaoch ar dhuine
A Mháire!
- aird a lorg
Gabh mo leithscéal! Haló!
- bualadh le duine
An bhfuil tú go maith?
- cur in aithne
Seo í mo dheirfiúr Ciara.
- freagairt do chur in aithne
Haló! Dia duit!
- comhghairdeas a dhéanamh
Comhghairdeas!
- comhbhrón a dhéanamh
Mí-ádh!
- sláinte a ghuí
Dia go deo le Deirdre!

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

soiléiriú a lorg i gcomhrá

- easpa tuisceana a léiriú
Ní thuigim thú.
- cabhair a lorg
Cén Ghaeilge atá ar ...?
- litriú a lorg
Litrigh 'shuíil', más é do thoil é.
- iarraidh ar dhuine rud éigin a scríobh
Scríobh dom é, más é do thoil é.
- athrá nó méid áirithe athrá a lorg
Abair é sin arís!
Gabh mo leithscéal, cén t-am a dúirt tú?
- caint níos moille a lorg
Abair go mall é, más é do thoil é.
- easpa cumais a léiriú
Ní féidir liom é sin a thuiscint.
- eolas breise nó deimhniú ar thuiscint a lorg
Cén áit go díreach a bhfuil an teach sin?
Ar dheis, an ea?

Ba chóir go gcuirfi ar chumas an pháiste

dul i gcion ar dhuine

- cead a lorg, a thabhairt, a dhiúltú
An bhfuil cead agam imeacht? Tá. Níl fós.
- buíochas a léiriú
Go raibh míle maith agat!
- smaoinemh a chur chun cinn
Céard faoi chluiche peile?
- iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh nó a éileamh
*An liathróid!
Faigh mo chóta, más é do thoil é.*
- impí ar dhuine
Á, lig dom dul chuig an dioscó!
- áiteamh ar dhuine
*Níl sé ródhaoir. Ceannaigh é!
Déan iarracht amháin eile!*
- duine a mhealladh
Tá sé an-éasca. Bain triail as.
- plámás a dhéanamh le duine nó duine a ionramháil
Tá tusa go han-mhaith ag ní na ngréithe.
- dallamullóg a chur ar dhuine
Féach, níl sé briste ar chor ar bith!
- duine a ghríosadh
Coinnigh ort!
- magadh faoi dhaoine
Há! há! Tá buaite againn oraibh!
- cuireadh a thairiscint, nó glacadh leis, nó é a dhiúltú agus fiosrú faoi
*Ar mhaith leat teacht chuig mo chóisir?
Beidh sé sin an-mhaith ar fad.
Ní féidir liom, tá brón orm.
Cén t-am a bheidh sí ar siúl?*

- moladh a dhéanamh do dhuine
Nach n-imreofá cluiche linn?
- glacadh le hiompar duine nó diúltú dó
*Tá sé sin ceart go leor.
Níl sé sin ceadaithe.*
- duine a rialú nó a smachtú
Ní féidir é sin a dhéanamh.
- toirmeasc a chur ar iompar duine
Ní féidir le haon duine lámh a leagan ar an liathróid.
- daoine a eagrú
Ceart go leor, is mar seo a dhéanfaimid é.
- foláireamh a thabhairt do dhuine
Bí cúramach!
- stádas a fhógairt nó a cheistiú
Mise atá i gceannas! Tusa?
- maíomh
Is mise an duine is fearr!
- dúshlán duine a thabhairt
Ní féidir leatsa é sin a dhéanamh!
- umhlaíocht nó easumhlaíocht a léiriú
*Ceart go leor, déanfaidh mé anois é.
Ní dhéanfaidh mise é sin.*
- aisfhreagairt
Bíonn orm sa é a dhéanamh i gcónaí!
- sotal a léiriú
Cén fáth nach ndéanann tú féin é?
- cabhair a lorg, a thairiscint, glacadh léi nó diúltú di
*An féidir leat cabhrú liom? Is féidir agus fáilte.
Ní féidir, tá aiféala orm!
Ar mhaith leat lámh chúnta? Tá mé ceart go leor, go raibh maith agat.*

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

dearcadh a léiriú agus a lorg

- eolas, aineolas, cuimhne nó easpa cuimhne a léiriú agus fiosrú fúthu
*An bhfuil a fhios agat? Nach raibh a fhios agat?
 An cuimhin leat? Nach cuimhin leat?
 Tá a fhios agam sin. Ní raibh a fhios agam sin.
 Is cuimhin liom. Ní cuimhin liom.*
- cinnteacht nó éiginnteacht a léiriú agus fiosrú fúthu
*An bhfuil/nach bhfuil tú cinnte go bhfuil sé ag teacht? Tá.
 Níl mé cinnte ar chor ar bith.
 Féidear thacht
 B'fhéidir go bhfuil sé sa chófra. B'fhéidir é.*
- leibhéal dóchúlachta a léiriú agus fiosrú faoi gan amhras
*An mbuafaimid, meas tú?
 Buafaimid, gan amhras!*
- is dócha
An dócha go mbuafaimid? Is dócha é.
- is féidir
*An bhfuil seans ann go mbuafaimid?
 Tá seans an-mhaith ann.*
- ní móide
*Nach móide go mbuafaimid? Ní móide é.
 gan seans
 Nach bhfuil aon seans ann go mbuafaimid?
 Níl aon seans ann ar chor ar bith.*
- taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú agus fiosrú fúthu
*An maith leat rotháocht?
 Is breá liom í. Is fuath liom í.*
- mianta a léiriú agus fiosrú fúthu
*Ar mhaith leat mílseán? Ba mhaith. Níor mhaith.
 Ba mhaith liom deoch uisce.*
- rogha a léiriú agus fiosrú fúithi
*Cé acu is fearr leat, liomanáid nó deoch oraístí? Deoch oraístí.
 Is fearr liom úlla ná oraístí.*
- leithscéal a ghabháil
Tá brón orm go bhfuil mé déanach.
- sásamh nó míshásamh a léiriú agus fiosrú fúthu
*An bhfuil sé seo ceart go leor?
 Tá sé sin an-mhaith.
 Níl sé sin rónéata.*
- aontú nó easaontú le ráiteas, agus fiosrú faoi
*Nach doigh leat go bhfuil sé sin fíor?
 Is ea, tá an ceart agat.
 Níl sé sin fíor.*
- ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú agus fiosrú fúthu
*An féidir leat rotháocht? Nach féidir leat snámh?
 Is féidir liom. Ní féidir liom.*
- séanadh
(D'fhág tusa an clós!) Níor fhág!
- maithiúnas a thabhairt
Tá sé sin ceart go leor!

- tacaíocht a léiriú
Tá sé sin go breá/go maith.
- díomá a léiriú
Tá díomá orm faoi sin!
- dóchas a léiriú
Tá súil agam go mbeidh sé tirim amárach.
- ligean air/uirthe
Féach, is féidir liom eitilt!
- scéalta nó scéilíní grinn a chumadh agus a insint
Lá amháin ...
- léiriú gur gá nó nach gá rud éigin a dhéanamh agus fiosrú faoi
*An gcaithfimid fanacht istigh? Nach gcaithfimid é a dhéanamh?
Caithefid fanacht ciúin. Ní gá duitse é a dhéanamh.*
- léiriú faoina bhfuil ar intinn agus fiosrú faoi
Táimse ag dul ann amárach. Céard fútsa?
- tuiscint ar rud éigin a léiriú
Tá sé seo an-éasca.
- léiriú gur cuma le duine
Is cuma liom!
- aiféala a léiriú
Ní dhéanfaidh mé arís é!

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

eolas a thabhairt agus a lorg

- aithint
Seo é mo rothar nua.
- tuairisciú
Tá an fhuinneog briste.
- teachtaireacht a thabhairt
Beidh sí anseo ar a deich.
- ceartú, le béim chuí
Ní leatsa é. Is liomsa é.
- ceisteanna a chur
Cén fáth a bhfuil tú déanach?
- ceisteanna a fhreagairt
Níor chuala mé an clog.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

struchtúr a chur ar chomhrá

- oscailt
A Liam! Nóiméad amháin, más é do thoil é!
- féincheartú
Gabh mo leithscéal, ní Peadar a bhí ann ach Pól.
- cur síos a dhéanamh céim ar céim
ar dtús ... agus ansin ...
- coimriú
le scéal fada a dhéanamh gearr ...
- teacht ar thuairim
Is dóigh liom gurb in é an fáth a bhfuil sé as láthair.
- deireadh a chur
Bhuel, sin é!
- tús a chur le comhrá teileafóin
Haló!
- duine ar leith a lorg ar an teileafón
Ba mhaith liom labhairt le Pól.
- léiriú go nglaofar arís ar an teileafón
Beidh mé ag caint leat arís amárach.
- tús a chur le litir
A Shiobhán, a chara,
- deireadh a chur le litir
Mise le meas,

Ranganna naíonán

Catagóirí feidhmeanna

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá
- Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Struchtúr a chur ar chomhrá

Féach leathanach 80–84

Snáitheanna

Snáithaonaid

Éisteacht

- Ag cothú spéise
- Ag tuiscint teanga
Cumas agus muinín
Samhlaíocht agus mothúcháin

Labhairt

- Ag cothú spéise
- Ag úsáid teanga
Cumas agus muinín
Samhlaíocht agus mothúcháin

Léitheoireacht

(tús na léitheoireachta b'fhéidir)

- Ag cothú fonn léitheoireachta
- Ag tuiscint teanga
- Ag úsáid teanga
Cumas agus muinín
Samhlaíocht agus mothúcháin

Scríbhneoireacht

(tús na scríbhneoireachta b'fhéidir)

- Ag cothú fonn léitheoireachta
- Ag úsáid teanga
Cumas agus muinín
Samhlaíocht agus mothúcháin

Na téamaí

- Mé féin
- Sa bhaile
- An scoil
- Bia
- An teilifís
- Siopadóireacht
- Caitheamh aimsire
- Éadaí
- An aimsir
- Ócáidí speisialta

Pleanáil

Leagan amach agus struchtúr

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge leagtha amach ina shnáitheanna agus ina shnáithaonaid chun cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a phleanáil. Tugtar samplaí d'eispéiris foghlama sna snáithaonaid, ach is féidir cinn eile a fheileann don pháiste agus do chúinsí na scoile a roghnú freisin. Chomh maith leis na snáitheanna agus na snáithaonaid tugtar foramharc ar na feidhmeanna teanga agus ar na téamaí ar an leathanach thall.

Is iad snáitheanna an churaclaim do ranganna na naíonán ná *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Tá snáithaonaid éagsúla (féach leathanach 87) mar dhlúthchuid díobh. Ba chóir go gcothófaí dearcadh dearfach i leith na Gaeilge sa pháiste. Ba chóir go gcuirfí ar a c(h)umas tríd an mhuinín a chothú an Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide, sa scoil go háirithe ach sa bhaile agus sa Ghaeltacht chomh maith. Ba chóir freisin go gcuirfí ar chumas an pháiste é/í féin a chur in iúl agus a c(h)uid samhlaíochta agus mothúchán a léiriú trí mheán na Gaeilge. Moltar an léitheoireacht fhoirmiúil a thosú nuair a bheidh scileanna labhartha agus éisteachta an pháiste daingnithe go láidir agus gan tosú ar an léitheoireacht fhoirmiúil sa dá theanga ag an am céanna.

Tá dlúthcheangal idir na gníomhaíochtaí a luaitear sna snáithaonaid, na feidhmeanna teanga agus na téamaí. Baintear úsáid as na gníomhaíochtaí sin chun na heiseamláirí a mhúineadh i gcomhthéacs na dtéamaí.

Clár cothrom éagsúil leanúnach

Ba chóir eispéiris foghlama a chur ar fáil do na páistí le go mbeidh cothromaíocht idir *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Ba chóir féachaint chuige freisin go mbeidh gníomhaíochtaí éagsúla agus tascanna oiriúnacha le déanamh ag na páistí. Beidh an bhéim i gcónaí ar an teanga labhartha, ar dhánta simplí, ar amhráin, ar scéalta, ar sceitsí gearra agus ar chluichí teanga. Chun deimhin a dhéanamh den leanúnachas ó rang go rang beidh sé mar aidhm ag an múinteoir féachaint chuige nach mbeidh aon bhearnaí in eispéireas teanga an pháiste.

Cur chuige comhtháite

Cé gur snáitheanna difriúla iad *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*, déanfar iad a chomhtháthú lena chéile chomh minic agus is féidir sa cheacht. Tarlaíonn comhtháthú idir na hábhair eile agus an Ghaeilge go nádúrtha trí úsáid na Gaeilge mar theanga theagaisc sna scoileanna seo, agus déantar saibhriú ar an nGaeilge, idir fhoclóir agus struchtúir, tríd an leathnú úsáide.

Snáithe: Éisteacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach neamhfhoirmiúil mar ghnáth-theanga chumarsáide an ranga agus na scoile
- éisteacht le cuairteoirí chuig an rang
ag beannú, ag tabhairt teachtaireachtaí
- éisteacht le hábhar tarraingteach agus é a thuiscint ag leibhéal bunúsach
rainn thaitneamhacha, scéalta, gníomhamhráin, amhráin saothair
- éisteacht le guthanna eile chomh maith leis an múinteoir
téipeanna éisteachta, dlúthcheirníní scéalta áitiúla dúchasacha agus idirmáisiúnta
teilifís, fiseáin
cláir le puipéid, cartúin
sceitsí gearra
- rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar éisteachta.

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- éisteacht leis an nGaeilge á labhairt i rith an lae go léir agus éisteacht le frásaí faoi leith a úsáidtear go rialta

*ag dul amach ag am lóin
'Cé leis an bosca lóin seo?'*

*ag teacht isteach
'Is féidir libh suí síos. Tógaigí amach ...
Cuirigí isteach ...'*

- éisteacht go muinéach agus cabhair a fháil ó leideanna éagsúla

*geáitsí: na méara, an ceann, na súile
tuin: ceisteanna nó léiriú mothúchán*

- cluichí éisteachta a imirt

*éisteacht agus aithint nó taispeáint
éisteacht agus aimsiú
cur síos ar dhuine nó rud agus é a aimsiú i
bpictiúr*

*éisteacht agus meaitseáil
snap agus bingo le pictiúir*

- éisteacht agus treoracha an mhúinteora a leanúint

*éisteacht agus dathú
éisteacht agus tarraingt
deir Ó Grádaigh
'Sín amach do lámh'
gluaiseacht le ceol
na méara, na lámha, na cosa*

Samhlaíocht agus mothúcháin

- éisteacht le treoracha ón múinteoir agus mím a dhéanamh chun na mothúcháin a léiriú

eagla, fearg, áthas, brón, grá, fuacht, teas

- éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha

*scéalta gearra traidisiúnta
rainn dhúchasacha le blas an cheantair
Ghaeltachta
amhráin Ghaeilge
Oíche Shamhna
traidisiúin na háite
Lá Fhéile Pádraig.*

Snáithe: Labhairt

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tabhairt faoi labhairt na Gaeilge i rith an lae sa rang agus ar fud na scoile chun gnáthriachtanais chumarsáide a chomhlíonadh

caidreamh sóisialta a dhéanamh

beannú, slán, aird a lorg, glaoch ar dhuine,

buíochas a ghabháil

frásaí faoi leith ag am lóin, am rolla, ag teacht isteach ar maidin, ag dul abhaile tráthnóna

- an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha

rainn agus rímeanna ón traidisiún

daoine a roghnú i gcomhair cluichí

rainn scipeála

Oíche Shamhna

an chailleach, hata, clóca, scuab

tumadh don úll

guí nuair a ligtear sraoth

‘Dia linn!’

Is féidir spéis na bpáistí a chothú freisin trí rainn, amhráin, sceitsí agus drámaí. Féach Ag úsáid teanga: Samhlaíocht agus mothúcháin thíos.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- úsáid a bhaint as géaitsí agus tuin na cainte chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach

*an ceann a chroitheadh, a chlaonadh
mar fhreagra ar cheist dhiúltach nó
dhearfach*

*méara a úsáid
i gcomhair uimhreacha
chun rud a thaispeáint*

*tuin i gceisteanna agus i bhfreagraí
Míse? (suas). Is ea, tusa! (anuas)*

- nuacht shimplí a thabhairt

*ag tarraingt ar thaithí phearsanta
tarlúintí sa bhaile agus go háitiúil*

- sainfhoclóir na dtéamaí a úsáid le cabhair áiseanna mar phictiúir, bréagáin agus ábhar dílis

- focail fhrithchiallacha a thomhas le mím

*beag, mór, fuar, te, lán, folamh, fada, gearr,
bog, crua, sean, óg, gortaithe, lúfar*

- cluichí teanga a imirt

*aithint agus labhairt
'Cé mise?'*

*aimsiú agus labhairt
'Feicim le mo shúilín'*

*aimsiú na ndifríochtaí
difríochtaí móra idir dhá phictiúr shimplí*

*meaitseáil agus labhairt
snap!*

*pictiúir a chur in ord agus scéal a chumadh
gníomhú agus labhairt*

mím agus tomhas ó dhaoine eile

liostú

*éadaí, bréagáin, sceanra, gréithe
'Faigh an focal corr'*

- abairtí a chumadh agus abairtí simplí a cheangal trí úsáid a bhaint as focail cheanglaitheacha

agus, nó, ach

- daoine agus rudaí a chomhaireamh

- páirt a ghlacadh i gcleachtaí teanga agus foghraíochta a chabhraíonn leis an líofacht

rainn, focail sheafóideacha, rabhlóga an-simplí

Samhlaíocht agus mothúcháin

- caint faoi mhothúcháin agus faoi mhianta

breith linbh, lá breithe, saoire

- rainn le hathrá agus rithim chinnte a aithris

- amhráin a chanadh

gníomhamhráin, amhráin saothair le curfá

- scéalta aitheanta a chloisteáil agus páirt a ghlacadh san athrá nó i ndrámaí simplí bunaithe orthu

*'an Buachaillín Sinséir', 'an Tornapa Mór',
'Cochaillín Dearg'*

- súgradh agus spraoi leis an teanga

*fuaimeanna ón timpeallacht áitiúil a aithint
agus a athchruthú*

'Deir an bhó ... deir an chaora ...'

- rólghlacadh a chleachtadh ag leibhéil shimplí i suímh shamhlaíocha

sa bhaile, ar scoil, sa bhialann, sa siopa.

Snáithe: Léitheoireacht

Snáithaonad Ag cothú fonn léitheoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léitheoireacht a shamhlú le taitneamh trí éisteacht le scéalta agus dánta tarraingteacha á léamh os ard ag an múinteoir
- feidhmiú mar léitheoir trí leabhair a láimhseáil agus féachaint tríothu
pictiúrleabhair, cartúin, páipéir ghrinn
- taithí a fháil ar an bhfocal scríofa sa timpeallacht, go háirithe sa seomra ranga, agus a thuiscint go bhfuil brí leis
*fógraí sa seomra ranga
lipéid le haghaidh rudaí sa seomra ranga
lipéid ar shaothair ealaíne.*

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a thuiscint gur gníomhaíocht í an léitheoireacht ar féidir í a roinnt le daoine eile
- a thuiscint go bhfuil teachtaireacht i dtéacs
- stór de ghnáthfhocail inléite a chur le chéile óna t(h)aithí ar théacs sa timpeallacht agus ar leabhair
- a bhfuil á léamh aige/aici a thuiscint
mím, ceisteanna, freagraí
- an téarmaíocht ar leith a bhaineann le léitheoireacht agus le leabhair a chloisteáil agus a thuiscint
*‘Féach/amharc ar an bpictiúr ar leathanach a dó!’
teideal, clúdach, leathanach, líne, focal
clé/deas, barr/bun, tús/deireadh*
- téacs a aithint ón leagan amach
ticéad, leabhar, cartún, cárta lá breithe
- clár cuimsitheach réamhléitheoireachta a leanúint
*pictiúrleabhair
cluichí meaitseála
pictiúr le pictiúr
pictiúr le pictiúr agus focal
focal le focal
pictiúir a chur in ord
luascháirtaí
frásacháirtaí, abairtcháirtaí*
- cumas géaréisteachta i leith fuaimeanna na Gaeilge a chothú
*túslitreacha
b-ord, b-uachail, b-osca
an chuid d’fhocal a dhéanann rím leis an gcuid chéanna d’fhocail eile
b-án, l-án, sl-án*
- aird a dhíriú ar na fuaimeanna difriúla atá ag gutaí gearra agus ag gutaí fada i bhfocail
na—ná, do—dó, muc—múch, le—mé, i—í
- an ceangal idir na fuaimeanna agus litreacha scríofa a aithint
- litreacha na haibítire a aithint agus a ainmniú.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- a (h)ainm féin a aithint agus a léamh
- léitheoireacht a chleachtadh trí ‘leabhair mhóra’ a léamh in éineacht leis an múinteoir
- léamh i gcomhpháirt le duine eile
páiste eile, an múinteoir, tuismitheoir
- páirt a ghlacadh i gcluichí léitheoireachta
snap, dúradáin

Samhlaíocht agus mothúcháin

- éisteacht le scéalta agus rainn shimplí á léamh ag an múinteoir
- ábhar simplí samhlaíoch léitheoireachta a léamh
pictiúir, scéal simplí, rann, sraith pictiúr ag insint scéil
- léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha
*cártaí d’ócáidí áirithe a aithint ó na pictiúir
Lá Fhéile Pádraig
an Nollaig
Lá Fhéile Vailintín.*

Snáithe: Scríbhneoireacht

Snáithaonad Ag cothú fonn scríbhneoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a thuiscint gur féidir cumarsáid a dhéanamh trí phictiúir a tharraingt agus trí mheán na scríbhneoireachta
- taithí a fháil ar réimse leathan téacsanna sa timpeallacht, go háirithe sa seomra ranga
 - leabhair shimplí*
 - lipéid ar rudaí sa seomra ranga*
 - póstaeir*
- taithí a fháil ar atmaisféar ranga a léiríonn meas ar an bhfocal scríofa agus a chuireann luach ar dhea-iarrachtaí scríbhneoireachta
 - obair an pháiste ar taispeáint*
- aischothú dearfach a fháil ar obair phearsanta
 - ón múinteoir, ó pháistí eile, ó chuartheoirí*
- an múinteoir a fheiceáil ag scríobh agus ag baint sásaimh as.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- tuiscint a fháil ar ‘clé/deas’ agus ar ‘barr/bun’
scrábadh, patrún a leanúint agus a chríochnú
- cabhair a lorg ón múinteoir
- cleachtaí peannaireachta a dhéanamh le huirlisí scríbhneoireachta
suí i gceart
greim sásúil ar uirlisí scríbhneoireachta a fhorbairt
litirphatrúin ar pháipéar agus i ngaineamh litreacha, uimhreacha agus focail
- na litreacha aonair a ainmniú agus cabhair a fháil chun iad a scríobh
litreacha réamhdhéanta, marla, gaineamh
- scríobh do léitheoirí nó d’éisteoirí éagsúla
é/í féin, múinteoir, páistí eile, an teaghlach, cuairteoirí
- a (h)ainm féin a scríobh
- lipéid, comharthaí agus fógraí a chóipeáil agus a scríobh
don bhord dúlra, ón timpeallacht, ainm na scoile
- cleachtaí a bhaineann le tús na scríbhneoireachta a dhéanamh
ag meaitseáil abairt le pictiúr agus á scríobh
ag cumadh abairtí as focalchártaí nó as frásachártaí agus á scríobh

- liosta focal a scríobh
liosta siopadóireachta
bréagáin don Nollaig
- tuiscint a fháil ar cheannlitreacha, ar chás beag agus ar an lánstad
- abairtí a chóipeáil, a iomlánú agus a scríobh
focal in easnamh ó abairt iomlán
bolgáin chainte a líonadh
- nuacht shimplí a chóipeáil agus a scríobh
- scríobh faoi phictiúir
lipéid, abairtí a chóipeáil
- scríbhneoireacht fheidhmiúil a chleachtadh agus cumarsáid a dhéanamh
cártaí d’ócáidí áirithe a chóipeáil
- focail a scríobh ó chuimhne
- tús a chur le litriú focal simplí

Samhlaíocht agus mothúcháin

- pictiúir a tharraingt de rudaí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leis/léi agus lipéid a chur orthu
- pictiúir a tharraingt a léiríonn mothúcháin agus na céadfaí agus lipéid a chur orthu
áthas, brón, grá
radharc, éisteacht, tart, fuacht
- scríobh i gcomhthéacsanna cultúrtha
Oíche Shamhna
pictiúir agus lipéid dóibh.

Ranganna

1 agus 2

Foramharc

ranganna 1 agus 2

Catagóirí feidhmeanna

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá
- Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Struchtúr a chur ar chomhrá

Féach leathanach 80–84

Snáitheanna

Snáithaonaid

Éisteacht

- Ag cothú spéise
- Ag tuiscint teanga
 - Cumas agus muinín
 - Samhlaíocht agus mothúcháin

Labhairt

- Ag cothú spéise
- Ag úsáid teanga

Léitheoireacht

- Ag cothú fonn léitheoireachta
- Ag tuiscint teanga
- Ag úsáid teanga
 - Cumas agus muinín
 - Samhlaíocht agus mothúcháin

Scríbhneoireacht

- Ag cothú fonn léitheoireachta
- Ag úsáid teanga
 - Cumas agus muinín
 - Samhlaíocht agus mothúcháin

Na téamaí

- Mé féin
- Sa bhaile
- An scoil
- Bia
- An teilifís
- Siopadóireacht
- Caitheamh aimsire
- Éadaí
- An aimsir
- Ócáidí speisialta

Pleanáil

Leagan amach agus struchtúr

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge leagtha amach ina shnáitheanna agus ina shnáithaonaid chun cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a phleanáil. Tugtar samplaí d'eispéiris foghlama sna snáithaonaid, ach is féidir cinn eile a fheileann don pháiste agus do chúinsí na scoile a roghnú freisin. Chomh maith leis na snáitheanna agus na snáithaonaid tugtar foramharc ar na feidhmeanna teanga agus ar na téamaí ar an leathanach thall.

Is iad snáitheanna an churaclaim do ranganna 1 agus 2 ná *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Tá snáithaonaid éagsúla (féach leathanach 99) mar dhlúthchuid díobh. Ba chóir go gcothófaí dearcadh dearfach i leith na Gaeilge sa pháiste. Ba chóir go gcuirfí ar a c(h)umas tríd an mhuinín a chothú an Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide, sa scoil go háirithe ach sa bhaile agus sa Ghaeltacht chomh maith. Ba chóir freisin go gcuirfí ar chumas an pháiste é/í féin a chur in iúl agus a c(h)uid samhlaíochta agus mothúchán a léiriú trí mheán na Gaeilge chomh maith. Moltar an léitheoireacht fhoirmiúil a thosú nuair a bheidh scileanna labhartha agus éisteachta an pháiste daingnithe go láidir, agus gan tosú ar an léitheoireacht fhoirmiúil sa dá theanga ag an am céanna.

Tá dlúthcheangal idir na gníomhaíochtaí a luaitear sna snáithaonaid, na feidhmeanna teanga agus na téamaí. Baintear úsáid as na gníomhaíochtaí sin chun na heiseamláirí a mhúineadh i gcomhthéacs na dtéamaí.

Clár cothrom éagsúil leanúnach

Ba chóir eispéiris foghlama a chur ar fáil do na páistí le go mbeidh cothromaíocht idir *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*, is é sin ó thaobh gníomhaíochtaí a éilíonn tuiscint agus iad siúd a éilíonn úsáid na teanga. Ba chóir féachaint chuige freisin go mbeidh gníomhaíochtaí éagsúla agus tascanna oiriúnacha le déanamh ag na páistí. Beidh an bhéim i gcónaí ar an teanga labhartha, ar dhánta, ar amhráin, ar scéalta, ar sceitsí gearra agus ar chluichí teanga. Chun deimhin a dhéanamh den leanúnachas ó rang go rang beidh sé mar aidhm ag an múinteoir féachaint chuige nach mbeidh aon bhearnaí in eispéireas teanga an pháiste.

Cur chuige comhtháite

Cé gur snáitheanna difriúla iad *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*, déanfar iad a chomhtháthú lena chéile chomh minic agus is féidir sa cheacht. Tarlaíonn comhtháthú idir na hábhair eile agus an Ghaeilge go nádúrtha trí úsáid na Gaeilge mar theanga theagaisc sna scoileanna seo, agus déantar saibhriú ar an nGaeilge, idir fhoclóir agus struchtúir, tríd an leathnú úsáide.

Snáithe: Éisteacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach neamhfhoirmiúil mar ghnáth-theanga chumarsáide an ranga agus na scoile
- éisteacht le cuairteoirí chuig an rang
gnáthchaint, teachtaireachtaí
- éisteacht gan bhrú le hábhar tarraingteach
rainn thaitneamhacha, dánta, rabhlóga scéalta, amhráin ábhar dúchasach (ón gceantar áitiúil Gaeltachta)
- éisteacht le guthanna eile chomh maith leis an múinteoir agus iad a thuiscint
*cláir oiriúnacha ar TG4
sceitsí nó drámaí puipéad agus cartúin cócaireacht shimplí
ceard á dhéanamh: hata, aghaidh fidil
téipeanna éisteachta agus dlúthcheirníní
sraith fuaimanna a ainmniú agus scéal a insint
scéalta taifeadta a leanúint*
- rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar éisteachta.

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- éisteacht leis an nGaeilge á labhairt i rith an lae go léir agus éisteacht le frásaí faoi leith a úsáidtear go rialta

ag teacht isteach agus ag dul amach ag am lóin

*gníomhaíochtaí á n-eagrú sa rang
cluichí teanga
grúpáil agus obair ranga*

- éisteacht go muiníneach agus an chaint a thuiscint le cabhair ó leideanna éagsúla agus ón gcomhthéacs

*geáitsí
na súile, an aghaidh
béim, tuin na cainte*

- canúint an cheantair agus guthanna difriúla a aithint

seandaoine, buachaillí, cailíní

- cluichí éisteachta a imirt

*éisteacht agus aithint nó taispeáint
éisteacht agus aimsiú
éisteacht agus meaitseáil
éisteacht agus mím a dhéanamh
éisteacht agus tomhas*

- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éisteachta a léiríonn tuiscint

*éisteacht agus dathú
éisteacht agus pictiúr a tharraingt
deir Ó Grádaigh
'Cuir do lámh dheas ar do chorróg chlé.'
gluaiseacht le ceol
an ceann, na guaillí, na huillinneacha*

- taithí a fháil ar éisteacht aireach trí ghníomhaíochtaí simplí a dhéanamh

*roimh éisteacht le comhrá nó scéal tairfeadta
'Éist agus abair cén t-ainmhí a luaitear.'
tar éis éisteachta
'Cé na páistí a bhí sa scéal?'
'Céard a tharla ansin, meas tú?'*

- éisteacht le foghraíocht cheart i rainn agus in amhráin

'Chuaigh Micilín Muc ar an aonach lá'

Samhlaíocht agus mothúcháin

- taitneamh a bhaint as rithim agus as fuaimeanna rann, dánta agus amhrán

bualadh bos, damhsa mar fhreagra ar an gceol

- éisteacht le treoracha ón múinteoir chun na mothúcháin a léiriú le mím nó le pictiúr

áthas, brón, fearg, eagla, sásamh, míshásamh

- éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha

*ceolchoirm
na hamhránaithe, an cór, aithriseoireacht
damhsa*

Oíche Shamhna

nósanna sean agus nua, scéalta faoi na mairbh

Lá Fhéile Pádraig

*suaitheantas a dhéanamh ó threoracha
scéalta simplí béaloidis.*

Snáithe: Labhairt

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an Ghaeilge a labhairt go teagmhasach neamhfhoirmiúil sa seomra ranga agus sa scoil chun gnáthriachtanais chumarsáide a chomhlíonadh

caidreamh sóisialta a dhéanamh

- an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha

samhlacha a úsáid, i gcomhthéacs

‘Chomh bán le sneachta, chomh dearg le fuil’

seanfhocail a phlé

Oíche Shamhna—cluichí

Lá Fhéile Pádraig—scéal faoi Phádraig

- rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar cainte

Is féidir spéis na bpáistí a chothú freisin trí dhánta, amhráin, sceitsí agus drámaí. Féach Ag úsáid teanga: Samhlaíocht agus mothúcháin thíos.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh

geáitsí, tuin, béim

- nuacht simplí phearsanta a thabhairt
labhairt faoi/fúithi féin, a c(h)aitheamh aimsire, agus faoina g(h)náthshaol laethúil

- scéalta gearra simplí a aithris, a athinsint ina f(h)ocail féin, ceisteanna fúthu a chur agus a fhreagairt, agus codanna díobh a léiriú i rólghlacadh

- sainfhoclóir na dtéamaí a leathnú agus a úsáid le cabhair áiseanna éagsúla

pictiúir, leabhar mór nó póstaer

- abairtí a chumadh a bhfuil foclóir éagsúil agus struchtúir níos casta iontu

focail cháilitheacha: beag bídeach, mór millteach

abairtí simplí a cheangal le chéile

‘Chonaic mé cat agus madra.’

‘Ní maith liom im ná subh.’

- cluichí teanga a imirt ina mbeirteanna

aimsiú agus labhairt

‘Feicim le mo shúilín’

meaitseáil agus labhairt

gníomhú agus labhairt

liostú

‘Chuaigh mé ag siopadóireacht, cheannaigh mé seacláid, brioscáin, milseáin agus ...’

aimsiú difríochtaí idir phictiúir

focail fhrithchiallacha

cur síos ar rud éigin, na páistí eile ag tomhas

‘Tá sí tanaí agus géar, bíonn sí sa chistin.’

- suirbhéanna a dhéanamh agus tuairiscí a thabhairt

‘Cé na daoine a dtaitníonn snámh nó scátáil leo?’

‘Céard iad na cláir theilifise is fearr leat?’

- caint faoi rudaí a tharla, a tharlaíonn, atá ar siúl agus a tharlóidh

fuair mé, rinne tú, bhí sé

ní bhfuair mé, ní dhearna tú, ní raibh sibh

tugann sé, éiríonn tú, faigheann sí, bím

ní thugann sé, ní éiríonn tú, ní fhaigheann sí, ní bhím

anois

ag teacht, ag imirt, ag scríobh

déanfaidh, ní dhéanfaidh mé, ní bheidh sé

- treoracha agus orduithe a thabhairt ar bhealaí éagsúla

tar, tagaigí anseo, suigh síos, suígí síos

ná bí, ná bígí, ná dún, ná dúnaigí

An féidir leat an chathaoir a bhogadh?

- ceisteanna a chur agus a fhreagairt

‘An maith/Ar mhaith leat úll?’

‘An bhfuil cead agam deoch a fháil?’

‘An bhfuil cead agam mo lámha a ní?’

cé, cad, cad chuige?

- pictiúir a úsáid chun brí na réamhfhocal agus na bhforainmneacha réamhfhoclacha a chur in iúl

ar, sa, faoi, idir, ag, roimh, thar

ó, do, de, le, chuig

ort, fúm, agam, liom, uaidh, dúinn

- daoine agus rudaí a chomhaireamh

- páirt a ghlacadh i gcleachtaí foghraíochta agus litrithe i gcomhthéacs.

Samhlaíocht agus mothúcháin

- caint faoi mhothúcháin agus faoi mhianta
- rainn agus dánta beaga simplí a rá
rainn dhúchasacha nuair is féidir
- amhráin aeracha le gníomhartha a chanadh
- páirt a ghlacadh i léiriú scéalta aitheanta
puipeíd a úsáid
- páirt a ghlacadh i sceitsí agus i ndrámáí
ábhair a bhfuil suim ag na páistí iontu
- páirt a ghlacadh i rólghlacadh agus seiftiú i suímh éagsúla
na páistí ina bpearsantachtaí féin sa suíomh
na páistí i bpearsantachtaí eile sa suíomh
- súgradh le focail
focail raiméiseacha agus focail
neamhchoitianta a chloisteáil agus a rá
rainn agus amhráin ina bhfuil curfá gan bhrí.

Snáithe: Léitheoireacht

Snáithaonad Ag cothú fonn léitheoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- taitneamh a shamhlú le léitheoireacht trí éisteacht le scéalta agus dánta tarraingteacha á léamh os ard ag an múinteoir
- a thuilleadh taitní a fháil ar an bhfocal scríofa sa timpeallacht, go háirithe sa seomra ranga, agus é a léamh go tuisceanach
 - fógraí sa seomra ranga, sa scoil agus sa timpeallacht*
 - lipéid le haghaidh rudaí sa seomra ranga*
 - lipéid ar shaothair ealaíne*
 - scríbhneoireacht ar an gclár dubh*
- sracfhéachaint go rialta ar réimse leathan d'ábhar léitheoireachta
 - pictiúrleabhair, cartúin agus páipéir ghrinn, scéalta, dánta, rainn, póstaeir, fógraí*
- foghlaim conas teacht ar leabhair sa leabharlann ranga nó scoile
- tréimhsí taoiléitheoireachta a chaitheamh i gcomhair pléisiúir
 - leabhair scéalaíochta, rainn, leabhair eolais.*

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a thuiscint gur gníomhaíocht í an léitheoireacht ar féidir í a roinnt le daoine eile

léamh os ard chun téacs a roinnt le lucht éisteachta

a s(h)aothar féin agus saothar páistí eile a léamh

- stór níos leithne de ghnáthfhocail inaitheanta a chur le chéile óna t(h)aithí phearsanta agus ó bheith ag léamh leabhar
- an téarmaíocht ar leith a bhaineann leis an léitheoireacht agus le leabhair a chloisteáil agus a thuiscint

‘Féachaigí ar an gcéad líne sa chéad alt!’

teideal, clúdach, leathanach, lánstad, camóg

- focail a aithint nó a léamh i dtéacs trí leideanna ó phictiúir, ón gcomhthéacs agus ón gcomhréir
- úsáid a bhaint as comharthaí poncaíochta mar áiseanna tuisceana

na ceannlitreacha agus an lánstad

- an ceangal atá idir fuaimeanna na Gaeilge agus na litreacha scríofa a aithint

rím ag deireadh focal

luch-óg, cup-óg, ord-óg

cail-ín, cloig-ín, mirl-ín

*cnuaschonsain ag tús focal le l- agus r-
pláta, bláth, bréagán, traein, Gráinne*

túschonsain (caol agus leathan)

feadóg—fada, sean—san, tuí—tí

gutaí (gearr agus fada)

salann—álainn, cloch—clóca

muc—múch, te—té

défhoghair

uachtar, fuar, rua, iasc, scian, bia

- foghlaim faoin séimhiú agus faoin urú trí shamplaí i gcomhthéacs

mo chara, bhris, thóg

*An gcloiseann tú?, i mbosca, ag an ngeata,
lá na n-amadán*

- focail a aithint trína mbriseadh ina siollaí
- focail a aithint trí dhul ar ais chuig fréamhacha focal agus tógáil ar na fréamhacha sin

roth/ar, tóg/ann, cailín/í, bus/anna

- a bhfuil á léamh aige/aici a thuiscint

ceisteanna a chur agus a fhreagairt

*eachtraí ar leith a thabhairt chun cuimhne
an chéad chuid eile den scéal nó an deireadh
a thuar.*

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- léamh i gcomhpháirt le duine eile
páiste eile, an múinteoir, tuismitheoir, duine fásta eile
- cluichí taitneamhacha teanga a imirt a éilíonn léitheoireacht fheidhmiúil
*léamh agus tarraingt pictiúr
léamh agus mím a dhéanamh
léamh agus tomhas, puzail
cluichí boird*
- cineálacha éagsúla téacs a léamh go tuisceanach
cartúin, páipéir ghrinn, scéalta simplí, dánta simplí, sceideal teilifíse
- botúin léitheoireachta a cheartú go neamhspleách nuair is léir nach bhfuil ciall le baint as an rud atá léite aige/aici
- úsáid a bhaint as teicneolaíocht an eolais mar fhoinsé léitheoireachta de réir mar a oireann
*cluichí léitheoireachta don ríomhaire
scéalta idirghníomhacha don ríomhaire*

Samhlaíocht agus mothúcháin

- éisteacht le scéalta agus rann á léamh ag an múinteoir
- ábhar simplí samhlaíoch léitheoireachta a léamh
scéal, rann, cartún
- ábhair spéise a fhiosrú agus a fhorbairt
- freagairt do dhánta agus do phearsana agus d'eachtraí i scéalta
*ceisteanna a chur agus a fhreagairt
rólghlacadh
gníomhaíochtaí ealaíne*
- léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha
*Oíche Shamhna—tuairisc ar na nósanna
Lá Fhéile Pádraig—cártaí
ceolchoirm, focail na n-amhrán
scéalta simplí béaloidis.*

Snáithe: Scríbhneoireacht

Snáithaonad Ag cothú fonn scríbhneoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- taitneamh agus sásamh a bhaint as gníomhaíochtaí oiriúnacha scríbhneoireachta a chothaíonn féinmhuinín
- taithí a fháil ar atmaisféar ranga a léiríonn meas ar an bhfocal scríofa agus a chuireann luach ar dhea-iarrachtaí scríbhneoireachta
 - saothar na bpáistí á léamh os ard*
 - obair ar taispeáint*
 - bailiúcháin de shaothair phearsanta*
- aischothú dearfach a fháil
 - ón múinteoir*
 - ó na páistí eile*
 - ó chuiditheoirí*
 - dea-iarrachtaí á moladh*
 - obair phearsanta an pháiste ar taispeáint*
- an múinteoir a fheiceáil ag scríobh agus ag baint sásaimh as
- rogha a dhéanamh faoi ábhar na scríbhneoireachta.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- scríobh do léitheoirí nó d'éisteoirí éagsúla
é/í féin, an múinteoir, páistí eile, an teaghlach, cuairteoirí
- cluichí taitneamhacha focal a imirt
tóirfhocal, an crochadóir
- liosta focal a scríobh
foclóir beag, bia, liosta siopadóireachta
- abairtí le pictiúir a chur san ord ceart chun scéal simplí a scríobh
- creatlacha réamhcheaptha a chóipeáil agus a iomlánú
- scríbhneoireacht fheidhmiúil a chleachtadh
*cártaí d'ócáidí áirithe
lá breithe, an Nollaig
lá na máithreacha, lá na n-aithreacha
teachtairachtaí
nótaí*
- scríobh faoi phictiúir
frásaí, cuntais
- abairtí a scríobh
- ceisteanna faoi scéalta simplí a fhreagairt
- nuacht shimplí a scríobh
- píosa scríbhneoireachta a athdhreachtú le cabhair ón múinteoir
litriú, an leagan amach
- comhoibriú le páistí eile
*freagraí i suirbhéanna
tuairiscí a scríobh*

- dea-nósanna poncaíochta a fhoghlaim agus a úsáid
na ceannlitreacha agus an lánstad
- tabhairt faoi fhocail a litriú go muiníneach
*buille faoi thuairim a thabhairt
patrúin chomónta litrithe a fhoghlaim
focail choitianta a mbionn gá leo go rialta*
- cleachtaí peannaireachta a dhéanamh

Samhlaíocht agus mothúcháin

- scríobh go simplí faoi rudaí pearsanta a thaitníonn nó nach dtaitníonn leis/léi
- scríobh faoi/fúithi féin go rialta
*ábhair atá spéisiúil do pháistí
caitheamh aimsire*
- mothúcháin a léiriú trí mheán na scríbhneoireachta
áthas, brón, eagla, fearg
- scríobh faoi eispéiris chéadfacha
ocras, tart, fuacht, teas, tinneas
- scríobh i gcomhthéacsanna cultúrtha
*Lá Fhéile Pádraig: cártaí chuig scoil eile
Ceol: éisteacht le ceol Gaelach agus scríobh faoi.*

Ranganna

3 agus 4

Catagóirí feidhmeanna

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá
- Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Struchtúr a chur ar chomhrá

Féach leathanach 80–84

Snáitheanna

Snáithaonaid

Éisteacht

- Ag cothú spéise
- Ag tuiscint teanga
 - Cumas agus muinín
 - Samhlaíocht agus mothúcháin

Labhairt

- Ag cothú spéise
- Ag úsáid teanga

Léitheoireacht

- Ag cothú fonn léitheoireachta
- Ag tuiscint teanga
- Ag úsáid teanga
 - Cumas agus muinín
 - Samhlaíocht agus mothúcháin

Scríbhneoireacht

- Ag cothú fonn léitheoireachta
- Ag úsáid teanga
 - Cumas agus muinín
 - Samhlaíocht agus mothúcháin

Na téamaí

- Mé féin
- Sa bhaile
- An scoil
- Bia
- An teilifís
- Siopadóireacht
- Caitheamh aimsire
- Éadaí
- An aimsir
- Ócáidí speisialta

Pleanáil

Leagan amach agus struchtúr

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge leagtha amach ina shnáitheanna agus ina shnáithaonaid chun cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a phleanáil. Tugtar samplaí d'eispéiris foghlama sna snáithaonaid, ach is féidir cinn eile a fheileann don pháiste agus do chúinsí na scoile a roghnú freisin. Chomh maith leis na snáitheanna agus na snáithaonaid tugtar foramharc ar na feidhmeanna teanga agus ar na téamaí ar an leathanach thall.

Is iad snáitheanna an churaclaim do ranganna 3 agus 4 ná *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Tá snáithaonaid éagsúla (féach leathanach 113) mar dhlúthchuid díobh. Ba chóir go gcothófaí dearcadh dearfach i leith na Gaeilge sa pháiste. Ba chóir go gcuirfí ar a c(h)umas tríd an mhuinín a chothú an Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide, sa scoil go háirithe ach sa bhaile agus sa Ghaeltacht chomh maith. Ba chóir freisin go gcuirfí ar chumas an pháiste é/í féin a chur in iúl agus a c(h)uid samhlaíochta agus mothúchán a léiriú trí mheán na Gaeilge chomh maith.

Tá dlúthcheangal idir na gníomhaíochtaí a luaitear sna snáithaonaid, na feidhmeanna teanga agus na téamaí. Baintear úsáid as na gníomhaíochtaí sin chun na heiseamláirí a mhúineadh i gcomhthéacs na dtéamaí.

Clár cothrom éagsúil leanúnach

Ba chóir eispéiris foghlama a chur ar fáil do na páistí le go mbeidh cothromaíocht idir *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Ba chóir féachaint chuige freisin go mbeidh gníomhaíochtaí éagsúla agus tascanna oiriúnacha le déanamh ag na páistí. Beidh an bhéim i gcónaí ar an teanga labhartha, ar dhánta, ar amhráin, ar scéalta, ar sceitsí gearra agus ar chluichí teanga. Chun deimhin a dhéanamh den leanúnachas ó rang go rang beidh sé mar aidhm ag an múinteoir féachaint chuige nach mbeidh aon bhearnaí in eispéireas teanga an pháiste.

Cur chuige comhtháite

Cé gur snáitheanna difriúla iad *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*, déanfar iad a chomhtháthú lena chéile chomh minic agus is féidir sa cheacht. Tarlaíonn comhtháthú idir na hábhair eile agus an Ghaeilge go nádúrtha trí úsáid na Gaeilge mar theanga theagaisc sna scoileanna seo, agus déantar saibhriú ar an nGaeilge, idir fhoclóir agus struchtúir, tríd an leathnú úsáide.

Snáithe: Éisteacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach neamhfhoirmiúil mar ghnáth-theanga chumarsáide an ranga agus na scoile
- éisteacht le cuairteoirí chuig an rang
ag insint scéalta
ag caint faoin gceantar
- éisteacht gan bhrú le hábhar tarraingteach
dánta, rabhlóga, scéalta agus amhráin
ábhar dúchasach (ón gceantar áitiúil
Gaeltachta)
- éisteacht le guthanna eile chomh maith leis an múinteoir agus iad a thuiscint
clár oiriúnacha ar TG4 agus RTÉ
cartúin, sceitsí, drámaí
clár cócaireachta
míreanna as clár eolais
téipeanna éisteachta agus dlúthcheirníní
amhráin, rainn, scéalta
- rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar éisteachta.

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- éisteacht go muinéneach agus an chaint a thuiscint le cabhair ó leideanna éagsúla agus ón gcomhthéacs
 - geáitsí*
 - na súile, an aghaidh*
 - béim, tuin na cainte*
 - guthanna difriúla a chloisteáil*
 - spraoi le buille faoi thuairim faoin saghas daoine iad*
- canúintí ceantar éagsúil a aithint
- cluichí éisteachta a imirt
 - éisteacht agus taispeáint*
 - éisteacht agus aimsiú*
 - áit a aimsiú ar léarscáil na hÉireann*
 - aimsigh na difríochtaí idir dhá phictiúr*
 - éisteacht agus meaitseáil*
 - bingo—uatha agus iolra a cheangal*
 - éisteacht agus mím a dhéanamh*
 - éisteacht le sraith fuaimeanna agus scéal a insint*
 - éisteacht agus tomhas*
 - tráth na gceist*
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éisteachta a léiríonn tuiscint
 - éisteacht agus aithint*
 - duine a aithint i bpictiúr ó chur síos taifeadta*
 - éisteacht agus clárú eolais le tic i mbosca an aimsir—fuar nó te, tirim nó fliuch*
 - éisteacht agus breacadh nóta*
 - éisteacht agus leanúint treoracha*
 - gearr, greamaigh, fuaigh, tarraing*
 - ‘Déan iarracht é seo a ghreamú.’*
 - gluaiseacht le ceol*
 - ‘Ardaigí na guailí, íslígí na huillinneacha.’*

- taithí a fháil ar éisteacht aireach trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh bunaithe ar cheist a chuirtear
 - réamhcheisteanna, ceisteanna le linn éisteachta, iarcheisteanna*
- éisteacht le foghraíocht cheart i gcleachtaí struchtúrtha nó i ndánta agus in amhráin
 - idirdealú a dhéanamh idir fhuaimneanna na Gaeilge agus fuaimeanna an Bhéarla*
 - consain loma, shéimhithe, uraithe*
 - gutaí fada agus gearra*
 - fuaimeanna canúna áirithe a chloisteáil go rialta*

Samhlaíocht agus mothúcháin

- taitneamh a bhaint as rithim agus as fuaimeanna dánta agus amhrán
 - cnaguirisí, damhsa mar fhreagra ar an gceol*
- éisteacht le treoracha ón múinteoir chun na mothúcháin agus na céadfaí a léiriú le mím nó le pictiúir
 - áthas, brón, fearg, eagla, sásamh, míhásamh*
 - fuar, te, glór ard, garbh, binn nó íseal, cruá, bog*
- éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha
 - féile drámaíochta scoile nó ceantair*
 - freastal ar sceitsí agus ar dhrámaí Gaeilge*
 - scéalta gearra béaloidis ón gceantar*
 - cora cainte, samhlaíochta dúchasacha*
 - Oíche Shamhna: cloisteáil faoi nósanna sean agus nua.*

Snáithe: Labhairt

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an Ghaeilge a labhairt go teagmhasach neamhfhoirmiúil sa seomra ranga agus sa scoil chun gnáthriachtanais chumarsáide a chomhlíonadh

caidreamh sóisialta a dhéanamh

cabhair a lorg

‘Céard is brí le ...?’

- plé ag leibhéal simplí faoi ghnéithe d’fheasacht teanga

comparáid a dhéanamh idir na canúintí

Gaeilge, Gaelainn, Gaeilig

cha raibh = ní raibh, bhíos = bhí mé

ainmneacha cuid de thíortha na hEorpa as Gaeilge

na cosúlachtaí a fheiceáil

focail iasachta sa Ghaeilge, na fáthanna a phlé

bicycle, factory, fridge, tap, sink,

carr, diosca, teileafón, teilifís

- an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha

samhlacha a úsáid i gcomhthéacs

‘Bhí an oíche chomh dubh le pic’

seanfhocail a úsáid agus a saíocht a phlé

Oíche Shamhna

cluichí

cora cainte

logainmneacha na háite agus na tíre

baile, sráid, béal, áth, eas, loch, tulach

- rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar cainte.

Is féidir spéis na bpáistí a chothú freisin trí dhánta, amhráin, sceitsí agus drámaí. Féach Ag úsáid teanga: Samhlaíocht agus mothúcháin thíos.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh
- nuacht shimplí phearsanta a thabhairt
labhairt faoi/fúithi féin a c(h)aitheamh aimsire agus a g(h)náthshaol laethúil
- scéalta gearra simplí a aithris, a athinsint ina f(h)ocail féin nó a chríochnú agus ceisteanna fúthu a fhreagairt
- sainfhoclóir na dtéamaí a leathnú agus a úsáid
le cabhair póstaer agus pictiúr cur síos nó tuairisc ar rudaí, ar dhaoine, agus ar phearsantachtaí
- ábhair shuimiúla a phlé le daoine eile, éisteacht leo le meas ar a dtuairimí
dearcadh a léiriú aontú agus easaontú tacaíocht a léiriú
- cluichí teanga a imirt
cluichí beirte agus i ngrúpa ag roinnt eolais forlónadh pictiúir trí eolas a fháil meaitseáil—ceisteanna a chur agus eolas a fháil chun péire pictiúir a mheaitseáil léarscáil bhán a líonadh ó leideanna páiste amháin ag tabhairt treoracha tomhas traidisiúnta cur síos ar rud éigin agus páiste ag tomhas
- suirbhéanna a dhéanamh agus tuairiscí a thabhairt
*‘Cén deoch is mó a ólann tú, uisce nó bainne?’
‘Cén aois thú?’*
- caint faoi rudaí a tharla, a tharlaíonn, atá ar siúl agus a tharlóidh
bhris sé, d’éirigh sí, tháinig mé briseann sí, éiríonn sé, tagann tú ag briseadh, ag éirí, ag teacht brisfidh sí, éireoidh tú, tiocfaidh siad
- treoracha agus orduithe a thabhairt ar bhealaí éagsúla
*seas, seasaigí, ná seasaigí ansin!
‘An féidir leat an fhuinneog a dhúnadh?’*
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
*An bhfaca? Chonaic. Ní fhaca.
Ar ith? D’ith. Níor ith.
Conas?/Cén chaoi?/Cén dóigh?
Cathain?
Cén fáth?/Cad chuige?
Ar mhaith leat milseán? Ba mhaith/Níor mhaith.*
- réamhfhocail agus forainmneacha réamhfhoclacha a úsáid i gcomhthéacsanna difriúla
ar, i, faoi, idir, ag, ó, do, de, le agam, fúm, di, roimhe, uaidh, linn, agaibh, leo, acu
- ainmfhocail agus focail cháilitheacha a úsáid
*an seanfhear bocht cromtha na cailíní óga, na buachaillí lúfara Shiúil mé go tapa.
Tá Pól níos óige ná Máire.*
- an aidiacht shealbhach a úsáid
mo, do, a (le agus gan séimhiú).

- uimhreacha a úsáid i gcomhthéacs
bunuumhreacha
uimhreacha pearsanta
orduumhreacha
- úsáid a bhaint as ‘isteach’, ‘istigh’, ‘amach’, ‘amuigh’ i gcomhthéacsanna éagsúla
cluichí páirce
- páirt a ghlacadh i gcleachtaí foghraíochta agus litrithe i gcomhthéacs

Samhlaíocht agus mothúcháin

- caint faoi mhothúcháin agus faoi mhianta
- dánta a rá
rainn dhúchasacha
dánta nuachumtha spráúla
- amhráin aeracha le rithim chinnte a chanadh
amhráin dhúchasacha agus nuachumtha
luibíní

- páirt a ghlacadh i sceitsí agus i ndrámáí don stáitse
bunaithe ar na scéalta a insíodh
- plé a dhéanamh ar eachtraí suimiúla agus ar phearsana i scéalta, dánta agus drámáí
- páirt a ghlacadh i rólghlacadh agus seiftiú i suímh éagsúla
fadhb le réiteach ag an ngrúpa, ach a ról féin ar chárta ag gach duine
- súgradh le focail
focail neamhchoitianta a chloisteáil agus a rá rainn agus amhráin ina bhfuil curfá gan bhrí rabhlóga agus seafóid dhúchasach.

Snáithe: Léitheoireacht

Snáithaonad Ag cothú fonn léitheoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léitheoireacht a shamhlú le taitneamh trí éisteacht le scéalta agus le dánta tarraingteacha á léamh os ard ag an múinteoir
- a thuilleadh taithí a fháil ar an bhfocal scríofa sa timpeallacht, go háirithe sa seomra ranga agus é a léamh go tuisceanach
 - fógraí sa seomra ranga, sa scoil, sa bhanc, in oifig an phoist*
 - scríbhneoireacht ar an gclár dubh*
- teacht ar réimse d'ábhar léitheoireachta sa leabharlann ranga nó scoile
 - páipéir ghrinn, irisí, leabhair eolais*
 - finscéalta, scéalta béaloidis áitiúla*
 - dánta nuachumtha agus áitiúla*
 - rainn dhúchasacha*
- léitheoireacht phearsanta a dhéanamh agus claonadh pearsanta a fhorbairt
- rogha a dhéanamh faoin ábhar léitheoireachta.

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a thuiscint gur gníomhaíocht í an léitheoireacht ar féidir í a roinnt le daoine eile

léamh os ard chun téacs a roinnt le lucht éisteachta

a s(h)aothar féin agus saothar páistí eile a léamh

eolas a aimsiú agus é a roinnt le daoine eile glacadh le moltaí ó dhaoine eile

- stór níos leithne de ghnáthfhocail inaitheanta a chur le chéile i bhfoclóir beag de bharr na léitheoireachta pearsanta

- an téarmaíocht a bhaineann le leabhair a thuiscint agus a úsáid

caibidil, alt, clár, réamhrá

- focail a aithint nó a léamh i dtéacs trí leideanna ó phictiúir, ón gcomhthéacs agus ón gcomhréir

- úsáid a bhaint as comharthaí poncaíochta mar áiseanna tuisceana

na ceannlitreacha, an lánstad, an chamóg, an comhartha ceiste

- a t(h)uiscint i leith fuaimeanna na Gaeilge agus na litreacha a chomhfhreagraíonn dóibh a fhorbairt a thuilleadh

cnuaschonsain ag tús focal

sm- smólach, smaointe

sn- sneachta, snas

cn-, tn-, gn- cnoc, tnúth, gnáth

st- stór, stiúir

túschonsain (caol agus leathan)

p- pioc, poc

b- bí, buí

m- mín, maoin

gutaí (gearr agus fada)

a paiste, páiste

e fear, féar

i ciste, císte

o coiste, cóiste

u bus, tús

défhoghair

/ai/ adharc, gadhar

/au/ gabhar, ramhar

- foghlaim faoin séimhiú agus faoin urú trí shamplaí i gcomhthéacs

th agus sh = /h/, ph = /f/

mh agus bh = /v/ nó /w/

- focail a léamh trína mbriseadh i siollaí

com/por/dach, garr/aí/o/dóir, tais/peáint

- focail a aithint trí dhul ar ais chuig fréamhacha focal agus tógáil ar na fréamhacha sin

siopadóir/eacht, ól/ann, rith/fidh, bríst/í

- a bhfuil á léamh aige/aici a thuiscint

an t-ábhar a phlé

ceisteanna a chur agus a fhreagairt

sonraí agus eachtraí ar leith a thabhairt chun cuimhne

an chéad chuid eile den scéal nó an deireadh a thuar.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- tabhairt faoi phíosa léitheoireachta go muinéach, gan gá gach focal a thuiscint
- taitneamh agus sásamh a bhaint as leabhar gearr a léamh in aon seisiún amháin

- cluichí léitheoireachta a imirt

*léamh agus leanúint treoracha
cluichí boird*

léamh agus tarraingt pictiúr

léamh agus mím a dhéanamh

léamh agus tomhas

- gníomhaíochtaí léitheoireachta a dhéanamh chun léitheoireacht fheidhmiúil a chleachtadh

*léamh agus insint
rólghlacadh a bhunú ar ábhar
léitheoireachta*

*léamh agus clárú eolais
greille a líonadh
ceisteanna a léamh i gceistiúchán*

- cineálacha éagsúla téacs a léamh go tuisceanach

*cartúin, páipéir ghrinn, scéalta, dánta
leabhair eolais, sceideal teilifíse, biachláir*

- stíleanna éagsúla léitheoireachta a chleachtadh de réir mar a oireann dá c(h)uspóir léitheoireachta

*gnáthstíl léitheoireachta
súil thapa chun an téacs a aithint
spléachadh chun eolas faoi leith a aimsiú*

- féincheartú botúin léitheoireachta nuair is léir nach bhfuil ciall le baint as an rud atá léite

- foclóir simplí a úsáid

- na scileanna a bhaineann le láimhseáil leabhar agus scileanna aimsithe eolais a fhorbairt

*an teideal, an pictiúr ar an gclúdach a scrúdú
ord aibítire, ceannlíne, an clár, léaráidí, ábhar
an leabhair a scrúdú*

- úsáid a bhaint as teicneolaíocht an eolais mar fhoinsé léitheoireachta de réir mar a oireann

*cluichí léitheoireachta don ríomhaire
scéalta idirghníomhacha don ríomhaire
ábhar matamaitice a léamh ar chláir ríomhaire
ábhair spéise a fhiosrú agus a fhorbairt a
thuilleadh agus léargas nua a fháil trí mheán
na léitheoireachta
scimeáil ar an idirlíon chun ábhar Gaeilge a
léamh*

Samhlaíocht agus mothúcháin

- réimse níos leithne d'ábhar samhlaíoch a léamh

síscéalta, finscéalta, scéalta grinn

- ábhair spéise a fhiosrú agus a fhorbairt trí mheán na léitheoireachta

- freagairt do dhánta, do phearsana agus d'eachtraí i scéalta

*plé a dhéanamh
ceisteanna a chur agus a fhreagairt
rólghlacadh
scribhneoireacht
gníomhaíochtaí ealaíne*

- léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha

*ceolchoirm, dráma, sorcas
focail na n-amhrán
scéalta simplí béaloidis
seanchas, piseoga.*

Snáithe: Scríbhneoireacht

Snáithaonad Ag cothú fonn scríbhneoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- taitneamh agus sásamh a bhaint as gníomhaíochtaí oiriúnacha scríbhneoireachta a chothaíonn féinmhuinín
- taithí a fháil ar atmaisféar ranga a léiríonn meas ar an bhfocal scríofa agus a chuireann luach ar dhea-iarrachtaí scríbhneoireachta
*saothar na bpáistí á léamh os ard
obair ar taispeáint: póstaer, ailt
bailiúcháin de shaothair phearsanta
nuachtán ranga, tionscadail*
- aischothú dearfach a fháil
*ón múinteoir, ó na páistí eile, ó chuairoteoirí
dea-iarrachtaí á n-aithint
obair phearsanta an pháiste ar taispeáint*
- an múinteoir a fheiceáil ag scríobh agus ag baint sásaimh as
- rogha a dhéanamh faoi ábhar na scríbhneoireachta.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- scríobh do léitheoirí nó d'éisteoirí éagsúla
é/í féin, an múinteoir, páistí eile, an teaghlach, cuairteoirí
- cluichí taitneamhacha focal a imirt
tóirfhocal, crosfhocail shimplí
- liosta focal a scríobh
biachláir, liosta siopadóireachta, comhábhair
- abairtí a chur san ord ceart chun scéal leanúnach a scríobh
- creatlacha réamhcheaptha a iomlánú chun scéal simplí a scríobh
- scríbhneoireacht fheidhmiúil a chleachtadh ag forlíonadh ábhair dhílis
cárta poist, litir ghearr, teachtaireacht, nóta
- pictiúir a úsáid mar spreagthaigh don scríbhneoireacht
- scéalta simplí a chríochnú agus a chumadh, agus ceisteanna fúthu a fhreagairt
- feabhas a chur ar iarrachtaí pearsanta trí athdhréachtú le cabhair ón múinteoir
ullmhúchán, dréachtú, léamh, athdhréachtú, athscríobh
eagarthóireacht le cabhair an ríomhaire phearsanta
- comhoibriú le páistí eile
suirbhéanna a chumadh agus freagraí a scríobh
crosfhocail do ranganna eile
tuairiscí a scríobh
teoracha faoi conas a oibríonn rud éigin

- úsáid a bhaint as cláir réamhullmhaithe don ríomhaire
scéalta a chríochnú
eachtraí a chumadh agus a scríobh
pictiúir a chur in ord agus scéal a scríobh
- dea-nósanna poncaíochta a fhoghlaim agus a úsáid
na ceannlitreacha, an lánstad, an chamóg, an comhartha ceiste
- tabhairt faoi fhocail a litriú go muiníneach
buille faoi thuairim a thabhairt
patruín chomónta litrithe a fhoghlaim
focail choitianta a mbíonn gá leo go rialta a fhoghlaim
- an foclóir a úsáid chun cabhrú le litriú

Samhlaíocht agus mothúcháin

- scríobh faoi/fúithi féin go rialta
an gnáthshaol laethúil
ábhair atá spéisiúil do pháistí
caitheamh aimsire
rudaí taitneamhacha a tharla
rudaí greannmhara a tharla
rudaí a chuir as dó/di
rudaí a chuir eagla air/uirthi
- alt gearr a scríobh faoi ábhar léitheoireachta a thaitin leis/léi
- mothúcháin a léiriú trí mheán na scríbhneoireachta
áthas, brón, eagla, fearg, díomá, ionadh, bród
- scríobh faoi eispéiris chéadfacha
ocras, tart, fuacht, teas, blas, boladh
- scríobh i gcomhthéacsanna cultúrtha
éisteacht le ceol agus scríobh faoi
scéal gearr béaloidis a scríobh
seanfhocail a scríobh agus a léiriú le pictiúir.

Ranganna

5 agus 6

Pleanáil

Leagan amach agus struchtúr

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge leagtha amach ina shnáitheanna agus ina shnáithaonaid chun cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a phleanáil. Tugtar samplaí d'eispéiris foghlama sna snáithaonaid, ach is féidir cinn eile a fheileann don pháiste agus do chúinsí na scoile a roghnú freisin. Chomh maith leis na snáitheanna agus na snáithaonaid tugtar foramharc ar na feidhmeanna teanga agus ar na téamaí ar an leathanach thall.

Is iad snáitheanna an churaclaim do ranganna 5 agus 6 ná *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Tá snáithaonaid éagsúla (féach leathanach 127) mar dhlúthchuid díobh. Ba chóir go gcothófaí dearcadh dearfach i leith na Gaeilge sa pháiste. Ba chóir go gcuirfí ar a c(h)umas tríd an mhuinín a chothú an Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide, sa scoil go háirithe ach sa bhaile agus sa Ghaeltacht chomh maith. Ba chóir freisin go gcuirfí ar chumas an pháiste é/í féin a chur in iúl agus a c(h)uid samhlaíochta agus mothúchán a léiriú trí mheán na Gaeilge.

Tá dlúthcheangal idir na gníomhaíochtaí a luaitear sna snáithaonaid, na feidhmeanna teanga agus na téamaí. Baintear úsáid as na gníomhaíochtaí sin chun na heiseamláirí a mhúineadh i gcomhthéacs na dtéamaí.

Clár cothrom éagsúil leanúnach

Ba chóir eispéiris foghlama a chur ar fáil do na páistí le go mbeidh cothromaíocht idir *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Ba chóir féachaint chuige freisin go mbeidh gníomhaíochtaí éagsúla agus tascanna oiriúnacha le déanamh ag na páistí. Beidh an bhéim i gcónaí ar an teanga labhartha, ar dhánta, ar amhráin, ar scéalta, ar sceitsí gearra agus ar chluichí teanga. Chun deimhin a dhéanamh den leanúnachas ó rang go rang beidh sé mar aidhm ag an múinteoir féachaint chuige nach mbeidh aon bhearnaí in eispéireas teanga an pháiste.

Cur chuige comhtháite

Cé gur snáitheanna difriúla iad *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*, déanfar iad a chomhtháthú lena chéile chomh minic agus is féidir sa cheacht. Tarlaíonn comhtháthú idir na hábhair eile agus an Ghaeilge go nádúrtha trí úsáid na Gaeilge mar theanga theagaisc sna scoileanna seo, agus déantar saibhriú ar an nGaeilge, idir fhoclóir agus struchtúir, tríd an leathnú úsáide.

Snáithe: Éisteacht

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach neamhfhoirmiúil mar ghnáth-theanga chumarsáide an ranga agus na scoile
- éisteacht le cuairteoirí chuig an rang
 - ag caint faoi ábhair ghinearálta*
 - seanchas*
 - eolas faoin gceantar*
- éisteacht gan bhrú le hábhar tarraingteach
 - dánta, rabhlóga, scéalta, amhráin*
 - ábhar dúchasach (ón gceantar áitiúil Gaeltachta)*
- éisteacht le guthanna eile chomh maith leis an múinteoir agus iad a thuiscint
 - clár oiriúnacha ar TG4 agus ar RTÉ*
 - físeáin d'ábhair éagsúla*
 - irischláir, clár spóirt agus staire, nuacht agus aimsir, fógraí*
 - tráth na gceist, drámaí*
 - clár cócaireachta, míreanna as clár eolais*
 - téipeanna éisteachta agus dlúthcheirníní*
 - rockamhráin agus ceol tíre Gaeilge*
- rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar éisteachta.

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- éisteacht go muiníneach agus an chaint a thuiscint le cabhair leideanna éagsúla
geáitsí
na súile, an aghaidh
béim agus tuin na cainte
guthanna difriúla a chloisteáil
- na canúintí éagsúla a aithint
- cluichí éisteachta a imirt
éisteacht agus tomhas
tráth na gceist
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éisteachta a léiríonn tuiscint
éisteacht agus clárú eolais
éisteacht agus breacadh nóta
éisteacht agus leanúint treoracha
cluichí páirce agus clóis
gluaiseacht le ceol
aithint agus idirdhealú a dhéanamh ó
chur síos taifeadta
scéal a insint ó shraith fuaimeanna
- éisteacht aireach ghníomhach a chothú trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh bunaithe ar cheist
réamhcheisteanna, ceisteanna le linn
éisteachta, iarcheisteanna
- éisteacht le foghraíocht cheart i gcleachtaí struchtúrtha, i ndánta agus in amhráin
idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna na
Gaeilge agus fuaimeanna an Bhéarla
fuaimeanna an cheantair agus canúintí eile

Samhlaíocht agus mothúcháin

- taitneamh a bhaint as rithim agus as fuaimeanna i ndánta, in amhráin agus i gceol
cnaguirilísí, damhsa cruthaitheach, mím
- éisteacht le treoracha ón múinteoir chun na mothúcháin agus na céadfaí a léiriú le mím nó le pictiúr
- éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha
féile drámaíochta scoile nó áitiúil
freastal ar sceitsí agus ar dhrámaí
ceol na hÉireann, sean agus nua
scéalta áitiúla béaloidis
cora cainte
samhlacha dúchasacha
féilte na bliana—lá an phátrúin.

Snáithe: Labhairt

Snáithaonad Ag cothú spéise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an Ghaeilge a labhairt go teagmhasach neamhfhoirmiúil sa seomra ranga, sa scoil agus chun gnáthriachtanais chumarsáide a chomhlíonadh

- plé ag leibhéal simplí faoi ghnéithe d'fheasacht teanga

comparáid a dhéanamh idir na canúintí

comparáid a dhéanamh le comhréir an Bhéarla

staid na Gaeilge sa Ghaeltacht

- an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha

samhlacha a úsáid i gcomhthéacs

féilte na bliana

cora cainte

agallaimh bheirte

logainmneacha an cheantair agus in Éirinn

- rogha a dhéanamh ó am go ham faoin ábhar cainte.

Is féidir spéis na bpáistí a chothú freisin trí dhánta, amhráin, sceitsí, agus drámaí. Féach Ag úsáid teanga: Samhlaíocht agus mothúcháin thíos.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh
- nuacht phearsanta a thabhairt
- scéalta gearra simplí a aithris, a athinsint ina f(h)ocail féin nó a chríochnú agus ceisteanna fúthu a fhreagairt
- sainfhoclóir na dtéamaí a leathnú agus a úsáid
 - tuairisciú, cur síos, aithint*
- ábhair shuimiúla a phlé le daoine eile agus éisteacht leo le meas ar a dtuairimí
 - díospóireacht*
 - dearcadh a léiriú*
- cluichí teanga a imirt
 - cluichí comórtais*
 - tráth na gceist*
 - cluichí a éilíonn comhoibriú*
 - léarscáil bhán a líonadh ó threoracha*
 - eolas a chlárú ar ghreille*
 - pictiúr a tharraingt nó a fhorlíonadh*
 - cluichí foclóra*
 - tomhais thraidisiúnta*
- suirbhéanna a dhéanamh agus tuairiscí a thabhairt
 - ceistiúcháin réamhullmhaithe*
- páirt a ghlacadh i gcleachtaí gramadaí i gcomhthéacs cumarsáideach
 - briathra rialta agus neamhrialta*
 - na gnáthaimsirí agus modhanna*
 - an t-ainm briathartha, an aidiacht*
 - bhriathartha*
 - an chopail*
 - an t-ainmfhocal*
 - an tuiséal ainmneach agus an tuiséal*
 - ginideach, uathu agus iolra*
 - focail cháilitheacha: an aidiacht, an*
 - dobhriathar*
 - céimeanna comparáide na haidiachta*
 - réamhfhocail a úsáid leis an alt*
 - ar an le hurú (séimhiú in áiteanna)*
 - sa le séimhiú (le hurú sa chaint in*
 - áiteanna)*
 - forainmneacha: mé, tú, sé, é, í*
 - forainmneacha réamhfhoclacha:*
 - orm, ort, air ...*
 - isteach, istigh, amach, amuigh i gcomhthéacs*
 - uimhreacha*
- leathnú a dhéanamh ar abairtí simplí
 - abairtí a cheangal le chéile*
 - agus, nó, ach, mar*
- páirt a ghlacadh i gcleachtaí foghraíochta agus litrithe i gcomhthéacs.

Samhlaíocht agus mothúcháin

- caint faoi mhothúcháin agus faoi mhianta
- dánta a rá
 - rainn dhúchasacha i gcomhair cluichí*
 - dánta nuachumtha spráúla*
 - filíocht chomhaimseartha ag leibhéal an ranga*
- amhráin a chanadh
 - amhráin aeracha le rithim agus struchtúr cinnte lúibíní*
 - amhráin nuachumtha an cheantair*
 - amhráin cheol tíre*
- páirt a ghlacadh i sceitsí nó drámaí don stáitse
 - téacsanna na ndrámái a léamh go cúramach ar dtús*
- plé a dhéanamh ar eachtraí suimiúla i scéalta, i ndánta agus i ndrámái
- páirt a ghlacadh i rólghlacadh agus i seiftiú i suímh éagsúla
 - comhoibriú idir na rannpháirtithe agus eolas á roinnt*
- súgradh le focail
 - rainn agus amhráin ina bhfuil curfá gan bhrí a fhoghlaim nó a chumadh*
 - rabhlóga*
 - scéalta seafóideacha*
 - seanfhocail a úsáid agus a saíocht a phlé.*

Snáithe: Léitheoireacht

Snáithaonad Ag cothú fonn léitheoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léitheoireacht a shamhlú le taitneamh trí éisteacht le scéalta agus dánta tarraingteacha á léamh os ard ag an múinteoir
- a thuilleadh taitní a fháil ar an bhfocal scríofa sa timpeallacht agus é a léamh go tuisceanach
an banc, oifig an phoist, comharthaí bóthair
- éisteacht le húdar leabhar do pháistí ag léamh a chuid saothair agus á phlé
scéalta, filíocht
- teacht ar réimse d'ábhar léitheoireachta sa leabharlann ranga nó scoile
páipéir ghrinn, irisí, leabhair eolais miotais, finscéalta, scéalta béaloidis áitiúla dánta nuachumtha agus áitiúla, nuachtáin
- léitheoireacht phearsanta a dhéanamh agus claonadh pearsanta a fhorbairt
- rogha a dhéanamh faoin ábhar léitheoireachta.

Snáithaonad Ag tuiscint teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a thuiscint gur gníomhaíocht í an léitheoireacht ar féidir í a roinnt le daoine eile
 - léamh os ard anois is arís chun téacs a roinnt le lucht éisteachta*
 - a s(h)aothar féin agus saothar páistí eile a léamh*
 - tionscadail*
 - leabhair a mholadh agus glacadh le moltaí ó dhaoine eile*
- stór níos leithne d'fhocail phearsanta a chur le chéile i bhfoclóir
- réimse straitéisí a úsáid chun brí a bhaint as an téacs
 - pictiúir, comhthéacs, comhréir, focalaithint*
 - a (h)eolas ar an domhan*
- cumas géaréisteachta i leith fuaimeanna agus na litreacha a chomhfhreagraíonn dóibh a fhorbairt a thuilleadh
 - túschonsain, caol agus leathan fill, fuil*
 - gutaí, gearr agus fada leacht, léacht*
 - défhoghair /ai/ agus adharc*
 - /au/ amharc*
- úsáid a bhaint as comharthaí poncaíochta mar áiseanna tuisceana
 - na ceannlitreacha, an lánstad, an chamóg, an comhartha uailbhreasa, an comhartha ceiste*
- úsáid a bhaint as eolas ar réimíreanna agus iarmhíreanna
 - mí/rialta, droch/íde, príomh/oide, fo/bhaile*
 - gruaig/eadóir, tógál/aí, pictiúr/lann, Iodáil/is*
- a t(h)uiscint ar an ngramadach a úsáid chun an téacs a shoiléiriú
 - foircinn na mbriathra*
 - (e)ann, -(a)íonn, -f(a)idh, -óidh, -eoidh*
 - foircinn na n-ainmfhocal iolra*
 - (a)í, -(e)anna, -(e)acha*
- tuilleadh cleachtaidh ar fhuaimniú séimhiú, síneadh fada agus urú i gcomhthéacs
- a bhfuil á léamh aige/aici a thuiscint de thoradh straitéisí éagsúla
 - an t-ábhar a phlé*
 - sonraí agus eachtraí ar leith a thabhairt chun cuimhne*
 - achoimre a dhéanamh ar an scéal*
 - téamaí an scéil a thabhairt leis/léi.*

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- taitneamh agus sásamh a bhaint as leabhair ghearra a léamh in aon seisiún amháin
- cluichí léitheoireachta a imirt
léamh agus leanúint treoracha
cluichí boird
puzail
- gníomhaíochtaí léitheoireachta a dhéanamh chun léitheoireacht fheidhmiúil a chleachtadh
léamh agus aimsiú eolais
léamh agus clárú eolais
greille a líonadh
- cineálacha éagsúla téacs a léamh go tuisceanach
scéalta do dhaoine óga
cartúin agus páipéir ghrinn
míreanna eolais as fíorleabhair
an páipéar nuachta
leagan amach, ceannlínte, nuacht, tuairisc
- stíleanna éagsúla léitheoireachta a chleachtadh de réir mar a oireann dá c(h)uspóir léitheoireachta
gnáthstíl léitheoireachta
gan gach focal a thuiscint
grinnléitheoireacht
ag iarraidh gach focal a thuiscint
súil thapa chun an téacs a aithint
spléachadh chun eolas faoi leith a aimsiú
- féincheartú botún léitheoireachta nuair is léir nach bhfuil ciall le baint as an rud atá léite
- foclóir a úsáid

- na scileanna aimsithe eolais a fhorbairt
ábhar chlár an leabhair a scrúdú
foghlaim conas innéacs a úsáid
- foghlaim conas teacht ar leabhair sa leabharlann
catalóg ar chártaí agus ar ríomhaire
ord aibítire a úsáid
údar agus teideal an leabhair
- úsáid a bhaint as teicneolaíocht an eolais mar fhoinsé léitheoireachta de réir mar a oireann

Samhlaíocht agus mothúcháin

- réimse leathan d'ábhar samhlaíoch a léamh
miotais, finscéal eolaíochta
- ábhair spéise a fhiosrú agus a fhorbairt trí mheán na léitheoireachta
- freagairt do dhánta, agus do phearsana agus d'eachtraí i scéalta
plé a dhéanamh orthu
scríobh fúthu
seiftiú
péinteáil
- léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha
drámaí do dhaoine óga
focail na n-amhrán
scéalta simplí béaloidis
seanchas, piseoga.

Snáithe: Scríbhneoireacht

Snáithaonad Ag cothú fonn scríbhneoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- taitneamh agus sásamh a bhaint as gníomhaíochtaí oiriúnacha scríbhneoireachta a chothaíonn féinmhuinín
- taithí a fháil ar atmaisféar ranga a léiríonn meas ar an bhfocal scríofa agus a chuireann luach ar dhea-iarrachtaí scríbhneoireachta
 - saothar na bpáistí á léamh os ard obair ar taispeáint*
 - bailiúcháin de shaothair phearsanta tionscadail na bpáistí nuachtán ranga*
- a thuiscint nach ionann gnásanna na cainte agus na scríbhneoireachta
- aischothú dearfach a fháil
 - ón múinteoir, ó na páistí eile, ó chuairoteoirí dea-iarrachtaí á n-aithint*
- an múinteoir a fheiceáil ag scríobh agus ag baint sásaimh as
- rogha a dhéanamh faoi ábhar na scríbhneoireachta.

Snáithaonad Ag úsáid teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cumas agus muinín

- scríobh do léitheoirí nó d'éisteoirí éagsúla
*é/í féin, an múinteoir, páistí eile,
an teaghlach, cuairteoirí
cara pinn*
- cluichí scríbhneoireachta a imirt
- creatlacha réamhcheaptha a úsáid chun scéal a scríobh
- cineálacha éagsúla téacs a scríobh
*nóta, cártaí, litir, teachtaireacht gutháin
oideas cócaireachta
tuairisc, alt, scéal*
- scríbhneoireacht fheidhmiúil a chleachtadh trí ábhar dílis a fhorlónadh
*foirm a líonadh
litir bhuíochais*
- pictiúir a úsáid mar spreagthaigh don scríbhneoireacht
- achoimre a dhéanamh ar scéal nó ar phíosa nuachta
- scéal leanúnach a scríobh
*ar dtús, ansin, tar éis tamaill, ar deireadh
mar a dúirt mé, ar an lámh eile de, ach, agus*
- nótaí a bhreacadh tar éis bheith ag éisteacht
*scéal nó píosa eolais ón múinteoir mar obair
ullmhúcháin do thionscadal grúpa nó ranga*
- dul i gcomhairle leis an múinteoir agus cabhair a lorg faoi na harráidí scríofa agus faoi fheabhas an leagan amach
- feabhas a chur ar iarrachtaí pearsanta trí athdhréachtú
*ullmhúchán, dréachtú, athléamh, athdhréachtú
athscríobh, poncaíocht, peannaireacht
eagarthóireacht le cabhair an ríomhaire
phearsanta*
- comhoibriú le páistí eile
*freagraí i suirbhéanna
tionscadail a dhéanamh agus a leagan amach
go néata*
- úsáid a bhaint as cláir réamhullmhaithe don ríomhaire pearsanta
*scéalta a chríochnú
eachtraí a chumadh agus a scríobh
pictiúir a chur in ord agus scéal a scríobh*
- focail a litriú go muiníneach
*an riail 'caol le caol, leathan le leathan' a
úsáid*
- an foclóir a úsáid

Samhlaíocht agus mothúcháin

- scríobh faoi/fúithi féin go rialta
*dialann phearsanta a choimeád
rudaí taitneamhacha agus greannmhara a
tharla
rudaí a chuir as dó/di agus a chuir eagla
air/uirthi*
- scríobh faoi scéalta, faoi dhánta, faoi phíosaí ceoil, faoi chláir theilifíse agus faoi scannáin
*an fáth ar thaitin siad leis/léi
na mothúcháin a spreag siad*
- mothúcháin a léiriú trí mheán na scríbhneoireachta
- scríobh faoi eispéiris chéadfacha
*gortú, pian
boladh, blas*
- scríobh i gcomhthéacsanna cultúrtha
féilte ar fud an domhain.

Measúnú

Measúnú

Is cuid lárnach den phróiseas teagasc agus foghlama é an measúnú. Úsáidtear é chun forbairt an pháiste a mheasúnú de réir aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim. Sa mhéid sin is próiseas leanúnach é a thugann eolas go rialta don mhúinteoir ní hamháin ar dhul chun cinn an pháiste ach ar a riachtanais foghlama chomh maith. I gcás na Gaeilge tugann sé cabhair don mhúinteoir riachtanais gach aon pháiste a aithint sna gnéithe faoi leith de mhúineadh na teanga.

Bunófar an measúnú ar an gcuraclam agus ar an teagasc. Is féidir leis an múinteoir gníomhaíochtaí foghlama a bheidh níos oiriúnaí do pháistí a ranga a dhearadh bunaithe ar an eolas a fhaigheann sé/sí uaidh. Athbhreithnítear na modhanna múinte, na cuspóirí teagasc agus foghlama agus leibhéal na deacrachta de bharr torthaí an mheasúnaithe.

Tá béim sa churaclam seo ar an úsáid is féidir a bhaint as an teanga chun cumarsáid a dhéanamh; mar sin déanfar measúnú ar éisteacht agus tuiscint agus labhairt go háirithe. Gné thábhachtach eile atá le cur san áireamh ná an taitneamh a bheidh le baint as foghlaim na Gaeilge. Déanann an curaclam Gaeilge seo freastal ar na cineálacha éagsúla scoile agus na cúinsí difriúla atá le fáil iontu. Cuireann an córas measúnaithe é seo san áireamh gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide laethúil na scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagasc agus gur teanga chumarsáide í chomh fada agus is féidir sna scoileanna eile.

Feidhm an mheasúnaithe: cén fáth a ndéantar é?

Baineann an measúnú sa bhunscoil le pictiúr iomlán d'fhorbairt an pháiste agus ní leis an nGaeilge amháin. Faigheann an múinteoir an pictiúr seo trí chineálacha éagsúla measúnaithe agus trí na huirlisí difriúla a úsáidtear.

Má dhéanann an múinteoir measúnú leanúnach ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge, faigheann sé/sí léargas ar dhul chun cinn an pháiste i snáitheanna an churaclaim, *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht*. Measúnú foirmitheach a thugtar ar an measúnú leanúnach seo a thugann eolas go rialta don mhúinteoir faoin gcéad chéim eile atá le tógáil ar mhaithe le forbairt scileanna tuisceana agus cumarsáide an pháiste. Má shíleann an múinteoir nach bhfuil an páiste ag feidhmiú go héifeachtach is féidir gnéithe den teagasc a athbhreithniú.

Má tá an páiste ar gcúl tugann an measúnú diagnóiseach cabhair don mhúinteoir an fáth a bhfuil sé/sí ar gcúl a aithint go cruinn. Mar thoradh ar an measúnú diagnóiseach is féidir leis an múinteoir a c(h)uid ullmhúcháin i gcomhair obair bhreise nó pé athrú is gá a dhéanamh ag brath ar dheacrachtaí áirithe tuisceana agus foghlama an pháiste. Féadfaidh an múinteoir trialacha diagnóiseacha dá c(h)uid féin a chumadh agus féachaint chuige go soláthróidh siad an t-eolas a chuirfidh ar a c(h)umas cabhrú leis an bpáiste.

Cuireann an measúnú suimitheach ar chumas an mhúinteora pictiúr iomlán soiléir den dul chun cinn atá déanta ag an bpáiste aonair a fháil. Déantar an measúnú seo ag deireadh aonad oibre nó ag deireadh tréimhse: is é sin ag pointe áirithe. Déantar an pictiúr sin a chur le chéile ag úsáid uirlisí éagsúla an mheasúnaithe. Cothaíonn córas éifeachtach measúnaithe leanúnachas, mar is féidir an pictiúr iomlán seo a chur ar aghaidh go dtí an chéad mhúinteoir eile. Is féidir é a chur ar fáil freisin do thuismitheoirí agus do dhaoine gairmiúla.

Cabhraíonn an córas measúnaithe trí chéile le luacháil an chláir Ghaeilge. Déantar an cur chuige, na modhanna múinte, áiseanna teagaisc agus foghlama na scoile agus an ranga a athbhreithniú de bharr an mheasúnaithe seo.

Measúnú i gcuraclam na Gaeilge: céard ba chóir a mheasúnú?

Sa churaclam Gaeilge seo cuirtear an phríomhbhéim ar chumarsáid agus ar úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide. Measúnú ar na scileanna cumarsáide éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht, is ceart a dhéanamh mar sin. Déanfar measúnú ar éisteacht agus ar labhairt go háirithe, ag aithint gurb iad is tábhachtaí sa churaclam seo, agus ní ar léitheoireacht agus ar scríbhneoireacht amháin. Ní mór chomh maith aird a thabhairt ar an mbéim dhifriúil a leagtar ar na scileanna cumarsáide éagsúla ó rang go rang sna cineálacha éagsúla scoile—scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus na scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga.

Cé go bhfuil súil le cruinneas mar sprioc, is cuid dhosheachanta de phróiseas foghlaim teanga iad earráidí de chineálacha éagsúla, go háirithe i labhairt na teanga, nuair a bhíonn cumarsáid á baint amach. Mar sin is ar chumas an pháiste agus an méid atá sé/sí in ann a thuiscint, a rá, a léamh nó a scríobh atá an bhéim agus ní ar an easpa cumais.

Cuirtear san áireamh sa mheasúnú freisin dearcadh an pháiste i leith foghlaim na Gaeilge agus teangacha eile, féinmhuinín chun páirt a ghlacadh i gcomhrá, agus dul sa seans le húsáid na teanga, agus tugtar creidiúint dó/di as a (h)iarracht. Déantar na scileanna seo a leanas a mheas freisin: tomhas, sórtáil, eagrú, ordú ar phictiúir nó ar chodanna scéil, ainm nó críoch scéil a thuar, buille faoi thuairim agus cur i gcéill. Ós rud é nach le sealbhú teanga amháin a bhaineann na haidhmeanna agus na cuspóirí ginearálta, ba chóir go ndéanfaí measúnú ar ghnéithe eile chomh maith, mar shampla feasacht teanga agus feasacht cultúir.

Éisteacht

Tá an snáithe seo roinnte ina dhá shnáithaonad, ‘Ag cothú spéise’ agus ‘Ag tuiscint teanga’. Tá béim faoi leith sna snáithaonaid seo ar oiliúint an pháiste i scil na héisteachta agus i gcothú straitéisí tuisceana. Beifear ag súil go léireoidh an páiste tuiscint ghinearálta ar ábhar an churaclaim ag a leibhéal féin. Tuigfidh sé/sí caint neamhfhoirmiúil bhainisteoireachta an ranga agus na ceisteanna a chuirfear. Leanfaidh sé/sí treoracha soiléire chun rudaí a dhéanamh. Lorgóidh measúnú ar an snáithe seo léiriú ón bpáiste go dtuigeann sé/sí ceisteanna nó treoracha ón múinteoir. Ar dtús is leor dó/di geáitsí, mím nó gníomh a dhéanamh mar fhreagra, ach de réir a chéile tabharfaidh sé/sí freagra ó bhéal.

Labhairt

Glactar le forbairt i labhairt na Gaeilge ar chontanam ó úsáid geáitsí go húsáid foirmlí agus frásaí ó chaint an mhúinteora go saorúsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna nua ar fad. Beidh an páiste in ann na feidhmeanna teanga a bhaint amach ag a leibhéal féin i ngach rang. Ar dtús beidh sé/sí in ann beannú, slán a fhágáil, leithscéal agus buíochas a ghábháil, freagra gairid a thabhairt chun eolas a chur in iúl, dearcadh pearsanta a léiriú agus ceisteanna simplí a chur. De réir a chéile léireoidh an páiste ábaltacht níos oilte i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna i gcluichí cainte

agus i rólghlacadh. Beidh sé/sí in ann cabhair agus soiléiriú a lorg sa chomhrá, agus úsáidfidh sé/sí straitéisí éagsúla cúitimh nuair nach mbeidh an focal cuí aige/aici. Déanfaidh an múinteoir measúnú ar chumas an pháiste éisteacht nó labhairt go neamhspleách i suímh nua. Tá sé tábhachtach go bhfiosródh an córas measúnaithe an féidir leis an bpáiste na scileanna teanga a léirigh sé/sí i suíomh amháin a aistriú go suíomh nó go comhthéacs eile. Sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge beifear ag súil le cumas cainte le líofacht agus cruinneas i bhfíorocáidí cumarsáide.

Léitheoireacht

Is ar an méid Gaeilge a bheidh cleachtaithe ag an bpáiste i dtascanna éisteachta, labhartha agus léitheoireachta a bhunófar measúnú na léitheoireachta. Beidh an bhéim ar scileanna tuisceana i léitheoireacht na Gaeilge, agus ar an taoiléitheoireacht, ar an léitheoireacht fheidhmiúil, agus ar eolas agus pléisiúr a bhaint as téacs. Úsáidfear ceisteanna scríofa chomh maith le ceisteanna ó bhéal chun tuiscint an pháiste ar théacs a mheasúnú. Ní chasfar focail nua ar an bpáiste sna trialacha léitheoireachta.

Scríbhneoireacht

Beidh measúnú na scríbhneoireachta bunaithe ar an nGaeilge atá cloiste, úsáidte sa chaint agus léite sa léitheoireacht ag an bpáiste. Beidh sé/sí in ann a (h)ainm féin a scríobh ar chóipleabhar agus ar fhoirm agus cárta poist, litir, tuairisc agus cur síos a scríobh freisin. Úsáidfidh sé/sí na comharthaí poncaíochta is tábhachtaí, agus léireoidh sé/sí tuiscint ar bhunlitriú na Gaeilge. Cuirfear béim ar an scríbhneoireacht chruthaitheach agus fheidhmiúil de réir ábaltacht an pháiste agus ag brath ar an gcineál scoile. Nuair a dhéanann an páiste ceartú nó athdhréachtú ar pháiosa scríbhneoireachta ar chomhairle an mhúinteora bíonn féinmheasúnú ar siúl aige/aici ag an am céanna.

Uirlisí éagsúla measúnaithe: cén chaoi a ndéantar an measúnú?

Tá réimse d'uirlisí éagsúla ann lenar féidir leis an múinteoir cumas tuisceana agus cumarsáide an pháiste a mheasúnú. Beidh sairse ag an múinteoir na huirlisí is oiriúnaí do pháistí agus do chúinsí a ranga a úsáid chun na scileanna éagsúla teanga a mheasúnú. Níl sé i gceist go mbeadh na huirlisí go léir á n-úsáid gach lá ach go roghnófaí astu agus gur de réir a chéile a léireofaí pictiúr de dhul chun cinn an pháiste. Beidh na huirlisí measúnaithe seo ar chontanam, ag tosú leis na cinn atá neamhfhoirmiúil, ar nós dhírbhreathnú an mhúinteora, tríd síos go dtí na trialacha caighdeánaithe. Cuirfear san áireamh:

Dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste
Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
Bailiúchán d'obair agus de thionscadail an pháiste
Próifílí curaclaim
Trialacha diagnóiseacha
Trialacha caighdeánaithe.

Dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste

Sonrú leanúnach agus tabhairt faoi deara atá i gceist le dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste. Is í seo an uirlis mheasúnaithe is coitianta atá in úsáid ag múinteoirí i múineadh agus i bhfoghlaim na Gaeilge. Bíonn measúnú neamhfhoirmiúil ar shnáitheanna an churaclaim ar siúl ag an múinteoir i rith na gceachtanna Gaeilge. Ba chóir chomh maith úsáid theagmhasach neamhfhoirmiúil na Gaeilge a mheasúnú.

Tabharfaidh an múinteoir cumas éisteachta agus tuisceana an pháiste faoi deara nuair

- a úsáideann sé/sí an Ghaeilge mar theanga bhainisteoireachta an ranga
- a thugann sé/sí treoracha go neamhfhoirmiúil sa rang
- a chuireann sé/sí ceist ar an bpáiste.

Beidh tionchar ag an gcumas éisteachta agus tuisceana ar chumas labhartha an pháiste. Tabharfaidh an múinteoir scileanna cumarsáide, comhoibrithe agus comhréitithe an pháiste faoi deara freisin

- in obair ghrúpa agus i dtionscadail ranga
- in obair bheirte.

Beidh an múinteoir ag faire amach do na bunstraitéisí agus scileanna sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht.

- An aithníonn sé/sí focal?
- An mbaineann sé/sí brí as an téacs?
- An mbaineann sé/sí taitneamh as an scéal?
- An roghnaíonn an páiste leabhar Gaeilge go fonnmhar?
- An bhfuil an páiste in ann scríobh go simplí ag leibhéal a oireann dá (h)aois?
- An ndéanann an páiste féincheartú nuair a úsáideann sé/sí míleid?

Agus obair i ngrúpaí nó i mbeirteanna ar siúl bíonn an múinteoir mar chomhairleoir, ag tabhairt na hearráidí nó na deacrachtaí a bhíonn ag na páistí faoi deara. Bunaíonn sé/sí na cuspóirí don chéad cheacht eile ar an diagnóis a rinneadh de bharr an dírbhreathnaithe, seachas cur isteach ar líofacht na bpáistí ag an am. Is féidir torthaí an mheasúnaithe seo a chlárú go neamhfhoirmiúil, agus cabhraíonn sé le measúnú suimitheach agus le próifíl an pháiste a chur le chéile.

Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir

Is féidir leis an múinteoir trialacha agus tascanna éagsúla a úsáid chun cumais na bpáistí a mheasúnú. Buntáiste a bhaineann leis na trialacha a chumann an múinteoir ná go mbeidh siad oiriúnach ó thaobh an chur chuige atá in úsáid go coitianta sa cheacht Gaeilge. Beidh tús áite ag tascanna idirghníomhacha sna ceachtanna Gaeilge, agus mar sin ba chóir go mbeadh an idirghníomhaíocht chun tosaigh sna trialacha. San iomlán ba chóir go mbeadh an measúnú ag teacht le haidhmeanna agus le cuspóirí ginearálta an churaclaim, le polasaí na scoile agus le cuspóirí an chláir theagaisc.

Ba cheart tascanna ilchineálacha a chumadh a dhéanfaidh cumas tuisceana agus cumarsáide an pháiste a mheasúnú i gceithre shnáithe an churaclaim. Orthu sin beidh

- leanúint treoracha chun gníomh a dhéanamh, mar shampla ‘deir Ó Grádaigh’
- leanúint treoracha chun ceard a dhéanamh nó chun páipéar a fhilleadh
- cluichí agus tascanna éisteachta mar *bingo*, críochnaigh an pictiúr agus tarraing an pictiúr

- freagra a thabhairt ar éisteacht le scéal, dán, nó amhrán ó bhéal nó taifeadta
- gníomhaíochtaí ina gcomhlíonfaidh an páiste na feidhmeanna teanga, mar shampla caidreamh sóisialta a dhéanamh agus soiléiriú a lorg
- cluichí cumarsáide mar ‘Aimsigh na difríochtaí’ agus ‘Cé mhéad?’ chun eolas a fháil agus a roinnt agus chun ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- cluichí struchtúrtha mar chluiche ‘Kim’, ‘Cá bhfuil sé?’ ‘Cá bhfuil tú ag dul?’ agus ‘Fiche ceist’
- rólghlacadh agus drámaíocht chruthaitheach sa rang
- scéal a thuar ón teideal nó scéal a chríochnú
- scileanna treoshuímh clé–deas agus ó bharr go bun an leathanaigh
- cluichí le cártaí meaitseála
- aithint na bhfocal nua mar aonad, tógáil agus briseadh focal
- úsáid leideanna ón gcomhthéacs, ón morfeolaíocht agus ón gcomhréir
- taifeadadh de scéal a leanúint sa leabhar
- ardsbileanna na léitheoireachta a úsáid chun brí a bhaint as téacs a roghnaíonn an páiste
- cleachtaí peannaireachta mar scrábadh, leanúint patrún, tarraingt pictiúr
- cóipeáil
- forlíonadh abairtí agus alt
- cártaí poist, nótaí agus dialanna
- scéalta in ord, tuairiscí agus aistí gearra.

Bailiúchán d’obair agus de thionscadail an pháiste

Má chuireann an múinteoir samplaí d’obair an pháiste i mbailiúchán ó thús deireadh na bliana beidh léiriú ann ar an dul chun cinn atá á dhéanamh aige/aici. B’fhiú pictiúir a tharraing an páiste mar thoradh ar thuiscint teoracha béil a chur ann chomh maith le hobair láimhe agus cártaí d’ócáidí difriúla. D’fhéadfaí taifeadadh d’obair ghrúpa a léireadh cumas cumarsáide an pháiste a choimeád. Beidh scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta i gceist le cluichí boird, crosfhocail agus tóirfhocail a dhear an páiste. Athraítear na tascanna chun go mbeidh cuntas le fáil ar scileanna tuisceana agus cumarsáide an pháiste.

Má bhíonn comhoibriú i gceist le tionscadal grúpa is féidir achoimre scríofa ar léitheoireacht a rinneadh, pictiúir a bailíodh le lipéid orthu, pictiúir a tarraingíodh nó aon eolas eile atá ag teastáil chun cuspóir an tionscadail a chomhlíonadh a chur isteach sa bhailiúchán. Is féidir scileanna difriúla an ghrúpa a úsáid i dtionscadal: daoine atá in ann cóipeáil go néata, tarraingt, taifeadadh a dhéanamh, agallamh a chur ar dhaoine le ceisteanna, suirbhé a dhéanamh, ceistiúchán a líonadh nó achoimre ar an obair a scríobh. Is bealach an-mhaith é an tionscadal chun scileanna na gceithre shnáithe sa churaclam Gaeilge a chomhtháthú le chéile. B'fhéidir go mbeadh deacracht ag an múinteoir má bhíonn go leor den obair shamplach seo le coimeád. Is féidir smaoinemh ar bhealaí éagsúla chun é sin a dhéanamh, mar shampla grianghraif, fiseáin, taifeadadh, agus obair scríofa a choimeád ar dhiosca.

Próifílí curaclaim

Is féidir struchtúrú níos foirmiúla a dhéanamh ar dhírhbheathnú an mhúinteora ar an bpáiste trí úsáid a bhaint as próifílí curaclaim. Is é atá i bpróifílí curaclaim ná léiriú ar dhul chun cinn, iompar agus dearcadh an pháiste i leith foghlaim na Gaeilge. Is féidir caighdeánú a dhéanamh orthu do ranganna éagsúla agus do shnáitheanna an churaclaim Ghaeilge.

Tríd an measúnú gheobhaidh an múinteoir léargas ar chumas foghlaim teanga an pháiste, is é sin an próiseas foghlama. Tugann sé/sí faoi deara má bhíonn an páiste sásta dul sa seans sa chumarsáid nó le téacs éisteachta nó léitheoireachta, nó cé na straitéisí cúitimh a úsáideann sé/sí nuair nach bhfuil focal nó nath cainte ar eolas aige/aici (geáitsí, focal Béarla). Feictear má bhíonn sé/sí in ann tús a chur le comhrá agus é a choimeád ar siúl, nó brí a bhaint as giota léitheoireachta agus scríbhneoireachta ag leibhéal oiriúnach a dhéanamh. Trí phróifíl churaclaim gheobhaidh an múinteoir pictiúr iomlán d'ábaltacht an pháiste: pictiúr a shíneann óna c(h)umas i leith foghlaim na teanga go dtí a c(h)umas cumarsáide, is é sin toradh na hoibre sa rang.

Trialacha diagnóiseacha

Cabhraíonn trialacha diagnóiseacha leis an múinteoir laigí ar leith i bhforbairt theanga an pháiste a aithint. Má tá an páiste ar gcúl tugann an measúnú diagnóiseach cabhair don mhúinteoir an fáth a bhfuil sé/sí ar gcúl a dhéanamh amach go cruinn, is é sin má bhíonn deacrachtaí fuaimnithe, labhartha nó léitheoireachta ag páiste ag aois áirithe. Chuirfeadh réimse trialacha diagnóiseacha gairmiúla go mór le próiseas an mheasúnaithe sna scoileanna.

Trialacha caighdeánaithe

Is féidir feidhm a bhaint as dhá shaghas trialacha oibiachtúla: trialacha critéarthagartha agus trialacha normthagartha. Oireann trialacha critéarthagartha má tá an múinteoir ag iarraidh dul chun cinn an pháiste i leith cuspóirí áirithe a mheasúnú. Oireann trialacha normthagartha má tá an múinteoir ag iarraidh comparáid a dhéanamh idir an dul chun cinn atá á dhéanamh ag páiste ina rang féin leis an dul chun cinn ar an meán atá á dhéanamh ag páiste eile sa rang céanna i scoileanna eile ar fud na tíre. Chuirfeadh réimse trialacha caighdeánaithe gairmiúla go mór le próiseas an mheasúnaithe sna scoileanna.

Cothromaíocht sa chóras measúnaithe

Má bhíonn ceangal soiléir idir na cuspóirí foghlama agus an cur chuige sa rang ón tús, bíonn an múinteoir níos cinnte faoin toradh a bhfuil súil aige/aici leis. Caithfear na trialacha foirmiúla nó na tascanna neamh-foirmiúla a dháileadh ar bhealach nach dtógfaidh rómhór ón am teagaisc.

Clárú agus dáileadh eolais

Beidh measúnú fhoghlaim na Gaeilge ag teacht le polasaí measúnaithe na scoile i leith na n-ábhar uile. Beidh an t-eolas a bhaileofar úsáideach don pháiste, don mhúinteoir, do thuismitheoirí nó chaomhnóirí agus don scoil. Is mór an chabhair teicneolaíocht an eolais a úsáid chun torthaí an mheasúnaithe a chlárú agus a choimeád.

Cárta próifíle an dalta

Bailítear eolas ó mheasúnú rialta an pháiste, agus is féidir é a choimeád ar chárta próifíle an dalta. Coimrítear an t-eolas a fhaigheann an múinteoir ón dírbhreathnú ar an bpáiste agus mar thoradh ar na tascanna agus na trialacha a dhearann sé/sí féin ar an gcárta sin. Is féidir cur síos ar scileanna tuisceana agus cumarsáide an pháiste agus freisin ar a scileanna sóisialta agus conas a oibríonn sé/sí le páistí eile in obair bheirte nó le grúpa páistí i dtionscadal nó i rólghlacadh le grúpa.

Aguisín

Gluais

aiseolas	feedback
aithint	recognition
bainisteoireacht	management
béaloideas	folklore
bearna eolais	information gap, the missing information that makes communication necessary. It is used in communication exercises to establish the need for real communication.
béim	stress
brí ghinearálta	general gist
brioscáin	crisps
ceistiúchán	questionnaire
cnaguirlisí	percussion instruments
comhréir	syntax (Gaeilge, briathar ar dtús in abairt shimplí)
comhréiteach	compromise
comhtháite	integrated
comhthéacs	context
cognaíoch	cognitive
contanam	continuum
córasach	systematic
critéarthagartha	criterion-referenced
cuí (úsáid chuí)	appropriate (appropriate usage)
cúinsí	circumstances
cumarsáideach	communicative
cuspoirí	objectives
défhoghar	diphthong: /ua/, /ia/, /ai/, /au/
dibhéirseach	divergent
dílís (ábhar dílis)	authentic material: newspapers, forms, radio and television programmes
dioscúrsa	discourse
dírbhreathnú	observation
dlúth (níos dlúithe)	close (-er)
dlúthcheirnín	compact disc

dréacht	draft
earráidí	developmental errors
eiseamláirí	exponents
eispéaras (foghlama)	experience (learning)
fadhb	problem
feasacht teanga	language awareness
feidhm teanga	language function: the intended use or effect of language—for example to greet, to ask or answer a question (the exponent 'hello!' performs the function of greeting etc.)
fíricí	facts
físeán	video
foramharc	overview
forás	development
forbraíonn	develops
fogharluach na litreacha	phoneme-grapheme correspondence
forbairt	development
fuíoll-leabhair	scrapbooks
gabháil do	occupied with
gabchumas	receptive skill (éisteacht agus léitheoireacht)
ginchumas	productive skill (labhairt agus scríbhneoireacht)
giniúint	production
gné	aspect
gníomhaíocht	an activity
graiféim	grapheme, written representation of a sound
greille	grid
grinnléitheoireacht	intensive reading
iarléitheoireacht	post-reading
idirghníomhach	interactive
idirlíon	internet
insamhlaithe	imaginary
ionchur	input
leideanna	clues

léitheoireacht leathan	extensive reading
líofacht	fluency
lom (consan)	consan gan athrú (not lenited or eclipsed)
luacháil	evaluation
measúnú	assessment
míleid	miscue
morfeolaíocht	morphology; morph = smallest grammatical unit, e.g. -faidh = aimsir fháistineach, -anna = iolra
mothúcháinach	emotional
neamhfhoirmiúil	informal
oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE)	SESE (Social, environmental and scientific education)
oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS)	SPHE (Social, personal and health education)
oideas	recipe
rabhlóg	tongue-twister
réalaíche (níos)	realistic (more)
réamhchumarsáideach	pre-communicative
réamhinsint	prediction
ríomhaire(í)	computer(s)
rólghlacadh	role-playing
sainfhoclóir	specific vocabulary
sainiúil	characteristic
samhail	model
saoráid	facility
scileanna léitheoireachta	reading skills
scimeáil	surf (the internet)
scrábadh	scribbling
sealbhú teanga	language acquisition (of mother tongue usually, as opposed to formal language learning in school)
seiftiú	improvisation

séimhiú	lenition, represented by 'h'
spéisiúil	interesting
spléachadh	scanning the text for information
spraoi	play
sprioc	objective
snáithe (snáithaonad)	strand (strand unit)
straitéisí cúitimh	compensatory strategies (gestures, pointing)
straitéisí cumarsáide	communication strategies
súil thapa	skimming the text for gist
taoiléitheoireacht	silent reading
tascanna	tasks or problems posed in the second language; learners focus on the task
teagmhasach	incidental
tionscadal	project
tomhas	guess or riddle
tosca	circumstances
tráchtaireacht	commentary
treisiú	strengthen
tuairisciú	to report
tuin (chainte)	tone (of voice)

Ballraíocht an Choiste Curaclaim Ghaeilge

Ullmhaíodh an curaclam seo ag an gCoiste Curaclaim Ghaeilge a cuireadh ar bun ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirligh	Nollaig Feirtéir Proinsias Ó Brodlaigh	Cumann Múinteoirí Éireann Cumann Múinteoirí Éireann
Baill an choiste	Hazel Allen (<i>go 1992</i>) Irene Barber (<i>go 1994</i>) Br Séamus Cinsealach Teresa Curley Pádraig de Bhál Valerie Jones Helen Lane Traolach Mac Giontaigh (<i>ó 1994</i>) Liam Mac Mathúna (<i>go 1996</i>) Aodán Mac Suibhne (<i>go 1993</i>) Proinsias Mac Suibhne Réamonn Mac Uait Máire Ní Bhric Máirín Ní Bhroin Sr Bríd Ní Scolaigh (<i>ó 1994</i>) Clár Ní Thuathail Gearóid Ó Conluain (<i>go 1994</i>) Antóin Ó Dubhghaill (<i>1996</i>) Mícheál Ó Lionáird (<i>ó 1994</i>) Br Ó Murchú (<i>go 1994</i>) Dónall Ó Murchú (<i>ó 1993</i>) Pádraig Ó Néill Eoghan Ó Súilleabháin Máire Roycroft Deirdre Uí Ghrádaigh Sr Rosario Waldron (<i>go 1993</i>)	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann Cumann Múinteoirí Éireann Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais Cumann Múinteoirí Éireann Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse Cumann Múinteoirí Éireann Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha Roinn Oideachais agus Eolaíochta Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha Cumann Múinteoirí Éireann Cumann Múinteoirí Éireann Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna Cumann Múinteoirí Éireann Roinn Oideachais agus Eolaíochta Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile Roinn Oideachais agus Eolaíochta Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha Cumann Múinteoirí Éireann Roinn Oideachais agus Eolaíochta Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna
Oifigigh oideachais	Aodán Mac Suibhne (<i>ó 1993</i>) Caoimhe Máirtín (<i>go 1994</i>) Nóirín Ní Nuadháin (<i>ó 1996</i>)	
Comhairleoirí ó ITÉ	John Harris Máire Uí Dhufaigh (<i>1993–1996</i>)	

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirleach	Tom Gilmore	
Baill an choiste	Séadhna de Blán (ó 1995)	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Liam Ó hÉigearta (ó 1996)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Dympna Glendenning (ó 1995)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Fionnuala Kilfeather (ó 1995)	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Bunbhrainse
	Éamonn MacAonghusa (go 1996)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Ath Gearóid Mac Conmara (ó 1995)	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Peadar Ó Maoláin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Síle Ní Núnáin (ó 1995)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Eugene Wall	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Comhordaitheoir	Caoimhe Máirtín (go 1995)	
Leas- phríomhfheidhmeannach	Lucy Fallon-Byrne (ó 1995)	
Príomh-fheidhmeannach	Albert Ó Ceallaigh	

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (go 1996), Dr Caroline Hussey (ó 1996)

ISBN 0-7076-6301-6



9 780707 663012



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA